Oifig an Choimisinéara Teanga

Tuarascáil faoi fho-alt 26(5) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

do Thithe an Oireachtais

maidir le

cur i bhfeidhm moltaí imscrúdaithe a rinneadh faoi fho-alt 21(f) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

An Garda Síochána

Aibreán 2021

CLÁR

CAIBIDIL 1 Cúlra

CAIBIDIL 2 Achoimre ar an Imscrúdú

CAIBIDIL 3 An Próiseas Faireacháin

CAIBIDIL 4 An Chéad Chéim Eile

AGUISÍN A Tuarascáil Imscrúdaithe

AGUISÍN B Tuarascáil Faireacháin 2019

AGUISÍN C Comhfhreagras idir Oifig an Choimisinéara Teanga agus Coimisinéir an Gharda Síochána

CAIBIDIL 1 – Cúlra

I gcomhréir le fo-alt 26(5) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, ceadaítear dom mar Choimisinéir Teanga tuarascáil a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas má mheasaim nár chuir comhlacht poiblí i ngníomh aon chuid de na moltaí i dtuarascáil ar imscrúdú a rinne mé.

Baineann an tuarascáil seo le himscrúdú a rinne m'Oifig ar an nGarda Síochána agus a tugadh chun críche i mí na Nollag 2011. Ba í an cheist a bhí le cíoradh san imscrúdú ná an raibh sárú á dhéanamh ar na dualgais reachtúla in Acht an Gharda Síochána, 2005, agus i scéim teanga an Gharda Síochána maidir le hinniúlacht chuí sa Ghaeilge a bheith ag comhaltaí den Gharda Síochána atá ar stáisiún i limistéar Gaeltachta. Tá an tuarascáil imscrúdaithe le fáil in **Aguisín A**.

Tar éis tréimhse réasúnach ama a bheith caite agus fiosruithe cuí déanta agam, tá mé tagtha ar an tuairim nach bhfuil na moltaí a rinneadh san imscrúdú sin curtha i ngníomh go sásúil ag an nGarda Síochána. Tá sé de dhualgas ormsa, mar Choimisinéir Teanga, gach beart riachtanach atá faoi réim m'údaráis a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonann comhlachtaí poiblí forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Chomh maith leis sin, tá sé d'údarás agam imscrúdú a dhéanamh chun a fháil amach ar chomhlíon comhlacht poiblí forálacha d'aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid teanga oifigiúil.

In aon chás ina n-eisítear tuarascáil imscrúdaithe, meabhraítear go bhféadfaidh páirtí san imscrúdú nó aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an imscrúdaithe sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh. Ní dhearnadh a leithéid d'achomharc i gcás an imscrúdaithe is ábhar don tuarascáil seo. Tar éis tréimhse réasúnach ama a bheith caite, is gnách le m'Oifig scrúdú a dhéanamh ar an mbealach ina gcuireann na comhlachtaí poiblí na moltaí a d'eascair as aon imscrúdú i bhfeidhm. Tríd an bpróiseas seo, tugtar deis don chomhlacht poiblí cuntas a thabhairt ar an mbealach inar cuireadh moltaí an imscrúdaithe i ngníomh.

Idir mí Eanáir 2012 agus mí an Mhárta 2021, rinne m'Oifig iniúchadh ar an mbealach ina raibh an Garda Síochána ag tabhairt faoi chur i bhfeidhm mholtaí an imscrúdaithe is ábhar don tuarascáil seo. Le linn an phróisis sin, tháinig sé chun solais nach raibh na moltaí a bhí déanta sa tuarascáil imscrúdaithe curtha i ngníomh go sásúil. Is ar an mbonn sin atá an tuarascáil seo á cur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Tá súil agam mar Choimisinéir Teanga go n-éireoidh leis an nGarda Síochána dul i ngleic leis na dúshláin atá léirithe sa tuarascáil seo maidir le heaspa géilliúlachta na heagraíochta d'fho-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochana, 2005. Beidh gach uile chomhairle agus tacaíocht ar fáil uaim féin agus ó m'Oifig faoi réir Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

CAIBIDIL 2 – Achoimre ar an Imscrúdú

Is imscrúdú thar a bheith suntasach a bhí san imscrúdú seo, a léirigh nár chomhlíon an Garda Síochána a ndualgais reachtúla teanga nuair a cuireadh comhaltaí den fhórsa ar stáisiún i gceantar Gaeltachta nach raibh inniúil go leor sa Ghaeilge chun go bhféadfaidís a ndualgais a chomhlíonadh go saoráideach sa teanga sin. Chinn an t-imscrúdú gur sáraíodh fo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána, 2005, lena gcuirtear dualgas ar Choimisinéir an Gharda Síochána, a mhéid is indéanta, a chinntiú gur comhaltaí den fhórsa atá líofa sa Ghaeilge a chuirtear ar dualgas i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta. Sáraíodh freisin gealltanas reachtúil i scéim teanga an Gharda Síochána faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla go mbeadh na cáilíochtaí riachtanacha sa Ghaeilge ag gach comhalta a chuirfí ar dualgas i stáisiúin i gceantair Ghaeltachta.

Tháinig an gearánach – ar cainteoir dúchais Gaeilge ón Ghaeltacht é agus arbh í an Ghaeilge a rogha theanga – go dtí stáisiún na nGardaí ar an Bhun Bheag/Doirí Beaga (Gaoth Dobhair), Co. Dhún na nGall thart ar mheán lae ar an 24 Samhain 2010. Cé go raibh an Garda a bhí ar dualgas ansin múinte leis, dúirt sé leis nach raibh aon Ghaeilge aige le go mbeadh ar a chumas an gnó a dhéanamh sa teanga sin. Nuair a rinne Oifig an Choimisinéara Teanga iarracht an cheist a réiteach go neamhfhoirmiúil, chuir údaráis an Gharda Síochána in iúl nach raibh ach comhalta amháin as naonúr a bhí lonnaithe ansin in ann a dhualgais a chomhlíonadh go saoráideach trí Ghaeilge. Seoladh imscrúdú foirmiúil ag an tráth sin.

Le linn an imscrúdaithe, bhí idir chumarsáid i scríbhinn agus chruinnithe idir Oifig an Choimisinéara Teanga agus lucht bainistíochta an Gharda Síochána. Nuair a tugadh le fios go raibh líon na nGardaí a raibh Gaeilge acu sa stáisiún méadaithe go dtí triúr (agus go mbeadh ceathrar ann go luath ina dhiaidh sin) cinneadh an t-imscrúdú a chur ar leataobh go sealadach i ndeireadh mhí Aibreáin 2011 le deis a thabhairt don Gharda Síochána plean a dhréachtú agus a fheidhmiú lena chinntiú go mbainfí amach an sprioc gur Gardaí ag a mbeadh líofacht chuí sa Ghaeilge a bheadh lonnaithe sa stáisiún Gaeltachta sin. Nuair a chonacthas don Choimisinéir Teanga gur beag dul chun cinn a bhí déanta ar an ábhar seo faoi dheireadh an tsamhraidh, 2011, bheartaigh sé filleadh ar an imscrúdú foirmiúil.

Idir an dá linn, bhí deacrachtaí ag an ngearánach céanna a chuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge cúpla uair sa stáisiún céanna agus ba trí idirghabháil Oifig an Choimisinéara Teanga amháin a socraíodh cruinniú idir é agus Garda le Gaeilge ansin.

Mar chuid den phróiseas imscrúdaithe, seoladh cumarsáid ó Choimisinéir Cúnta de chuid an Gharda Síochána i mí na Nollag 2011 inar dúradh go sonrach maidir le stáisiún Gardaí an Bhuna Bhig/Dhoirí Beaga:

> 'Lonnaithe sa Bhun Bheag faoi láthair tá naoi (9) comhaltaí den Garda Síochána. D'éirigh leis na comhaltaí seo pas a fháil sa scrúdú éifeachtúil béil Gaeilge a bhí le déanamh acu i rith an tréimhse traenáil sa Teampall Mór. Anuas air sin, tá tuairim is 100 Garda trasna Roinn Dhún na nGall atá tar éis iad féin a chur ar fáil feidhmiú trí mheán na Gaeilge de réir mar atá gá leis.'

Tagraíodh chomh maith do chomharthaí dátheangacha a bheith ar fáil i stáisiúin an Gharda Síochána sa Ghaeltacht chun comhairle a thabhairt go gcuirfí comhalta a bhfuil Gaeilge aige nó aici ar fáil, i gcás nach raibh líofacht ag an nGarda ar dualgas. Tagraíodh d'oiliúint bhreise sa Ghaeilge a sholáthar nuair a bheadh maoiniú ar fáil, agus an riachtanas teanga a chur san áireamh i ndáileadh Gardaí nuair a bheadh deireadh leis an lánchosc ar earcaíocht. Chonacthas don imscrúdú nár leor ar chor ar bith a raibh sa litir seo le dul i ngleic le croí na faidhbe.

Is léir go n-éilíonn an fhoráil i bhfo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána, 2005, go mbeadh líofacht ar leith sa Ghaeilge ag Gardaí atá ag plé le daoine sa Ghaeltacht ionas go mbeidís ábalta an teanga a úsáid gan deacracht ná stró agus iad ag comhlíonadh a ndualgas:

> 'Déanfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána, a mhéid is indéanta, a chinntiú go mbeidh comhaltaí den Gharda Síochána a bheidh ar stáisiún i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta inniúil go leor sa Ghaeilge chun a chumasú dóibh í a úsáid go saoráideach le linn dóibh a ndualgais a chomhall.'
> [Fo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána, 2005.]

Ní foráil úr reachtúil í seo sa mhéid is go raibh a leithéid i gceist i reachtaíocht bhunaidh an Gharda Síochána ó Acht na bliana 1924 i leith. Mura raibh an Coimisinéir chun cloí leis an dualgas seo i gcás nó i gcásanna áirithe, chaithfeadh sé a bheith ábalta a léiriú go ndearna sé iarracht cloí leis "a mhéid is indéanta", is é sin go ndearna sé iarracht ghníomhach cloí leis agus go raibh sé sin dodhéanta. Bhí foráil reachtúil teanga eile i gceist anseo freisin – an gealltanas reachtúil a bhí tugtha i bhfo-alt 3.11 de Scéim Teanga an Gharda Síochána, 2009– 2012:

> 'Beidh ag gach pearsanra a leithdháilfear ar stáisiúin i gceantair Ghaeltachta na cáilíochtaí riachtanacha sa Ghaeilge a bheith acu.'

Chonacthas don imscrúdú nár leor ar chor ar bith a mhaíomh gur "éirigh leis na comhaltaí seo pas a fháil sa scrúdú éifeachtúil béil Gaeilge a bhí le déanamh acu i rith an tréimhse traenáil sa Teampall Mór".

Bhí an scrúdú sin déanta agus an caighdeán sin bainte amach ag gach Garda den naonúr a bhí lonnaithe ar an Bhun Bheag/Doirí Beaga nuair a tháinig an gearán chun cinn den chéad uair agus admhaíodh go soiléir nach mbeadh ochtar den naonúr sin ábalta déileáil le duine den phobal trí Ghaeilge.

Ní dhearnadh aon argóint nach raibh dóthain Gardaí ag a raibh an inniúlacht riachtanach sa teanga ar fáil don Choimisinéir i measc an c.13,000 comhalta den fhórsa chun an dualgas reachtúil a chomhlíonadh go hiomlán agus go cuí. Go deimhin, dúradh i dtuairisc chuig an imscrúdú go raibh an fhoráil seo á comhlíonadh ar bhonn 100% sna stáisiúin i nGaeltacht Chonamara, mar shampla.

Fuair an t-imscrúdú mar chinneadh fíorais é sa chás seo go raibh comhaltaí den fhórsa gan an inniúlacht riachtanach sa Ghaeilge ar stáisiún i ndúiche ina raibh limistéar Gaeltachta. Cinneadh nár chinntigh Coimisinéir an Gharda Síochána a mhéid is indéanta gur Gardaí ag a raibh an inniúlacht riachtanach Ghaeilge a chuirfí ar stáisiún

ansin agus, dá bhrí sin, gur sháraigh Coimisinéir an Gharda Síochána an dualgas reachtúil a bhí leagtha air i bhfo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána, 2005. Sa bhreis air sin, ó tharla gur lonnaíodh Gardaí gan an líofacht chuí sa Ghaeilge i stáisiún an Bhuna Bhig/Dhoirí Beaga ón uair a daingníodh scéim teanga an fhórsa faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla ar an 28 Bealtaine 2009, fuair an t-imscrúdú mar chinneadh fíorais é gur sháraigh an Garda Síochána an gealltanas reachtúil i bhfo-alt 3.11 den scéim teanga sin freisin. Ní bhfuarthas aon locht pearsanta ar na Gardaí aonair a bhí curtha ar stáisiún sa dúiche atá i gceist. Ní leosan a bhaineann an sárú reachtúil ach leis na húdaráis a bhí ag feidhmiú thar ceann Choimisinéir an Gharda Síochána agus a chinn iad a lonnú ansin gan an inniúlacht riachtanach sa Ghaeilge a bheith acu.

<u>Moltaí</u>

- Go dtógfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána gach céim riachtanach anois le géilliúlacht iomlán a chinntiú don dualgas reachtúil atá daingnithe i bhfo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána, 2005; agus fo-alt 18(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003; fad is a bhaineann sé le fo-alt 3.11 de scéim teanga an Gharda Síochána, 2009-2012, maidir le comhaltaí den fhórsa a chur ar stáisiún ar an Bhun Bheag/Doirí Beaga, [Gaoth Dobhair,] Co. Dhún na nGall agus go gcinnteoidh sé gur Gardaí atá inniúil go leor sa Ghaeilge chun a chumasú dóibh í a úsáid go saoráideach le linn dóibh a ndualgais a chomhall a bheidh ar dualgas ansin feasta.
- Gan dochar don dualgas iomlán atá i gceist anseo láithreach, go mbeidh géilliúlacht iomlán do na dualgais reachtúla teanga cuí bainte amach ag Coimisinéir an Gharda Síochána a luaithe agus is féidir ar bhonn céimnithe ach, ar a dhéanaí ar fad, laistigh de thréimhse naoi mí ó dháta na tuarascála seo fad is a bhaineann sé le stáisiún Gardaí an Bhuna Bhig/Dhoirí Beaga.
- Nach mbainfí leas as cinneadh agus moltaí an imscrúdaithe seo mar leithscéal le laghdú nó maolú a dhéanamh ar sholáthar seirbhís póilíneachta cuí don limistéar atá i gceist.
- Go bhfeidhmeoidh an Garda Síochána córas tástála teanga cuí dá rogha féin (ar nós an chórais do Theastas Eorpach na Gaeilge ag Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, atá ceangailte leis an *bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha* (Comhairle na hEorpa, 2001)) chun líofacht Ghaeilge comhaltaí a mheas ag tráth go mbeifí ag beartú iad a chur ar stáisiún i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta agus nach lonnófaí ansin ach Gardaí atá inniúil go leor sa Ghaeilge chun a chumasú dóibh í a úsáid go saoráideach le linn dóibh a ndualgais a chomhall.
- Go scrúdóidh Coimisinéir an Gharda Síochána an bhfuil impleachtaí ag cinneadh agus moltaí an imscrúdaithe seo do na dúichí ar fad de chuid an Gharda Síochána ina bhfuil limistéir Ghaeltachta agus má tá, go rachfaí i ngleic leo le géilliúlacht do na dualgais reachtúla teanga a chinntiú.

CAIBIDIL 3 – An Próiseas Faireacháin

Tar éis do thréimhse réasúnach ama a bheith caite ón am a n-eisítear aon tuarascáil imscrúdaithe, scrúdaíonn m'Oifig an bealach a bhfuil an comhlacht poiblí ag tabhairt faoi fhorfheidhmiú mholtaí an imscrúdaithe. Le linn an phróisis sin, tugtar deis don chomhlacht poiblí freagra oifigiúil a chur ar fáil maidir leis na céimeanna a glacadh go dtí sin chun moltaí an imscrúdaithe a chur i ngníomh.

Cuireadh tús leis an bpróiseas faireacháin ar chur i bhfeidhm mholtaí an imscrúdaithe le linn na bliana 2012. Bhí iliomad teagmhálacha idir m'Oifig agus oifigigh shinsearacha de chuid an Gharda Síochána ón uair sin i leith, agus tá cur síos orthu sin in **Aguisín B**. Go deimhin, le linn mo thréimhse mar Choimisinéir Teanga go dtí seo bhí níos mó cumarsáide agam leis an nGarda Síochána ná le haon chomhlacht poiblí eile i gcomhthéacs cur i bhfeidhm moltaí imscrúdaithe.

Bhí cruinniú agam féin leis an gCoimisinéir Drew Harris ar an 25 Márta 2019, agus sheol mé litir chuige ar an 15 Aibreán 2019, ag tabhairt achoimre ar an gcruinniú sin agus ag leagan amach na mbeart a bhí de dhíth chun an cás seo a thabhairt chun críche. Ocht mbeart san iomlán a áiríodh sa cháipéis sin.

Cuireadh in iúl don Oifig ar an 25 Meitheamh 2019 go raibh cáipéis chuimsitheach mar fhreagra ar litir an Choimisinéara Teanga curtha faoi bhráid lucht bainistíochta an Gharda Síochána. Cuireadh nóta chuig an nGarda Síochána ar an 11 Iúil ag fiosrú cathain a bheadh an freagra againn. Eisíodh meabhrachán ar an 2 Meán Fómhair nuair nach raibh aon fhreagra faighte.

Ar an 3 Meán Fómhair 2019 tháinig admháil ag glacadh leithscéil as an moill agus ag tabhairt le fios go raibh Oifig um Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine an Gharda Síochána ar an eolas faoin bpráinn a bhain leis agus go gcuirfí an freagra ar fáil go luath maidir leis na bearta ar fad a pléadh ag an gcruinniú leis an gCoimisinéir Harris ar an 25 Márta 2019.

Eisíodh ríomhphost chuig an nGarda Síochána ar an 20 Meán Fómhair 2019 ag tabhairt le fios go raibh nach mór sé mhí caite ó bhí an cruinniú ann ar an 25 Márta 2019, agus an Oifig fós ag fanacht ar fhreagra ón nGarda Síochána ar an ábhar. Míníodh gurbh ábhar imní nár chosúil go raibh aon dul chun cinn á dhéanamh ar an ábhar seo agus go raibh machnamh á dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile ba ghá a ghlacadh sa chás in éagmais freagra críochnúil ón nGarda Síochána.

Bhí roinnt mhaith teagmhálacha idir m'Oifig agus Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána ina dhiaidh sin inar meabhraíodh nach mbeadh an dara rogha agam ach tuarascáil a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais ar an ábhar seo mura léireofaí dul chun cinn ar mholtaí an imscrúdaithe.

Tháinig freagra ón nGarda Síochána le tuairisc cothrom le dáta ar an 5 Samhain 2019. Sa litir sin cuireadh in iúl go gcuimseofaí na hoibleagáidí tábhachtacha atá ar an

nGarda Síochána chun a sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge ina chlár athraithe leanúnaigh. Dúradh freisin go raibh Plean Straitéiseach don Lucht Saothair á dhréachtú faoi láthair don tréimhse ó 2020 go 2022 agus go gcuirfí seirbhís trí Ghaeilge atá oiriúnach don fheidhm san áireamh sa Phlean Straitéiseach seo.

Tugadh le fios sa litir go gcinnteodh Rannóg Acmhainní Daonna agus Forbartha Daoine an Gharda Síochána go gcuirfí an t-éileamh ar sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge san áireamh i ngach comórtas inmheánach ardaithe céime agus cliathánach amach anseo agus go leanfaí le hoiliúnaithe a earcú a bhfuil Gaeilge acu nuair a bheidh comórtais ar siúl amach anseo.

Rinne m'Oifig scrúdú ar an tuairisc a cuireadh ar fáil, agus cuireadh i gcomparáid í leis na bearta a bhí iarrtha i mo litir dar dáta an 15 Aibreán 2019. Cé go raibh freagra tugtha ar na bearta a bhí iarrtha i mo litir, bhí an easpa gnímh soiléir. Bhí easpa sprioc-ama nó doiléireacht nó tuiscintí coinníollacha le brath i gcás fhormhór na mbeart.

Ar an 22 Samhain 2019, lorgaíodh soiléiriú ón nGarda Síochána i dtaobh líon seachas céatadán na nGardaí a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu sna stáisiúin Ghaeltachta. Eisíodh meabhrúchán ar an ábhar ar an 12 Nollaig. In ainneoin admháil a bheith faighte ar an dá ríomhphost sin, ní raibh aon fhreagra faighte faoi dheireadh mhí Aibreáin 2020.

Lorg an Oifig seo breis eolais agus soiléirithe an athuair ón nGarda Síochána ag tús mhí na Bealtaine 2020. Lorgaíomar eolas maidir le haon dul chun cinn a bhí déanta i dtaobh cúrsaí measúnaithe, arduithe céime chuig stáisiúin Ghaeltachta do chomhaltaí den Gharda Síochána, anailís ar chomhaltaí le Gaeilge agus gan Ghaeilge i stáisiúin Ghaeltachta atá ag dul ar scor, socruithe maidir le Gardaí le Gaeilge a thagann tríd an bpainéal earcaíochta agus prótacail maidir le haonaid speisialta.

Cuireadh freagra ar an tuairisc ar fáil ar an 10 Meitheamh, ach ní raibh an dul chun cinn a mbeifí ag súil leis déanta faoin tráth sin. Ba léir ón eolas a cuireadh ar fáil go raibh líon na nGardaí le Gaeilge a bhí ar dualgas i stáisiúin Ghaeltachta ardaithe ó 47 go 51 sa tréimhse ó rinneadh an t-imscrúdú. Sin ardú de cheathrar ó rinneadh moltaí an imscrúdaithe in 2011. Bhí líon na nGardaí atá ar dualgas sna stáisiúin i gceantair Ghaeltachta íslithe ó 114 go 98 sa tréimhse chéanna.

D'eisigh mé freagra ar an tuairisc sin ar an 29 Meitheamh 2020, inar thug mé le fios nár léir dom ón litir go raibh dátaí feidhme sonracha inti i dtaca le cur i bhfeidhm gnímh a chuideodh le cur i bhfeidhm mholtaí an imscrúduithe. San áireamh anseo bhí ceist an mheasúnaithe, socruithe maidir le comhaltaí a earcaítear tríd an bpainéal Gaeilge (lena n-áirítear liosta díobh siúd atá curtha ag fónamh i stáisiúin Ghaeltachta nó stáisiúin i ndúichí ina bhfuil limistéar Gaeltachta), na haonaid speisialta agus anailís ar chomhaltaí atá ag dul ar scor.

D'eisigh mé Tuarascáil Faireacháin i mí Lúnasa 2020 ina ndearna mé cur síos ar an easpa dul chun cinn a bhí déanta, agus thug mé le fios nach bhfaca mé go raibh aon rogha agam ach tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtais ar an ábhar. Lean comhfhreagras ar an ábhar idir m'Oifig agus oifigigh de chuid an Gharda

Síochána, inar cuireadh eolas breise ar fáil i dtaca leis na measúnuithe a bhí déanta agus na comhaltaí a bhí le dul ar scor.

Ar an 20 Samhain 2020, fuair mé litir ó Choimisinéir an Gharda Síochána, mar aon le roinnt cáipéisí tacaíochta, mar fhreagra ar an Tuarascáil Faireacháin. Tá cóip den chomhfhreagras sin le fáil in **Aguisín C**. Tar éis dom eolas breise a lorg, ina measc téarmaí tagartha an Ghrúpa Oibre Straitéiseach Gaeilge agus dáta feidhmithe Phlean Lucht Saothair Straitéiseach an Gharda Síochána, a bhí luaite i dtuairisc an Gharda Síochána, d'fhreagair mé an litir sin ar an 5 Feabhra 2021, agus dhearbhaigh mé don Choimisinéir go raibh fúm an tuarascáil seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

D'aithin mé sa litir sin go raibh iarrachtaí áirithe déanta ag an nGarda Síochána ó 2011 díriú ar na moltaí a d'eascair as imscrúdú na bliana céanna, imscrúdú a léirigh gur sháraigh an Garda Síochána Acht an Gharda Síochána, 2005. Ach cé go raibh bearta éagsúla tionscanta ag an nGarda Síochána ó 2011 i leith mar fhreagra ar fhionnachtana agus ar mholtaí an imscrúdaithe, is é mo thuairim mheáite í nach raibh na bearta sin le chéile géilliúil don bhundualgas reachtúil i bhfo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána, 2005, agus go háirithe mar a bhí leagtha amach sa mholadh seo a leanas den imscrúdú:

> 'Go scrúdóidh Coimisinéir an Gharda Síochána an bhfuil impleachtaí ag cinneadh agus moltaí an imscrúdaithe seo **do na dúichí ar fad de chuid an Gharda Síochána ina bhfuil limistéir Ghaeltachta agus má tá, go rachfaí i ngleic leo le géilliúlacht do na dualgais reachtúla teanga a chinntiú.**'

Mar bhunús leis an tuairim seo, dhírigh mé go sonrach ar an bhfíric gur léirigh an staidreamh i dtuairisc Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána dar dáta an 20 Samhain 2020 gur 35 comhalta as 95 comhalta den Gharda Síochána ina iomláine atá inniúil go leor sa Ghaeilge le cur ar a gcumas í a úsáid go saoráideach le linn dóibh a bheith ag comhlíonadh a ndualgas sa Ghaeltacht, sin cothrom le **37%** de na comhaltaí atá lonnaithe i stáisiúin sa Ghaeltacht.

B'ábhar suntais freisin nár tháinig aon mhéadú ar an gcéatadán sin ó aimsir an imscrúdaithe in 2011. Go deimhin, cé go raibh slat tomhais éagsúil á úsáid ag an nGarda Síochána i dtaobh inniúlacht teanga in 2020 i gcomparáid le 2012, is cosúil gur laghdú atá tagtha ar líon na gcomhaltaí atá ar dualgas sa Ghaeltacht ó 2012, tráth ar tuairiscíodh don Oifig seo go raibh 47 comhalta as 114 comhalta – sin cothrom le **41%** de na comhaltaí a bhí ar dualgas sa Ghaeltacht – ábalta an Ghaeilge a úsáid go saoráideach le linn dóibh a bheith ag comhlíonadh a gcuid dualgas sa Ghaeltacht.

Dá gcuirfí an tslat tomhais chéanna le hinniúlacht teanga a thomhas i bhfeidhm in 2020 agus a cuireadh in 2011/2012 bheadh ardú de bheagán, ó 47 go 51, ar líon na gcomhaltaí a bhí ar dualgas i Meitheamh 2020 sa Ghaeltacht agus ábalta an Ghaeilge

a úsáid go saoráideach le linn dóibh a bheith ag comhlíonadh a gcuid dualgas sa Ghaeltacht. Léiríonn ardú chomh beag sin, tar éis tréimhse chomh fada blianta, teip moltaí a fheidhmiú. Pé scéal é, chinn an t-imscrúdú seo nach raibh an tslat tomhais a bhí á feidhmiú in 2011/2012, i.e. tráth a ndearna Gardaí faoi oiliúint scrúdú cainte Gaeilge, oiriúnach chun na críche dár leagadh amach í.

Agus an staidreamh thuasluaite á scagadh ag m'Oifig i gcomhthéacs mholtaí an imscrúdaithe in 2011, tá sé an-deacair aon bhrí eile a bhaint as an staidreamh ach nach bhfuil an Garda Síochana géilliúil don bhundualgas reachtúil i bhfo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Leagadh béim sa tuairisc dar dáta an 20 Samhain 2020 freisin ar thábhacht ar leith a bheith ag baint le Plean Straitéiseach um Lucht Saothair an Gharda Síochána ar mhaithe leis an dualgas reachtúil thuasluaite a shásamh agus go ndéanfaí 'riachtanais Ghaeilge a phríomhshruthú isteach sna próisis phleanála agus earcaíochta'. Tar éis dom tuilleadh fiosruithe a dhéanamh leis an nGarda Síochána maidir le feidhmiú an Phlean Straitéisigh um Lucht Saothair, tugadh le fios dom nach raibh aon spriocdháta faoina gcuirfí an Plean Straitéiseach um Lucht Saothair i bhfeidhm.

Ba léir ón tuairisc freisin gur bearta iad an Grúpa Oibre Straitéiseach Gaeilge agus Painéal Inniúlachta na Gaeilge a raibh béim á leagan ag an nGarda Síochána orthu ar mhaithe leis an ngélliúlacht don dualgas reachtúil i bhfo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána, 2005 a chinntiú. Ba é mo thuiscint, áfach, ó fhiosruithe a rinneadh leis an nGarda Síochána, nárbh ann d'aon téarmaí tagartha don Ghrúpa Oibre Straitéiseach don Ghaeilge nuair a lorg m'Oifig iad ar an 4 Nollaig 2020 agus gur cuireadh ar fáil ina dhiaidh sin iad, ar an 5 Márta 2021.

B'ábhar suntais freisin a laghad comhaltaí atá á n-earcú tríd an Sruth Gaeilge sa Gharda Síochána agus nár earcaíodh ach triúr comhaltaí nua ón Sruth in 2019. Ina theannta sin, is léir go bhfuil 18 gcomhalta as 55 comhalta, sin **33%** de na comhaltaí a earcaíodh tríd an Sruth Gaeilge ó 2013 i leith, lonnaithe i Ranna nach bhfuil aon stáisiún Gaeltachta faoina gcúram.

Tar éis staidreamh agus faisnéis na litreach agus na tuairisce dar dáta an 20 Samhain 2020 a scrúdú, agus na cúinsí thuasluaite uile a chur san áireamh, is cosúil nach ann do Phlean Feidhmiúcháin a léiríonn cur chuige córasach tras-eagraíochtúil, laistigh den Gharda Síochána, ar mhaithe le comhlíonadh na bhforálacha atá leagtha amach i bhfo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána, 2005. Tá sé riachtanach, dar liom, go mbeadh a leithéid de Phlean Feidhmiúcháin ann, ina mbeadh spriocanna deimhneacha, táscairí feidhmíochta eagraíochtúla agus tráthchlár le dul i ngleic leis na heasnaimh shiarghabhálacha uile a sainaithníodh in imscrúdú na hOifige seo ar an nGarda Síochána in 2011 agus ó na bearta faireacháin a d'eascair ón tráth sin i leith.

I gcás aon tuarascáil imscrúdaithe a eisítear bíonn deis ag na páirtithe san imscrúdú nó aon duine eile a ndéanann na fionnachtana agus na moltaí difear dó nó di achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar phonc dlí i gcoinne mo chinnidh. Níor ghlac an Garda Síochána leis an deis sin ach ag an am céanna níor cuireadh na moltaí reachtúla ar fad a bhí déanta agam i ngníomh.

Sheol mé litir chuig an nGarda Síochána ar an 5 Feabhra 2021, á gcur ar an eolas go raibh beartaithe agam, i bhfianaise na heaspa dul chun cinn, tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas ar an ábhar. Lorgaíodh cruinniú ar m'Oifig ar an 26 Feabhra 2021, ar an mbonn go raibh céimeanna breise á nglacadh ag an nGarda Síochána chun dul i ngleic leis an easpa dul chun cinn sin.

I gcomhfhreagras le m'Oifig ar an 5 Márta 2021 chuir an Garda Síochána cuntas cothrom le dáta ar fáil maidir le bearta reatha a bhí idir lámha agus tionscnaimh úra a bhí ar na bacáin. Scríobh mé ar ais chuig Coimisinéir an Gharda Siochána ar an 2 Aibreán 2021 agus thug mé aitheantas do dhúthracht an Choimisinéara féin maidir le cur chun cinn na Gaeilge laistigh den Gharda Síochána.

Tar éis an cuntas dar dáta an 5 Márta a chíoradh go mion, ba é mo thuairim mheáite i gcónaí nach mbeadh aon ardú suntasach ar an gcohórt 37% de chomhaltaí atá ar dualgas sa Ghaeltacht agus atá ábalta an Ghaeilge a úsáid go saoráideach le linn dóibh a bheith ag comhlíonadh a gcuid dualgas sa Ghaeltacht, de thoradh na mbeart reatha agus na dtionscnamh úr seo.

Le go mbainfí amach ardú suntasach sa chohórt 37% seo theastódh treochlár soiléir lena ngabhfadh sainspriocanna agus spriocdhátaí le go bhféadfaí a dhéanamh amach cén chaoi a dtiocfadh ardú incriminteach agus intomhaiste ar an gcohórt reatha.

Tá deich mbliana caite ó aimsir an imscrúdaithe tosaigh agus ní féidir liom mar Choimisinéir Teanga glacadh leis go bhfuil an suíomh reatha géilliúil do na dualgais atá ar an nGarda Síochána faoi fho-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Is ar an mbonn sin a chinn mé an tuarascáil seo a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Aithníodh ó aimsir bhunaithe an stáit an tionchar diúltach a bhí ag oifigigh de chuid an stáit gan Ghaeilge agus a bhí ag feidhmiú sa Ghaeltacht ar lagú na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht. Rinne an chéad Choimisiún Gaeltachta tagairt shonrach don ábhar seo chomh fada siar le 1926:

> *'Ionas go dtuigfí an scéal go hiomlán, níor ghá ach beairic de chuid an Gharda Síochána ina bhfuil Gardaí ar Béarlóiri iad a shamhlú i gceartlár ceantair Ghaeltachta; nó Oifig Poist i mbaile Gaeltachta nach bhfuil Gaeilgeoir ar bith inti; nó oifigeach nach bhfuil Gaeilge aige de chuid na Roinne Talmhaíochta, nó na Roinne Custam agus Máil, ag feidhmiú as measc phobal na Gaeltachta. Is gníomhairí díreacha iad na hoifigigh seo maidir le bunú agus leathadh an Bhéarla.' (aistriúchán ón mBéarla)*
>
> *'In order fully to understand it, one has only to visualise a Garda Síochána barracks of English Speaking Gardaí in the centre of an Irish Speaking district; or a Post Office, in which no one speaks Irish, in an Irish Speaking village; or a non-Irish Speaking official of the Department of Agriculture, or of the Land Commission, or of the Customs and Excise, operating amongst an Irish Speaking population. These officials are direct agents in the spreading and establishment of English.'*
> [*Coimisiún na Gaeltachta: reports, maps and minutes of evidence*, 1926: 30]

Údar díomá, agus bonn faoi chóras riaracháin an Stáit le beagnach céad bliain, go bhfuil na breithnithe ón am sin ina n-ábhar tuarascála chuig Tithe an Oireachtais in 2021.

CAIBIDIL 4 – An Chéad Chéim Eile

Tá sé de chúram ormsa mar Choimisinéir Teanga gach beart riachtanach atá faoi réim m'údaráis a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh comhlachtaí poiblí forálacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus aon achtacháin eile a bhaineann le stadas nó úsáid na dteangacha oifigiúla. Déanaim an méid seo trí fhaireachán a dhéanamh ar chomhlachtaí poiblí, comhairle a chur ar an bpobal maidir lena gcearta faoin Acht agus comhairle a sholáthar do chomhlachtaí poiblí maidir lena n-oibleagáidí faoin Acht.

Nuair a fheictear dom go bhféadfadh faillí a bheith á déanamh ag comhlachtaí poiblí i gcomhlíonadh a ndualgas faoin Acht nó faoi fhorálacha aon achtacháin eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge, tá sé de chumhacht agam imscrúdú a thionscnamh ar an ábhar.

Bíonn fionnachtana agus moltaí ina gcuid d'aon tuarascáil a eisím i ndiaidh dom imscrúdú a thabhairt chun críche. Titeann an fhreagracht ar an gcomhlacht poiblí na moltaí sin a chur i bhfeidhm laistigh de thréimhse réasúnach ama nó laistigh d'amchlár sonrach a bhíonn leagtha síos i moltaí an imscrúdaithe. Tá sé de rogha agus de cheart ag aon pháirtí in imscrúdú faoin Acht, nó aon duine eile a ndéanann mo chuid fionnachtana agus moltaí tar éis imscrúdú den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí.

I gcás an imscrúdaithe is ábhar don tuarascáil seo, ní dhearnadh a leithéid d'achomharc.

Tar éis tréimhse réasúnach ama a bheith caite ón am ar eisíodh tuarascáil an imscrúdaithe seo, scrúdaigh m'Oifig an bealach ina raibh na moltaí éagsúla á gcur i bhfeidhm ag an nGarda Síochána. Le linn an phróisis seo, tugadh deis don chomhlacht poiblí freagra a bhreithniú i leith an bhealaigh inar cuireadh na moltaí i ngníomh. Tá cóip den fhreagra is déanaí acu sin in **Aguisín C**.

Tar éis dom an cás a athbhreithniú ina iomláine, feictear dom nach bhfuil moltaí an imscrúdaithe curtha i bhfeidhm go sásúil ag an nGarda Síochána agus nach féidir liomsa, faoi réir na gcumhachtaí atá tugtha dom, aon chéim bhreise a ghlacadh chun a chur ina luí orthu an méid sin a dhéanamh.

Is ar an mbonn sin a leagaim an tuarascáil seo faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Is ar Thithe an Oireachtais a thiteann sé anois aon chéimeanna breise a thógáil, má mheastar gur cuí sin a dhéanamh.

AGUISÍN A

Tuarascáil faoi alt 26 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003
ar

Imscrúdú faoi fho-ailt 21 (c) & 21(f) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

An Garda Síochána

IM-241B

Ábhar an Imscrúdaithe

An bhfuil An Garda Síochána ag sárú dualgais reachtúla teanga atá daingnithe i bhfo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána 2005 agus i bhfo-alt 18(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 fad is a bhaineann sé le fo-alt 3.11 de scéim teanga an Gharda Síochána i gcás comhaltaí den Gharda Síochána nach bhfuil inniúil go leor sa Ghaeilge chun gur féidir leo í a úsáid go saoráideach chun a ndualgais a chomhlíonadh a bheith lonnaithe i gceantar Gaeltachta, mar atá, an Bun Beag/Doirí Beaga, [Gaoth Dobhair], Co. Dhún na nGall.

CLÁR

CAIBIDIL 1 – Cúlra agus Seoladh an Imscrúdaithe **Lch 3**

CAIBIDIL 2 – Freagra an Gharda Síochána **Lch 7**

CAIBIDIL 3 – Osradharc ar an Imscrúdú **Lch 14**

CAIBIDIL 4 – Fionnachtana agus Moltaí **Lch 22**

CAIBIDIL 5 – Achomhairc chuig an Ard-Chúirt **Lch 24**

CAIBIDIL 6 – Tuairimí á Lorg **Lch 25**

AGUISÍN A

AGUISÍN B

AGUISÍN C

AGUISÍN D

AGUISÍN E

AGUISÍN F

AGUISÍN G

CAIBIDIL 1

Cúlra agus Seoladh an Imscrúdaithe

Rinne ball den phobal, ar cainteoir dúchais Gaeilge ón Ghaeltacht é agus arbh í an Ghaeilge a rogha theanga, gearán leis an Oifig seo gur Garda gan Gaeilge a bhí roimhe nuair a thriall sé gnó a dhéanamh trí mheán na teanga sin ag Stáisiún na nGardaí ar an Eastáit Tionsclaíochta, sna Doirí Beaga, Gaoth Dobhair i nGaeltacht Dhún na nGall ar an 24 Samhain 2010.

Tháinig an gearánach go dtí stáisiún na nGardaí i gceartlár na Gaeltachta ansin thart ar mheánlae ar an 24 Samhain 2010. Cé go raibh an Garda a bhí ar dualgas ansin múinte leis, dúirt sé leis nach raibh aon Ghaeilge aige le go mbeadh sé ar a chumas an gnó a dhéanamh sa teanga sin.

Nuair a rinne m'Oifig iarracht an cheist seo a réiteach trí chóras neamhfhoirmiúil réitithe gearáin na hOifige seo, níor éirigh leis na hiarrachtaí sin. Cuireadh in iúl do m'Oifig, de thoradh na bhfiosruithe sin, nach raibh ach comhalta amháin as naonúr atá lonnaithe i Stáisiún an Bhun Bhig/Doirí Beaga [Gaoth Dobhair] in ann cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge go dtí caighdeán a chuirfeadh ar a gcumas déileáil le cuairteoirí chun an stáisiúin, agus níor cuireadh aon mholtaí sonracha chun cinn a chinnteodh go mbeadh leigheas ar an scéal.

Dá mba fhíor go raibh Gardaí gan Gaeilge curtha ar dualgas sa limistéar Gaeltachta sin d'fhéadfadh ceisteanna a bheith ann faoi chomhlíonadh na ndualgas atá leagtha ar Choimisinéir an Gharda Síochána de réir fo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána, mar atá:

> "Déanfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána, a mhéid is indéanta, a chinntiú go mbeidh comhaltaí den Gharda Síochána a bheidh ar stáisiún i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta inniúil go leor sa Ghaeilge chun a chumasú dóibh í a úsáid go saoráideach le linn dóibh a ndualgais a chomhall."

Sa bhreis ar sin, bheadh ceist ann maidir le cur i bhfeidhm ina iomláine scéim teanga an Gharda Síochána faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, a tháinig i bhfeidhm ar 28 Bealtaine 2009. Is mar seo a leanas atá an fhoráil cuí d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003:

> *Alt 18.-(1) I gcás ina ndaingneoidh an tAire scéim faoin Acht seo, rachaidh an comhlacht poiblí ar aghaidh leis an scéim a chur i gcrích.*

Tá sé daingnithe sa scéim teanga gurb é beartas reatha an Gharda Síochána ardchaighdeán sa Ghaeilge labhartha a chinntiú i gcás comhaltaí atá ag fónamh i gceantar Gaeltachta, agus go mbeidh "*ag gach pearsanra a leithdháilfear ar stáisiúin i gceantair Ghaeltachta na cáilíochtaí riachtanacha sa Ghaeilge, a bheith acu"* (alt 3.11 den scéim). Dearbhaítear fosta sa scéim teanga go n-aithníonn an fórsa ceart gach saoránach a c(h)uid gnó a dhéanamh i nGaeilge agus go bhfuil sé tiomnaithe do chur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla ina iomláine.

Sheol mé an t-imscrúdú seo ar an 18 Feabhra 2011 de réir an nóis imeachta atá leagtha amach chuige seo in Acht na dTeangacha Oifigiúla. Go bunúsach, theastaigh uaim de thoradh an imscrúdaithe a bheith ábalta cinneadh a dhéanamh an raibh sárú á dhéanamh ar na dualgais reachtúla maidir le hinniúlacht chuí sa Ghaeilge a bheith ag comhaltaí den Gharda Síochána atá ar stáisiún sa limistéar Gaeltachta atá i gceist.

Leagtar amach go reachtúil in ailt 23-29 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla an córas le himscrúduithe a sheoladh. Ba é an nós imeachta a bheartaigh mé don chéad chéim den imscrúdú ná litir a sheoladh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána ag lorg eolais ar leith, freagraí ar cheisteanna ar leith chomh maith le haon fhaisnéis, taifid nó rud den sórt sin a bhain le hábhar an imscrúdaithe.

D'iarr mé go gcuirfí an t-eolas cuí sin ar fáil faoin 11 Márta 2011 agus thairg mé deis ar shoiléiriú ar aon ghné de riaradh an imscrúdaithe trí theagmháil le m'Oifig. D'aontaigh mé le hiarratas ón nGarda Síochána síneadh ama a thabhairt lena bhfreagra a ullmhú.

I litir dar dáta an 31 Márta 2011 sheol An Garda Síochána cuntas i scríbhinn chugam mar fhreagra ar na ceisteanna a bhí tarraingthe anuas san imscrúdú seo. Tá an comhfhreagras sin mar **AGUISÍN A** leis an tuarascáil seo. D'iarr mé soiléiriú breise ar cheisteanna a d'eascair as an chumarsáid sin.

Ar iarratas ón nGarda Síochána eagraíodh cruinniú ar an 12 Aibreáin 2011 idir m'Oifig agus baill shinsearacha den fhórsa, san áireamh, Coimisinéir Cúnta agus Ard-Cheannfort de chuid an Gharda Síochána. Pléadh na dualgais reachtúla teanga atá ar an nGarda Síochána agus na deacrachtaí a bhí le sárú ag an eagraíocht le géilliúlacht do na dualgais sin a chinntiú.

I litir den 28 Aibreán, thug an Garda Síochána le fios go raibh céimeanna á nglacadh le cinntiú go mbeifí ag cloí leis na dualgais reachtúla teanga sa chás seo. Dearbhaíodh go mbeadh ceathrar comhalta den Gharda Síochána le líofacht i nGaeilge ar dualgas i Stáisiún an Bhun Bhig/Doirí Beaga go luath ina dhiaidh sin. Tá an chomhfhreagras sin ag **AGUISÍN B** leis an tuarascáil seo.

Bheartaigh mé ag an tráth sin an t-imscrúdú a chur ar leataobh go sealadach le deis a thabhairt don Gharda Síochána plean a ullmhú a chinnteodh go mbeadh na comhaltaí a bheadh lonnaithe ansin i Stáisiún an Bhun Bhig/Doirí Beaga inniúil go leor sa Ghaeilge chun a chumasú dóibh í a úsáid go saoráideach le linn dóibh a ndualgais a chomhall.

Mhol mé go bhfillfidh ar an ábhar faoi dheireadh mhí Lúnasa leis an scéal a mheas arís.
Gan mhoill ina dhiaidh sin rinne an gearánach teagmháil arís liom le rá go raibh cuairt eile tugtha aige ar an stáisiún Gardaí agus arís nach raibh sé ar chumas aon duine de na comhaltaí a bhí ar fáil plé leis i nGaeilge.

Mhínigh mé don ghearánach gur tugadh le fios don imscrúdú go raibh méid áirithe comhaltaí le Gaeilge anois ar dualgas sa stáisiún. Lorg m'Oifig ainmneacha na gcomhaltaí sin lena dtabhairt don ghearánach ar an 2 Meitheamh 2011 ach thóg sé go dtí 19 Iúil 2011 don Gharda Síochána an liosta a sholáthar ar facs. Tá an chomhfhreagras sin mar **AGUISÍN C** leis an tuarascáil seo. Triúr comhalta le Gaeilge a bhí i gceist anois mar go raibh duine den cheathrar a bhí luaite cheana tar éis aistriú idir an dá linn go stáisiún eile de thoradh ar chomórtas ardú céime.

D'fhill an ghearánach orainn ag tabhairt le fios go ndearna sé iarracht amháin eile seirbhís i nGaeilge a fháil sa stáisiún ach go raibh teipthe arís air. Dúirt sé go raibh sé sásta coinne a dhéanamh chuige sin agus is trí idirghabháil na hOifige seo amháin a socraíodh an coinne sin le Garda le Gaeilge.

Idir an dá linn, bhí litir faighte ag m'Oifig ar an 3 Meitheamh ó Choimisinéir Cúnta de chuid an Garda Síochána ag tairiscint go ndéanfaí socraithe le freastal ar an ngearánach trí Ghaeilge. Tá an litir sin mar **AGUISÍN D** leis an tuarascáil seo.

Chinn údaráis an Gharda Síochána faoin am seo freagracht as riaradh polasaí Gaeilge na h-eagraíochtaí agus an t-idir-chaidreamh linne a aistriú ó Bhaile Átha Cliath go dtí an Coimisinéir Cúnta d'Iarthair na hÉireann atá lonnaithe i nGaillimh. Chuir an t-athrú sin roinnt moille ar chúrsaí.

Chas an Coimisinéir Cúnta sin agus ionadaithe eile ón Gharda Síochána liom ar an 20 Meán Fómhair 2011. Pléadh dualgais reachtúla teanga na nGardaí go ginearálta, san áireamh an t-imscrúdú. Aontaíodh go gcuirfeadh an Garda Síochána tuairisc i scríbhinn ar fáil maidir leis an dul chun cinn a bhí déanta i gcás Stáisiún an Bhun Bhig/Doirí Beaga agus na céimeanna a bhí á nglacadh leis an cheist a réiteach.

Ar an 28 Deireadh Fómhair, fuair an t-imscrúdú litir ón gCoimisinéir Cúnta, atá mar **AGUISÍN E** leis an tuarascáil seo, ag iarraidh eolais faoi stádas an ghearáin agus ag fiosrú an raibh aon eolas bhreise de dhíth maidir leis an chás. Freagraíodh an litir sin ar an lá céanna, ag tabhairt le fios go beacht cén t-eolas a bhí de dhíth.

Ar an 16 Samhain 2011, toisc nach raibh aon eolas breise faighte, cuireadh in iúl don Gharda Síochána ó bhéal go raibh cinneadh déanta agam an t-imscrúdú á thabhairt go ceann scríbe agus tuarascáil críochnúil a eisiúint ina leith gan mhoill. Glacadh leithscéal as an mhoill eolas a sholáthar agus iarradh i litir dar dáta 21 Samhain 2011 ón nGarda Síochána (atá mar **AGUISIN F** leis an tuarascáil seo) síneadh ama go dtí 14 Nollaig 2011 le tuairisc bhreise a sholáthar don imscrúdú. Ar an dáta sin, fuair an t-imscrúdú tuairisc scríofa ón nGarda Síochána, atá mar **AGUISÍN G** leis an tuarascáil seo.

Tá dualgas orm mar Choimisinéir Teanga in aon chás ina sheolaim imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a chur faoi bhráid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus i gcás ina ndéantar gearán liom, faoi bhráid an ghearánaigh, maidir le fionnachtana an imscrúdaithe agus féadaim aon mholtaí is cuí ag féachaint don imscrúdú a áireamh sa tuarascáil. Tugadh aird chuí agus rinneadh meá cúramach ar a raibh le rá ag an nGarda Síochána le linn an imscrúduithe in ullmhú leagan críochnaitheach na tuarascála seo.

CAIBIDIL 2

Freagra an Gharda Síochána

I litir dar dáta 31 Márta 2011, thug An Garda Síochána léargas cuimsitheach don imscrúdú ar a sheasamh i leith an ábhair. Tá an tuairisc sin ar fáil mar **AGUISÍN A** leis an tuarascáil seo.

Thug an Gharda Síochána le fios sa bhfreagra seo nár ghlacadar leis go raibh fo-alt 33(2) á shárú sa chás seo, mar go raibh an choinníoll '*a mhéid is indéanta*' mar chuid den bhfo-alt sin. Thugadar le fios go raibh beartas chun comhaltaí le Gaeilge a leithdháileadh ar cheantair Ghaeltachta i bhfeidhm le blianta fada roimh d'Acht an Gharda Síochána 2005.

Cuireadh an t-imscrúdú ar an eolas faoi "bheartais eagraíochtúil" a bhfuil impleachtaí acu do leithdháileadh comhaltaí, agus tá na beartais seo le feiceáil ar leathanach 2 d'**AGUISÍN A** leis an imscrúdú seo.

Níor ghlac an Garda Síochána leis go raibh sárú ach an oiread ar an dualgas teanga ar an ábhar seo atá leagtha síos i scéim teanga an Gharda Síochána nuair a gealltar: "*beidh gach comhalta a leithdháilfear ar stáisiúin sa Ghaeltacht cuicháilithe sa Ghaeilge."*

Tugadh le fios don imscrúdú nach mór do "*gach comhalta dianchlár oiliúna Gaeilge a chríochnú i gColáiste an Gharda, clár a chuimsíonn 63 uair an chloig de ranganna teagaisc Gaeilge. Ag deireadh an chláir sin ní mór do gach comhalta dul faoi scrúdú béil Gaeilge sula bhfianaítear iad isteach san eagraíocht."*

Cuireadh in iúl don imscrúdú go bhfuil an Garda Síochána tiomanta go hiomlán dá oibleagáidí faoina scéim teanga agus go raibh iarracht á dhéanamh chun cúrsaí i Stáisiún an Bhun Bhig/Doirí Beaga a fheabhsú. "*Tá comhaltaí atá inniúil sa Ghaeilge á lorg ó stáisiúin ar fud na tíre le cúpla seachtain anuas agus leithdháileadh comhalta amháin díobh sin ó shin ar pháirtí stáisiúin Stáisiún Garda an Bhuna Bhig. Tá an dara comhalta atá inniúil sa Ghaeilge á aistriú go Stáisiún an Bhuna Bhig i láthair na huaire. Dá bhrí sin tá triúir cainteoir Gaeilge i Stáisiún an Bhuna Bhig i láthair na huaire agus ní fada go mbeidh an ceathrú cainteoir Gaeilge ann. Ní mór don Gharda Síochána na hacmhainní atá ar fáil a athlonnú laistigh den eagraíocht ar aon dul le héilimh phóilíneachta ar fud an Stáit"* a dúradh.

Tugadh le fios don imscrúdú go bhfuil *"teorainn le líon na gcainteoirí Gaeilge a fhéachann le dul chuig stáisiúin i nGaeltacht Dhún na nGall agus is é chéad dualgas na heagraíochta seirbhís phóilíneachta a chur ar fáil don phobal."*

Cuireadh in iúl don imscrúdú go dtabharfaí léargas níos faide anonn sa litir ar an mbealach ina raibh sé ar intinn ag an nGarda Síochána líon na gcomhaltaí le inniúlacht sa Ghaeilge a mhéadú i Stáisiún an Bhun Bhig/Doirí Beaga agus i stáisiúin eile Gaeltachta.
Dearbhaíodh don imscrúdú go raibh an leibhéal riachtanach inniúlachta sa Ghaeilge ag 100% de na comhaltaí i stáisiúin i nGaeltacht na Gaillimhe, agus dúradh gur olc nach ionann an chás i Stáisiún an Bhun Bhig/Doirí Beaga.

Dearbhaíodh chomh maith go raibh 11 comhalta lonnaithe i Stáisiún an Bhun Bhig/Doirí Beaga agus tugadh na dátaí ar a thosaigh gach comhalta acu ar dhualgas sa stáisiúin – idir Lúnasa 2003 agus Márta 2011.

Cuireadh in iúl go raibh an leibhéal riachtanach inniúlachta ag beirt den ceathrar a leithdháileadh ar an stáisiún ó lasmuigh den Roinn ó thús na scéime teanga. Tugadh le fios cé gur leithdháileadh triúir eile ar an stáisiúin le linn na tréimhse sin go raibh "*na comhaltaí sin bunaithe sa réigiúin Gaeltachta sin cheana féin agus aistríodh iad laistigh den cheantar de réir riachtanais phóilíneachta na heagraíochta".*

Dúradh go raibh comhalta eile a bhí inniúil sa Ghaeilge á aistriú chuig an stáisiún ag an am sin agus go mbeadh ceathrar cainteoir Gaeilge sa stáisiún tar éis don comhalta sin a bheith aistrithe ann.

Maidir leis an mbealach ina raibh sé ar intinn ag an nGarda Síochána líon na gcomhaltaí a bheadh inniúil go leor sa Ghaeilge a mhéadú sa stáisiún agus i stáisiúin eile Gaeltachta, bhí an méid seo le rá:

"Tá dhá chúrsa Gaeilge á reáchtáil ag an eagraíocht ar bhonn píolótach i láthair na huaire chun scileanna Gaeilge na gcomhaltaí a fheabhsú. Tá ceann amháin de na cúrsaí seo dírithe go sonrach ar chomhaltaí atá lonnaithe i gceantair Gaeltachta. Tá an cúrsa píolótach sin ar siúl i nGaeltacht na Gaillimhe chun curaclam an chúrsa a thástáil. Clár dhá sheachtain déag atá sa chúrsa, agus ranganna seachtainiúla atá i gceist. A luaithe a bheidh an clár píolótach tugtha chun críche go rathúil breithneofar ar chóir an cúrsa sin a sholáthar ar bhonn náisiúnta ag tosú i nGaeltacht Dhún na nGall."

"Tá an Garda Síochána lánchinnte go gcabhróidh an cúrsa seo le comhaltaí atá lonnaithe cheana féin i gceantair Ghaeltachta an leibhéal riachtanach inniúlachta a bhaint amach chun gur féidir leo a gcuid dualgas a dhéanamh trí Ghaeilge.

Cúrsa lae amháin is ea an dara clár oiliúna agus is i lár Bhaile Átha Cliath atá an clár píolótach á reáchtáil. Cuirfidh sé ábhar ar fáil do chomhaltaí ar mian leo snas a chur ar a gcuid Gaeilge.

Ag an gcruinniú a reáchtáladh i m'Oifig ar an 12 Aibreáin 2011 ar iarratas ón nGarda Síochána, thug an Coimisinéir Cúnta de chuid an Garda Síochána cur síos ar na deacrachtaí a bhí ann i dtaca le dáileadh comhaltaí de bharr an titim ar líon na gcomhaltaí agus fadhbanna daonna maidir le clann a bhogadh ó cheantar go ceantar. Dhearbhaigh sé go raibh marc 80% nó níos mó sa Ghaeilge de dhíth le go gcuirfí duine ar dhualgas i gceantar Gaeltachta, ach nach bhféadfaí comhaltaí a leithdháileadh ar a gceantair dúchais, agus dá bhrí sin nach bhféadfaí comhaltaí den Gharda Síochána ar chainteoirí dúchais iad as Gaoth Dobhair a chur ar dualgas sa cheantar. Thug sé le fios, áfach, go bhféadfaí an cheist a réiteach thar tréimhse ama.

Pléadh chomh maith an choimhlint idir dualgais teanga a bhí daingnithe faoi scéim teanga an Gharda Síochána agus dualgais faoi Acht an Gharda Síochána, 2005.

I bhfianaise an phlé a bhí déanta thug mé le tuiscint go bhféadfainn an t-imscrúdú a chur ar leataobh go sealadach fad is bhí plean á chur le chéile a chinnteodh go mbeadh na comhaltaí sin den Gharda Síochána a bheadh ar stáisiún ar an Bhun Beag/Doirí Beaga inniúil go leor sa Ghaeilge chun a chumasú dóibh í a úsáid go saoráideach le linn dóibh a ndualgais a chomhall.

Sa litir a gealladh de thoradh na cruinnithe sin, atá mar **AGUISÍN B** leis an tuarascáil seo, dhearbhaigh Coimisinéir Cúnta an Garda Síochána athuair tiomantas an Gharda Síochána don Ghaeilge agus léirigh sé imní go dtiocfadh ball don phobal chomh fada le stáisiún Ghaeltachta

de chuid an Garda Síochána agus nach bhfaighidís an cineál seirbhíse a bhí uathu. Thug an Choimisinéir Cúnta soiléiriú ar an treoirchlár Ghaeilge a bhí á reáchtáil do Ghardaí atá lonnaithe i stáisiúin Gaeltachta.

Dheimhnigh an Coimisinéir Cúnta an méid atá sa treoir inmheánach i dtaca le ceapacháin a dhéanamh do stáisiúin Gaeltachta agus dúirt "*Dearbhaím duit go bhféachtar ar an riachtanas mar riachtanas fíorthábhachtach nuair a bhíonn gardaí á imlonnú ar stáisiún ar bith sa Ghaeltacht. I gcásanna nuair nach mbíonn go leor gardaí inniúla ar fáil imlonnaítear gardaí a fuair céatadáin níos ísle ná sin chun an póilíniú riachtanach a chur ar fáil. Tá sé sin faoi athbhreithniú an t-am ar fad agus táim aireach ar an gcomhrá a bhí againn. Roimhe seo, tá béim leagtha agam, leis, ar an ngá atá le beannú do dhaoine i nGaeilge, nuair is féidir, nuair a bhítear ag obair i gceantair Ghaeltachta. Léiriú is ea an sampla a thug tú de bheith ag déileáil le daoine óga ag seicphointí agus i gcásanna eile ina mbíonn ról údarásach ag gardaí ar fud na réigiún Gaeltachta."*

Thug an Coimisinéir Cúnta le fios gurb é a bhí ón nGarda Síochána ná géilleadh go hiomlán do na riachtanais reachtúla agus iad a shárú, "*toisc go n-aithníonn an Garda Síochána tábhacht na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh."* Thug sé le fios go raibh sé i measc na ngealltanas eile a thug an Coimisinéir maidir leis an nGaeilge "*go leanfadh an Garda Síochána air ag lorg iarratasóirí oiriúnacha do Stáisiún an Bhuna Bhig.*"

Dhearbhaigh an Coimisinéir Cúnta go labhródh sé le bainistíocht an Gharda i gceantair Ghaeltachta le bheith cinnte go dtuigfidís tábhacht an ábhair, agus dúirt sé go raibh súil aige go mbainfí "*an tseirbhís feabhsaithe amach ag comhcheangail na hoiliúna atá beartaithe, roghnóireacht foirne i gcomhar le bainistíocht áitiúil."*

Dhearbhaigh an Coimisinéir Cúnta athuair i litir den 2 Meitheamh tiomantas an Garda Síochána do na forálacha reachtúla maidir le húsáid na Gaeilge. Tá an litir sin mar **AGUISÍN D** leis an tuarascáil seo. Léirigh sé imní athuair nár cuireadh seirbhís cuí ar fáil don ghearánach agus thairg sé go mbuailfeadh duine leis ag am a d'oirfeadh leis an tsaincheist gnó a thug air cuairt a thabhairt ar an stáisiún a réiteach trí mheán na Gaeilge.

Ar an 19 Iúil, de thoradh ar theagmhálacha ó m'Oifig ag cur in iúl go raibh an gearánach tar éis cuairt eile a thabhairt ar an stáisiún i dtús an Mheithimh agus gur theip air seirbhís i nGaeilge a fháil athuair, fuair an t-imscrúdú litir ar facs ón nGarda Síochána, atá mar **AGUISÍN C** leis an imscrúdú seo.

Thug an Coimisinéir Cúnta le fios go raibh "*gach comhalta den Gharda Síochána atá lonnaithe i Stáisiún an Bhun Bhig/na nDoirí Beaga tar éis pas a fháil sa tástáil Éifeachtúlachta Béil Gaeilge a rinneadh istigh i gColáiste an Gharda Síochána."* Cuireadh in iúl go raibh triúir comhaltaí tar éis 70% nó os a chionn a ghnóthú sa scrúdú sin ach gur éirigh leis an gceathrú comhalta a raibh marc sa bhreis ar 70% i gcomórtas don phost mar Oifigeach Idirchaidrimh d'Ógchiontóirí agus go raibh sé anois lonnaithe i Leitir Ceannainn.

Dúradh go raibh comhalta amháin eile go raibh an 70% nó os a chionn gnóthaithe aici ach nach bhféadfaí í a lonnú sa stáisiún de bharr chomh gar is atá an stáisiún dá h-áit dúchais.

Tagraíodh arís don chúrsa Gaeilge a bhí á bheartú agus tugadh ainmneacha an triúir Garda a bhí lonnaithe sa stáisiún agus a raibh céatadán níos mó ná 70% bainte amach acu sa scrúdú béil Gaeilge.

Dearbhaíodh go gcuirfí cuntas i scríbhinn ar fáil i ndeireadh mhí Lúnasa agus moladh go mbeadh cruinniú eile ann i lár mhí Mheán Fómhair. Tugadh le fios go raibh freagracht i leith gearáin faoi shárú ar fhorálacha reachtúla teanga á aistriú ó Cheannáras an Gharda Síochána i mBaile Átha Cliath go dtí oifig an Choimisinéara Cúnta do Réigiúin an Iarthair, atá lonnaithe i nGaillimh.

Ar an 26 Iúil, rinne an gearánach teagmháil le m'Oifig agus chuir sé in iúl go ndeachaigh sé ar ais arís chuig Stáisiún an Bhun Bhig/Doirí Beaga ach nach raibh sé in ann seirbhís a fháil trí Ghaeilge arís. Is trí idirbheartaíocht na hOifige seo amháin a socraíodh coinne do chruinniú idir an gearánach agus Garda le Gaeilge sa stáisiún sin.

Rinne m'Oifig teagmháil leis an nGarda Síochána ar bhonn rialta ó thús Mheán Fómhair ag lorg cóip den tuairisc a bhí geallta. Cé nár cuireadh aon tuairisc scríofa ar fáil, socraíodh cruinniú a reáchtáil ar 20 Meán Fómhair. D'fhreastal an Coimisinéir Cúnta do Réigiúin an Iarthair agus oifigigh eile ar an gcruinniú sin i m'Oifig.

Tugadh soiléiriú don chruinniú ar ábhar an imscrúduithe agus dearbhaíodh go raibh an t-imscrúdú curtha ar leataobh go dtí sin le deis a thabhairt don Gharda Síochána plean a chur le chéile a chinnteodh go mbeadh an eagraíocht géilliúil don reachtaíocht laistigh d'achar réasúnta ama. Míníodh don chruinniú gurb é a bhí de dhíth ná tiomantas leis an cheist a réiteach, nach gceapfaí comhaltaí gan an inniúlacht chuí Gaeilge chuig an stáisiún san idirlín agus plean a thabharfadh léiriú diongbháilte go réiteofaí an scéal in iomláine.

Ar an 28 Deireadh Fómhair, fuair m'Oifig litir ón gCoimisinéir Cúnta, atá mar **AGUISÍN E** leis an tuarascáil seo, ag lorg deimhniú maidir le stádas an ghearáin agus ag fiafraí cén t-eolas breise a bhí ag teastáil ón nGarda Síochána. Sheol m'Oifig freagra láithreach, ag tabhairt le fios gurb é a bhí ón imscrúdú ná tuairisc ón nGarda Síochána ar an dul chun cinn a bhí déanta ón 12 Aibreáin, dáta an chéad cruinnithe agus aon phlean, dá mba ann dó, le géilliúlacht an Gharda Síochána do na forálacha reachtúla teanga a chinntiú i gcás Stáisiún an Bhun Bhig/Doirí Beaga.

Tháinig litir eile ón nGarda Síochána, atá mar **AGUISÍN F** leis an tuarascáil seo, ar an 21 Samhain 2011**.** Sa litir seo, chuir an Coimisinéir Cúnta in iúl go raibh sé i dteagmháil ar bhonn leanúnach leis an gCoimisinéir Cúnta, Bainistíocht Acmhainní Daonna faoin dul chun cinn a bhí déanta maidir le comhlíonadh na hoibleagáid reachtúil a bhí i gceist san imscrúdú. Dúirt an Coimisinéir Cúnta, Réigiúin an Iarthair gurbh cúis aiféala dó "*go bhfuil an caidreamh seo ag dul ar aghaidh ar bhonn leanúnach anois agus tá a fhios agam go bhfuil sé d'iachall ar An nGarda Síochána cabhrú leat an fiosrú seo a dhúnadh."*

D'iarr an Garda Síochána go gceadófaí síneadh ama go dtí an 14 Nollaig 2011 leis an méid sin a chur i gcrích.

Ina bhfreagra críochnúil den 14 Nollaig, atá mar **AGUISÍN G** leis an tuarascáil seo, bhí an méid seo le rá ag an gCoimisinéir Cúnta mar réiteach ar an chás i Stáisiún an Bhun Big/Doirí Beaga:

> *(a) "Tá gach comhalta den Gharda Síochána tar éis oiliúint a fháil sa Ghaeilge mar chuid dá gcuraclam oiliúna i gColáiste an Gharda Síochána,*

(b) Liostáiltear mionliosta de na cainteoirí líofa Gaeilge ar fad taobh istigh den Gharda Síochána (idir Ghardaí agus Sibhialtaigh) ar Thairseach an Gharda Síochána, mar eolas do gach comhalta san eagraíocht,

(c) Forordaíonn alt 33 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 go gcinnteoidh Coimisinéir an Gharda Síochána, chomh praiticiúil agus is féidir é, go mbeidh dóthain inniúlachta Gaeilge ag comhaltaí d'eagraíocht an Gharda atá lonnaithe i gceantar a fholaíonn limistéir Gaeltachta chun a ndualgais a chomhlíonadh,

(d) Ar aon dul leis an riachtanais réamhráite, rinne an Garda Síochána forbairt air agus thug siad isteach i 2009 Clár Gaeilge, 'Scéim 2009-2012' faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, chun barr feabhais a chur ar sheirbhísí reatha Gaeilge atá á soláthar ag an eagraíocht. Soláthróidh alt 11 den Acht d'ullmhú Scéim Reachtúil a shonraíonn seirbhísí den Gharda Síochána, (mar chomhlacht phoiblí),

- *Trí mheán na Gaeilge,*
- *Trí mheán an Bhéarla,*
- *Trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla.*

(e) Mar chuid de Scéim Feidhmithe na Gaeilge tá gach Oifigeach Roinne Garda tar éis Cigire a ainmniú chun feidhmiú na Gaeilge a chomhordú ar leibhéal na Roinne, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar an méid atá bainte amach i gcoinne an méid sonrach a bhí geallta a bhí leagtha síos sa scéim seo, agus a thuairisciú d'Oifigeacht Idirchaidrimh Gaeilge na Roinne.

Is é feidhm na nOifigeach Idirchaidrimh ná cuidiú le feidhmiú struchtúrtha na Scéime seo de réir mar atá ordaithe ag Coiste um Fheidhmiú Beartas na Gaeilge. Cinntíonn an Coiste um Fheidhmiú Beartas na Gaeilge go bhfuil miontuairiscí tugtha don fhoireann agus go scaiptear nuachtlitreacha taobh istigh den eagraíocht chun feasacht ar na dtiomantas atá mar chuid den scéim aontaithe a chinntiú.

(f) Tá Coiste an Gharda Síochána um Fheidhmiú na Gaeilge tar éis bualadh leis an gCeannfort sna Gleannta, Contae Dhún na nGall a bhfuil freagracht aige as Stáisiún Garda an Dhúin Bhig (sic) chun meas ar an tábhacht a bhaineann le fáil a bheith ar chainteoirí Gaeilge go huile agus go hiomlán. Tá gealltanas tugtha don Choiste go bhfuil cainteoirí Gaeilge a bhfuil inniúlacht acu ar fáil sna ceantair chun gnó a dhéanamh leis an bpobal trí mheán na Gaeilge. Tá an Cigire ainmnithe freagrach as a chinntiú go bhfuil an feasacht seo coinnithe ar fud Roinn Dhún na nGall.

(g) Tá comharthaí dátheangacha ar fáil sna stáisiúin Garda Gaeltachta chun comhairle a thabhairt go gcuirfear comhalta a bhfuil Gaeilge aige nó aici ar fáil, i gcás nach bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge ar an bpointe boise ag comhalta atá i mbun gnó.

(h) Le barr feabhais a chur ar chumas Gaeilge ghlac Gardaí páirt riamh in oiliúint Ghaelagras agus le gairid anuas bhí clár ar leith Gaeilge an Gharda Síochána tar éis a bheith déanta i Rosmuc, Contae na Gaillimhe i gcomhar le hOllscoil

na hÉireann, Gaillimh. Tá tuilleadh oiliúna Gaeilge á phíolótú i nGaeltacht na Gaillimhe agus táthar ag súil í a rolladh amach go Dún na nGall go gairid nuar a bheas maoiniú ar fáil. Scrúdóidh an Coiste modhanna eile oiliúna go huile agus go hiomlán. Tá tábhacht lárnach ag an nGaeilge agus maidir leis seo tá an riachtanais chun tuilleadh barr feabhais a chur ar oiliúint á scrúdú go huile agus go hiomlán. In aeráid eacnamaíochta reatha áfach ní foláir an riachtanas seo a bheith cothromaithe i gcoinne éilimh atá i gcomórtas leis i dtimpeallacht reatha athraithe tapaidh.

(i) Lonnaithe sa Bhun Bhig faoi láthair tá naoi comhaltaí den Garda Síochána. D'éirigh leis na comhaltaí seo pas a fháil sa scrúdú éifeachtúil béil gaeilge a bhí le déanamh acu i rith an tréimhse traenáil sa Teampall Mór. Anuas air sin, tá tuairim is 100 Garda trasna Roinn Dhún na nGall atá tar éis iad féin a chur ar fáil feidhmiú trí mheán na Gaeilge de réir mar atá gá leis.

(j) Nuair a chuirfear deireadh leis an moratorium earcaíochta agus nuair a bheas Gardaí nua promhaidh ar fáil, lonnófar iad siúd a bhfuil na scileanna is mianta acu trasna an stáit de réir riachtanais agus déanfar meas go huile agus go hiomlán ar riachtanais teanga do limistéir Gaeltachta ó thaobh sé seo de. Ní mór cuimhneamh go ndéanann Coimisinéir an Gharda Síochána iarracht Gardaí a dháileadh chun tairbhe is mó is indéanta poiblí d'fhonn soláthar na seirbhíse is fearr a chinntiú i ngach áit a fud na tíre."

Bhí mé den tuairim, ag an bpointe sin, go raibh an t-eolas cuí ar fad agam le teacht ar fhionnachtana agus ar mholtaí san imscrúdú seo.

CAIBIDIL 3

Osradharc ar an Imscrúdú

Baineann an t-imscrúdú seo le dhá fhoráil reachtúil: fo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána 2005 agus fo-alt 18(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, fad is a bhaineann sé le fo-alt 3.11 de scéim teanga an Gharda Síochána, 2009-2012.

An bhuncheist atá le freagairt ná an bhfuil sárú déanta ag Coimisinéir an Gharda Síochána ar na dualgais reachtúla sin trí chomhaltaí den Gharda Síochána nach bhfuil inniúil go leor sa Ghaeilge chun a chumasú dóibh í a úsáid go saoráideach le linn dóibh a ndualgais a chomhall a bheith ar stáisiún i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta, mar atá, Stáisiún Gardaí an Bhun Bhig/Doirí Beaga, [Gaoth Dobhair,] Co. Dhún na nGall.

Is cuid de dhúiche Gardaí na Gleannta é fo-dhúiche an Bhun Bhig/Doire Beaga i Roinn Dhún na Gall de chuid an Gharda Síochána. Aithnítear paróiste Ghaoth Dobhair ar cheann de na limistéar Gaeltachta is láidre i nDún na Gall agus sa tír.

Alt 33(2)

Tá an fhoráil in fo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána, soiléir:

> "*Déanfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána, a mhéid is indéanta, a chinntiú go mbeidh comhaltaí den Gharda Síochána a bheidh ar stáisiún i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta inniúil go leor sa Ghaeilge chun a chumasú dóibh í a úsáid go saoráideach le linn dóibh a ndualgais a chomhall.*"

Ní foráil úr reachtúil í seo sa mhéid is go raibh a leithéide i gceist i reachtaíocht bunaidh an Gharda Síochána ó Acht na bliana 1924 i leith:

> *"Na hoifigigh agus na fir a stáisiúnfar i gceanntar ina mbeidh líomatáiste ina bhfuil an Ghaedhilg i ngnáth-úsáid beidh acu, chó fada agus is féidir é, an oiread san eolais ar an nGaedhilg is a chuirfidh ar a gcumas i d'úsáid go saoráideach mar shlí chonbharsáide i gcó-líona a ndualgaisí."* [Fo-alt 6(2) Acht an Gharda Síochána 1924.]

Ar Choimisinéir an Gharda Síochána a leagtar an dualgas atá i gceist i bhfo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána 2005. Caithfidh an Coimisinéir a chinntiú, a mhéid is indéanta, gur comhaltaí den fhórsa leis an caighdeán sonraithe Gaeilge a bheidh ar stáisiún i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta.

Baineann an ceangal le 'dúiche', sé sin aonad riaracháin de chuid an Gharda Síochána ar gnáth go mbíonn Ceannfort i gceannas air agus ar cuid é de roinn de chuid an Gharda Síochána.

Is léir go n-éilíonn an fhoráil seo cumas nó líofacht ar leith sa Ghaeilge atá difriúil ón gcumas a bheadh ag an gnáth-Gharda. Caithfidh na comhaltaí sin a thagann faoi bhrí na míre seo den reachtaíocht a bheith inniúil go leor sa Ghaeilge chun a chumasú dóibh í a úsáid go saoráideach le linn dóibh a ndualgais a chomhall. Feictear dom go gciallaíonn seo go gcaithfidh líofacht sa teanga a bheith ag na comhaltaí sin más gá dóibh a bheith inniúil go leor chun a chumasú dóibh

í a úsáid go saoráideach le linn dóibh a ndualgais a chomhall. Ciallaíonn sin go mbeadh siad ábalta an teanga a úsáid gan deacracht ná stró agus iad ag comhlíonadh a ndualgas.

Ní dualgas iomlán neamhchoinníollach é seo, áfach: tá sé curtha mar theorainn leis an dualgas gur gá don Choimisinéir cloí leis '*a mhéid is indéanta'.* Mura bhfuil an Coimisinéir chun cloí leis an dualgas seo i gcás nó i gcásanna áirithe chaithfeadh sé a bheith ábalta a léiriú go ndearna sé iarracht cloí leis '*a mhéid is indéanta'.*

Feictear dom go gciallóinn sin go ndéanfadh sé iarracht ghníomhach an dualgas a chomhlíonadh ach ar chúinsí ar leith nach raibh sin indéanta, nó i bhfocail eile go raibh sé dodhéanta.

Fo-alt 3.11 de Scéim Teanga An Gharda Síochána

Tá foráil reachtúil teanga eile i gceist anseo freisin, mar atá, an gealltanas reachtúil atá tugtha in fo-alt 3.11 de Scéim Teanga An Gharda Síochána 2009-2012: *'Beidh ag gach pearsanra a leithdháilfear ar stáisiúin i gceantair Ghaeltachta na cáilíochtaí riachtanacha sa Ghaeilge'.* Tháinig an gealltanas reachtúil sin i bhfeidhm ó thús na scéime teanga ar 28 Bealtaine 2009 agus tá dualgas de réir fo-alt 18(1) d'Acht a dTeangacha Oifigiúla na gealltanais atá daingnithe i scéim teanga a chur i gcrích.

Tá foráil eile in alt 3.11 den scéim teanga a bhaineann leis an nGaeltacht nár mhiste a lua, lena chur as an áireamh:

> "*Tairgfear deis do dhaoine atá lonnaithe sna ceantair sin cheana féin na cáilíochtaí riachtanacha a fháil sa Ghaeilge."*
>
> Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh na Scéime seo. [27 Bealtaine 2012]

Tá coimhlint an-soiléir idir an fhoráil sin agus fo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána, 2005 sa mhéid is go gceadódh foráil na scéime go lonnófaí Gardaí gan an inniúlacht chuí sa Ghaeilge i limistéar Gaeltachta agus go dtabharfaí tréimhse ama go 27 Bealtaine 2012 d'údaráis an fhórsa deis a thairiscint dóibh inniúlacht sa Ghaeilge a bhaint amach. Ar ndóigh, ní chuirfeadh tairiscint na deise sin dualgas ar na comhaltaí sin den Gharda freastal ar chúrsa teanga nó go deimhin Gaeilge a fhoghlaim.

Creidim nach bhfuil amhras ar bith ann ach go bhfuil forlámhas nó ceannas ag an bhforáil i bhfo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána 2005 ar na gealltanais atá tugtha sa scéim teanga. Ní féidir le haon ghealltanas i scéim teanga leasú, maolú nó cealú a dhéanamh ar fhoráil reachtúil atá daingnithe i reachtaíocht ag an Oireachtas. Ag Tithe an Oireachtais, agus acusan amháin, atá an t-údarás leasú, maolú nó cealú a dhéanamh ar fhoráil in aon Acht.

Dá bhrí sin, níl aon chás ann go bhféadfaidh braith ar fhoráil sin na scéime mar thaca d'argóint nach mbeadh dualgas reachtúil ar Choimisinéir an Gharda Síochána a mhéid is indéanta comhaltaí den Gharda Síochána nach raibh inniúil go leor ar an Ghaeilge chun a chumasú dóibh í a úsáid go saoráideach le linn dóibh a ndualgais a chomhall a bheith ar stáisiún i ndúiche ina raibh limistéar Gaeltachta.

Fíricí

Tá na fíricí a bhaineann leis an imscrúdú seo soiléir go maith. Tháinig an gearánach – ar cainteoir dúchais Gaeilge ón Ghaeltacht é agus arbh í an Ghaeilge a rogha theanga – go dtí stáisiún na nGardaí i gceartlár na Gaeltachta ansin thart ar mheánlae ar an 24 Samhain 2010. Cé go raibh an Garda a bhí ar dualgas ansin múinte leis, dúirt sé leis nach raibh aon Ghaeilge aige le go mbeadh sé ar a chumas an gnó a dhéanamh sa teanga sin.

Nuair a rinne m'Oifig iarracht an cheist seo a réiteach trí chóras neamhfhoirmiúil réitithe gearáin na hOifige seo, chuir údaráis an Gharda Síochána in iúl nach raibh ach comhalta amháin as naonúr a bhí lonnaithe i Stáisiúin na nGardaí ansin in ann cumarsáid a dhéanamh as Gaeilge go dtí caighdeán a chuirfeadh ar a gcumas déileáil le cuairteoirí chun an stáisiúin, agus níor cuireadh aon mholtaí sonracha chun cinn a chinnteodh go mbeadh leigheas ar an scéal.

Le linn an phróisis imscrúdaithe, a bhfuil tuairisc iomlán tugtha air sa tuarascáil seo, bhí idir chumarsáid i scríbhinn agus cruinnithe éagsúla idir m'Oifig agus bainistíocht an Gharda Síochána.

Nuair a tugadh le fios don imscrúdú go raibh líon na nGardaí le Gaeilge sa stáisiún méadaithe go dtí triúir (agus go mbeadh ceathrar ann go luath ina dhiaidh sin) chinn mé an t-imscrúdú a chur ar leataobh go sealadach le deis a thabhairt don Gharda Síochána tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh agus a chinntiú go mbeadh géilliúlacht iomlán i gceist don dualgas reachtúil atá daingnithe i bhfo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána, 2005. Le linn na fionraíochta seo den imscrúdú bhí deis tugtha don Gharda Síochána plean a dhréachtú agus a fheidhmiú le cinntiú go mbainfí amach an sprioc gur Gardaí le Gaeilge a bheadh lonnaithe sa stáisiún Gaeltachta seo.

Ba léir dom ón tuairisc a tugadh dom ar 14 Nollaig 2011 nuair a d'fhilleamar ar an imscrúdú gur beag dul chun cinn a bhí déanta le géilliúlacht breise a chinntiú don dualgas reachtúil atá daingnithe i bhfo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Go sonrach maidir le stáisiún Gardaí an Bhun Bhig/Doirí Beaga bhí an méid seo le rá:

"Tá Coiste an Gharda Síochána um Fheidhmiú na Gaeilge tar éis bualadh leis an gCeannfort sna Gleannta, Contae Dhún na nGall a bhfuil freagracht aige as Stáisiún Garda an Dhúin (Bhun) Bhig chun meas ar an tábhacht a bhaineann le fáil a bheith ar chainteoirí Gaeilge go huile agus go hiomlán. Tá gealltanas tugtha don Choiste go bhfuil cainteoirí Gaeilge a bhfuil inniúlacht acu ar fáil sna ceantair chun gnó a dhéanamh leis an bpobal trí mheán na Gaeilge…."

"Lonnaithe sa Bhun Bheag faoi láthair tá naoi comhaltaí den Garda Síochána. D'éirigh leis na comhaltaí seo pas a fháil sa scrúdú éifeachtúil béil gaeilge a bhí le déanamh acu i rith an treimhse traenáil sa Teampall Mór. …"

Tugadh eolas freisin, *inter alia*, faoi chomharthaíocht i nGaeilge do stáisiúin Gaeltachta chun a rá go gcuirfear comhalta a bhfuil Gaeilge aige nó aice ar fáil i gcás nach bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge ar an bpointe boise ag comhalta atá i mbun gnó. Tugadh eolas fosta faoi chúrsaí oiliúna a bheadh ar fáil i nDún na nGall '*nuair a bheas maoiniú ar fáil'* agus faoin aird a thabharfaí ar riachtanas Gaeilge i limistéir Gaeltachta nuair a bheadh Gardaí le lonnú ansin *'nuair a bheadh deireadh leis an moratorium earcaíochta'.*

Feictear dom nach leor ar chor ar bith a bhfuil sa tuairisc seo ón Gharda Síochána le dul i ngleic le croí na faidhbe, sé sin, foireann láidir Gardaí gan Gaeilge a bheith lonnaithe i gceartlár na Gaeltachta i nGaoth Dobhair d'ainneoin na ndualgas reachtúil i bhfo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána 2005 agus fo-alt 18(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 fad is a bhaineann sé le fo-alt 3.11 de scéim teanga an Gharda Síochána, 2009-2012.

Ní leor ar chor ar bith a mhaíomh gur *'éirigh leis na comhaltaí seo pas a fháil sa scrúdú éifeachtúil béil Gaeilge a bhí le déanamh acu i rith an treimhse traenáil sa Teampall Mór'.* Seo an scrúdú céanna gur gá do gach Garda sa tír a dhéanamh le cáiliú do bhallraíocht sa bhfórsa. Bhí an scrúdú sin déanta agus an caighdeán sin bainte amach ag gach Garda den 9 a bhí lonnaithe ar an Bhun Beag/Doirí Beaga nuair a tháinig an gearán chun cinn don chéad uair agus admhaíodh go soiléir nach mbeadh 8 as an 9 sin ábalta déileáil le ball den phobal trí Ghaeilge. Is mór ar fad idir an cumas teanga sin agus an caighdeán a éilíonn fo-alt 33(2) den Acht: comhaltaí a bheith inniúil go leor sa Ghaeilge chun a chumasú dóibh í a úsáid go saoráideach le linn dóibh a ndualgais a chomhall.

Fiú Gardaí a bhain amach leibhéal marcanna 70% no 80% sa bhéalscrúdú Gaeilge agus iad ag fágáil an Ionaid Traenála ar an Teampall Mór níl aon fhaisnéis ann a léireodh gur gá go mbeadh an cumas acu an teanga sin a úsáid go saoráideach i gcomhlíonadh a ndualgais le baill den phobal i limistéar Gaeltachta blianta níos faide anonn.

Níl aon argóint déanta, agus glacaim leis nach féidir aon argóint dháiríre a dhéanamh, nach raibh dóthain Gardaí leis an inniúlacht riachtanach sa teanga ar fáil don Choimisinéir i measc an c.13,000 comhalta den fhórsa chun an dualgas reachtúil a bhain le fo-alt 33(2) den Acht a chomhlíonadh go h-iomlán agus go cuí. Go deimhin, deirtear i dtuairisc chuig an imscrúdú go raibh comhlíonadh 100% ar an fhoráil seo sna stáisiúin i nGaeltacht Chonamara, mar shampla.

Ní leigheas ar an scéal ach an oiread é tairiscint ar bhreis oiliúna i nGaeilge ag tráth éigin níos deirnigh chun an riachtanas reachtúil a chomhlíonadh.

Staid leochaileach na Gaeltachta

Tá staid reatha na Gaeilge mar theanga bheo an phobail sa Ghaeltacht faoi shíor-bhrú. Dúradh sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (2007) nach mairfeadh an teanga mar rogha-theanga an phobail níos mó na 20 bliain mura dtógfaí céimeanna ar leith.

Ní dócha go raibh stádas na teanga mar theanga pobail sa Ghaeltacht chomh leochaileach riamh agus atá sí anois. Ní féidir leis an Stát a bheith ag súil leis go mairfidh an Ghaeilge mar a rogha teanga ag an bpobal sa Ghaeltacht má leantar ag brú Béarla ar phobal na gceantar sin lena gcuid gnóthaí oifigiúla a dhéanamh.

Gach uair a dhiúltaítear an deis don phobal a dteanga dhúchais a roghnú agus iad i mbun cumarsáide leis an státchóras, is buille breise é sin do sheasamh agus d'inchreidteacht na Gaeilge mar theanga phobail.

Tá an cás níos measa fós nuair is duine nó daoine le húdarás ar leith atá i gceist agus iad ag feidhmiú thar cheann an Stáit.

Tábhacht an Gharda sa phobal

Tá tábhacht ar leith leis an nGarda Síochána mar dhaoine údarásach in aon phobal. Is minic go mbíonn seasamh ag baill an fhórsa i measc an phobail agus meas orthu. Géilltear d'údarás an Gharda agus bíonn sin níos suntasaí go minic, bhféidir, i bpobail tuaithe, san áireamh sna pobail Ghaeltachta.

Tá údarás reachtúil agus dlíthiúil ag an nGarda agus caithfidh an pobal géilleadh don údarás sin. Fágann sin nach gá i gcónaí go mbeadh cothromaíocht údaráis idir an Garda agus an duine lena bhfuil sé/sí ag déileáil nó go bhfuil siad ar chomhchéim nó ar chomhsheasamh.

Más gá don chainteoir dúchais Gaeilge sa Ghaeltacht géilleadh do rogha teanga an Gharda gan Gaeilge, tá míchothromaíocht breise á chothú. Más trí Bhéarla amháin is féidir an chumarsáid a dhéanamh i gcás den chineál sin tugtar teachtaireacht soiléir faoi thábhacht agus faoi stádais an Bhéarla i gcomparáid le tábhacht agus stádas na Gaeilge.

Daingnítear an t-easpa cothromaíocht teanga sin tuilleadh nuair is ag déileáil le h-ógánaigh a bhítear. Feictear an Béarla mar theanga an údaráis agus na cumhachta.

Is dócha gur chuige sin a cuireadh foráil ar leith reachtúil i reachtaíocht an Gharda Síochána chomh fada siar le 1924 le cinntiú go raibh cúram á dhéanamh do theanga an phobail sa Ghaeltacht. Athdhearbhaíodh sin chomh deirneach le 2005 le hAcht an Gharda Síochána 2005.

Bheidís ann freisin a mbeadh amhras orthu faoin éifeacht iomlán póilíneachta a bheadh ag comhaltaí d'fhórsa nach raibh príomhtheanga thromlach an phobail acu.

Sa bhreis ar sin, is léir go raibh sé mar pholasaí riamh ag an Stát, sé sin, ag gach Rialtas ó bunaíodh an Stáit, a chinntiú go dtiocfadh fás agus forbairt ar an nGaeilge sa Ghaeltacht. Níl aon chás ann gur féidir a mhaíomh go dtacódh sé nó gcabhródh sé leis an bpolasaí sin Gardaí gan Gaeilge a bheith ar dualgas i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta. Tá fianaise dá mhalairt le fáil go flúirseach.

Ceisteanna údaráis

Sa bhreis ar an tionchar a bheadh ag Gardaí gan Gaeilge ar úsáid na teanga i bpobal Gaeltachta tá ceisteanna eile a thagann chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar amhrais cé go bhfuil siad lasmuigh de scóip an imscrúdaithe seo.

Dá mbeadh Garda curtha ar stáisiún i ndúiche ar leith ach go raibh sárú reachtúil i gceist sa chinneadh an comhalta a lonnú san áit sin, cén tionchar a bheadh ag an sárú sin ar údarás oifigiúil an Gharda a dhualgais oibre a chomhall? An n-éireodh le dúshlán cúirte i dtaca le bailíocht na hoibre a bheadh idir lámha ag an nGarda nó a údarás nó a húdarás feidhmiú go dlisteanach sa dúiche a cheistiú de bharr amhras faoi chomh dhleathach agus a bhí an chinneadh an comhalta a chur ar stáisiún ansin?

Ba dona an mhaise mura mbeadh an Stát ábalta dlí na tíre a chur i bhfeidhm go cothrom de bharr faillí den chineál sin, más ann dó, nó dá n-éalódh duine ón dlí dá thoradh. Ach is ceisteanna iadsan do fhóram eile seachas don imscrúdú seo.

Géilleadh don Dlí.

Bíonn an Garda Síochána ag súil go mbeadh an pobal ag cloí leis an dlí. Agus is léir go gcaithfidh an Garda Síochána féin géilleadh don dlí fosta. San áireamh sa dlí go gcaithfidh an Garda Síochána cloí leis, tá na forálacha ábhartha atá i gceist san imscrúdú seo: fo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána 2005 agus fo-alt 18(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 fad is a bhaineann sé le fo-alt 3.11 de scéim teanga an Gharda Síochána, 2009-2012.

Meabhraítear dom an méid a bhí le rá ag Hardiman Brmh. san athbhreithniú breithiúna sa Chúirt Uachtarach in *Ó Beoláin v. Fahy* [2001] 2 I.R. 279 nuair a dúirt sé:

> *"Leagann an Stát nua-aimseartha iliomad dualgas trom ar shaoránaigh i dtaca le gnéithe éagsúla den tsaol ó ghéilliúlacht i gcúrsaí cánach go dlí pleanála. Dualgais thuirsiúla a ghlacann am agus atá costasach a chomhlíonadh cuid mhór den na dualgais seo ach is cuí é a bheith riachtanach iad a chomhlíonadh.*
>
> *Mar an gcéanna caithfidh an Stát féin a dhualgais a chomhlíonadh, go háirithe iad siúd atá cumhdaithe sa Bhunreacht agus ní féidir é a chloisteáil ag gearán ach chomh beag leis an saoránach aonair gur dualgais thuirsiúla, throma iad sin. Go háirithe, ní féidir an Stát a chloisteáil ag gearán gur de bharr nár chomhlíon sé a dhualgais le scór bliain anuas is breis atá deacracht níos mó aige na dualgais sin a chomhlíonadh anois."*

Faighim mar chinneadh fíorais é de thoradh an imscrúdaithe seo go bhfuil comhaltaí den fhórsa gan an inniúlacht riachtanach sa Ghaeilge acu ar stáisiún sa Bhun Bhig/Doirí Beaga, atá i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta. Is léir dom nár chinntigh Coimisinéir an Gharda Síochána a mhéid is indéanta gur Gardaí leis an inniúlacht riachtanach Gaeilge a chuirfí ar stáisiún ansin. Chuige sin, faighim gur sháraigh Coimisinéir an Gharda Síochána an dualgas reachtúil atá leagtha air i bhfo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána.

Sa bhreis ar sin ó tharla gur lonnaíodh cuid de na Gardaí gan an líofacht chuí Gaeilge i Stáisiún an Bhun Bhig/Doirí Beaga ón uair gur daingníodh an scéim teanga ar an 28 Bealtaine 2009 faighim freisin mar chinneadh fíorais é gur sháraigh an Garda Síochána freisin fo-alt 18(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 fad is a bhaineann sé le fo-alt 3.11 de scéim teanga an Gharda Síochána, 2009-2012.

Níl sé soiléir dom go bhfuil córas foirfe ag an nGarda Síochána le cumas teanga comhaltaí den fhórsa a mheas sula gcinntear iad a chur ar stáisiún i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta. Ní leor mar thagairt-mharc na torthaí a fuair comhaltaí i scrúdú agus iad ag críochnú a gcúrsa traenála ar an Teampall Mór, b'fhéidir blianta roimhe sin. Is léir go bhfuil sé riachtanach le feidhmiú cuí na míre seo den reachtaíocht go mbeadh córas tástála teanga forbartha ag an nGarda Síochána le meastóireacht a dhéanamh ar líofacht chomhaltaí a thagann faoi bhrí na míre seo den reachtaíocht le cinntiú go bhfuil siad inniúil go leor sa Ghaeilge chun a chumasú dóibh í a úsáid go saoráideach le linn dóibh a ndualgais a chomhall.

Is ag an tráth go mbeidís le cur ar stáisiún i ndúiche den chineál sin is gá an inniúlacht sin a thástáil. Ceadaítear don Gharda Síochána liúntas breise a íoc le Gardaí leis an líofacht Ghaeilge sin agus is léir gur mealladh nó spreagadh atá ansin le comhaltaí leis an inniúlacht sin a chúiteamh as an leibhéal breise scile atá acu, sé sin, a bheith ábalta feidhmiú go saoráideach i dhá theanga oifigiúil an stáit, Gaeilge agus Béarla.

Is ceart a bheith rí-shoiléir nach bhfuil aon locht phearsanta á fháil san imscrúdú seo ar na Gardaí aonair atá curtha ar stáisiún sa dúiche atá i gceist. Ní leosan a bhaineann an sárú reachtúil ach leis na húdaráis a bhí ag feidhmiú thar cheann Choimisinéir an Gharda Síochána agus a chinn iad a lonnú ansin gan an inniúlacht riachtanach Gaeilge.

Ní freagra ar bith é líon na nGardaí a laghdú sa cheantair agus gan seirbhís iomlán póilíneachta a sholáthar don phobal ansin. Níl le déanamh ach socraithe cuí a chur in áit le comhaltaí leis an inniúlacht riachtanach atá daingnithe sa reachtaíocht ag Tithe an Oireachtais a aithint agus a chur ar stáisiún le freastal go cuí ar an bpobal ina rogha teanga oifigiúil.

CAIBIDIL 4

Tuarascáil, Fionnachtana agus Moltaí

Tá dualgas orm mar Choimisinéir Teanga in aon chás ina seolaim imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a chur faoi bhráid an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus i gcás ina ndéantar gearán liom, faoi bhráid an ghearánaigh, maidir le fionnachtana an imscrúdaithe agus féadaim aon mholtaí is cuí liom ag féachaint don imscrúdú a áireamh sa tuarascáil.

Fionnachtain an Imscrúdaithe

Is í seo a leanas fionnachtain an imscrúdaithe:

- Go bhfuil sárú déanta ag Coimisinéir an Gharda Síochána ar an dualgas reachtúil teanga atá daingnithe i bhfo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána 2005 trí comhaltaí den Gharda Síochána nach bhfuil inniúil go leor sa Ghaeilge chun a chumasú dóibh í a úsáid go saoráideach le linn dóibh a ndualgais a chomhall a bheith curtha ar stáisiún aige i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta ar an Bhun Bhig/ Doirí Beaga, [Gaoth Dobhair,] Co. Dhún na nGall.

- Go bhfuil sárú déanta ag an nGarda Síochána ar an dualgas reachtúil atá daingnithe i bhfo-alt 18(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 fad is a bhaineann sé le fo-alt 3.11 de scéim teanga an Gharda Síochána 2009-2012 trí chomhaltaí gan na cáilíochtaí riachtanacha sa Ghaeilge a chur ar stáisiún ar an Bhun Bhig/ Doirí Beaga, [Gaoth Dobhair,] Co. Dhún na nGall ón uair gur daingníodh an scéim teanga ar 28 Bealtaine 2009.

Moltaí an Imscrúdaithe

Ag féachaint don imscrúdú is iad seo a leanas na moltaí atá á ndéanamh agam mar Choimisinéir Teanga:

- Go dtógfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána gach céim riachtanach anois le géilliúlacht iomlán a chinntiú don dualgas reachtúil atá daingnithe i bhfo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána 2005 agus fo-alt 18(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 fad is a bhaineann sé le fo-alt 3.11 de scéim teanga an Gharda Síochána, 2009-2012 maidir le comhaltaí den fhórsa a chur ar stáisiún ar an Bhun Bhig/ Doirí Beaga, [Gaoth Dobhair,] Co. Dhún na nGall agus go gcinnteoidh sé gur Gardaí atá inniúil go leor sa Ghaeilge chun a chumasú dóibh í a úsáid go saoráideach le linn dóibh a ndualgais a chomhall a bheidh ar dualgas ansin feasta.
- Gan dochar don dualgas iomlán atá i gceist anseo láithreach, go mbeidh géilliúlacht iomlán do na dualgais reachtúla teanga cuí bainte amach ag Coimisinéir an Gharda Síochána a luaithe agus is féidir ar bhonn céimnithe ach, ar a dhéanaí ar fad, laistigh de thréimhse naoi mí ó dháta na tuarascála seo fad is a bhaineann sé le stáisiún Gardaí an Bhun Bhig/ Doirí Beaga.
- Nach mbainfí leas as cinneadh agus moltaí an imscrúdaithe seo mar leithscéal le laghdú nó maolú a dhéanamh ar sholáthar seirbhís póilíneachta cuí don limistéar atá i gceist.

- Go bhfeidhmeoidh an Garda Síochána córas tástála teanga cuí dá rogha féin (ar nós an chórais do Theastas Eorpach na Gaeilge ag Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, atá ceangailte leis an *Fhráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha* (Comhairle na hEorpa, 2001)) chun líofacht Gaeilge comhaltaí a mheas ag tráth go mbeifí ag beartú iad a chur ar stáisiún i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta agus nach lonnófaí ansin ach Gardaí atá inniúil go leor sa Ghaeilge chun a chumasú dóibh í a úsáid go saoráideach le linn dóibh a ndualgais a chomhall.
- Go scrúdóidh Coimisinéir an Gharda Síochána an bhfuil impleachtaí ag cinneadh agus moltaí an imscrúdaithe seo do na dúichí ar fad de chuid an Gharda Síochána ina bhfuil limistéir Gaeltachta agus má tá, go rachfaí i ngleic leo le géilliúlacht do na dualgais reachtúla teanga a chinntiú.

CAIBIDIL 5

Achomhairc chuig an Ard-Chúirt

Meabhraítear anseo go bhfuil sé de cheart ag páirtí in imscrúdú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, nó ag aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara tar éis imscrúdú den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh. Is ceart a thabhairt faoi deara gur gá achomharc a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 seachtaine tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a thabhairt don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc. Féach freisin IR 14 de 2007.

Seo a leanas mar atá na forálacha sin d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003:

Fo-alt 28(1)

Féadfaidh páirtí in imscrúdú faoin Acht seo nó aon duine eile a ndéanann fionnachtana agus moltaí an Choimisinéara tar éis imscrúdú den sórt sin difear dó nó di, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phonc dlí i gcoinne an chinnidh.

Fo-alt 28(2)

Déanfar achomharc faoi fho-alt (1) a thionscnamh tráth nach déanaí ná 4 sheachtain tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí iomchuí a thabhairt don duine a bheidh ag tionscnamh an achomhairc.

Fo-alt 28(3)(a)

I gcás ina ndéanfaidh an Ard-Chúirt achomharc faoin alt seo ag duine, seachas ag ceann, a dhíbhe, féadfaidh an Chúirt sin, má mheasann sí gur ghabh tábhacht phoiblí eisceachtúil leis an bponc dlí lena mbaineann, a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais an duine i ndáil leis an achomharc, nó iad go léir, a íoc.

Fo-alt 28(3)(b)

Féadfaidh an Ard-Chúirt a ordú go ndéanfaidh an comhlacht poiblí lena mbaineann cuid de chostais duine, seachas ceann, i ndáil le tarchur faoin alt seo, nó iad go léir, a íoc.

Fo-alt 28(4)
Maidir le cinneadh ón Ard-Chúirt tar éis achomhairc faoi fho-alt (1), sonrófar ann, i gcás inar cuí sin, an tréimhse ar laistigh di a thabharfar éifeacht don chinneadh.

CAIBIDIL 6

Tuairimí á Lorg

Faoi fho-alt 26(4) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, iarraim mar Choimisinéir Teanga ar an Gharda Síochána, más mian leis sin a dhéanamh, aon tuairimí a bheadh aige maidir le fionnachtana agus moltaí atá ar áireamh sa tuarascáil seo a chur faoi mo bhráid laistigh de thréimhse 6 seachtaine tar éis fógra maidir leis na fionnachtana agus na moltaí atá sa tuarascáil a bheith faighte ag an nGarda Síochána.

_____
Seán Ó Cuirreáin
An Coimisinéir Teanga

Dáta: _____

AGUISÍN B

Tuarascáil Faireacháin 2019

Cúlra

Léiríodh in imscrúdú sa bhliain 2011 gur sháraigh an Garda Síochána Acht an Gharda Síochána, 2005. An chúis atá leis an bhfionnachtain sin ná go raibh comhaltaí den Gharda Síochána nach raibh inniúil go leor sa Ghaeilge chun a chumasú dóibh í a úsáid go saoráideach. Sin le linn dóibh a bheith curtha ar stáisiún i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta ar an Bhun Bheag/Doirí Beaga, [Gaoth Dobhair], Co. Dhún na nGall.

Moladh mar thoradh ar an imscrúdú ar an nGarda Síochána:

- Go dtógfadh Coimisinéir an Gharda Síochána gach céim riachtanach le cinntiú gur Gardaí atá inniúil sa Ghaeilge a bheadh ar dualgas i stáisiúin Ghaeltachta.
- Nach mbainfí leas as cinneadh ná as moltaí an imscrúdaithe mar leithscéal le laghdú nó maolú a dhéanamh ar sholáthar seirbhíse cuí póilíneachta don limistéar atá i gceist.
- Go bhfeidhmeodh an Garda Síochána córas tástála teanga cuí chun líofacht Gaeilge comhaltaí a mheas tráth a mbeifí ag beartú iad a chur ar stáisiún i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta, agus
- Go scrúdódh an Garda Síochána an raibh impleachtaí ag cinneadh an imscrúdaithe seo ó thaobh na ndúichí ar fad de chuid an Gharda Síochána ina bhfuil limistéir Ghaeltachta agus, má bhí, go rachfaí i ngleic leo sin le géilliúlacht do na dualgais reachtúla teanga a chinntiú.

An Próiseas Faireacháin

Bhí na scórtha teagmhálacha idir m'Oifig agus an Garda Síochána ó aimsir an imscrúdaithe. Bhí níos mó cumarsáide leis go deimhin ná le haon chomhlacht poiblí eile i gcomhthéacs cur i bhfeidhm moltaí imscrúdaithe. Is trua liom nach bhfuil toradh níos fearr le feiceáil ar na hiarrachtaí sin.

Bhí cruinniú agam féin leis an gCoimisinéir Drew Harris ar an 25 Márta 2019, agus sheol mé litir chuige ar an 15 Aibreán 2019, ag tabhairt achoimre ar an gcruinniú sin agus ag leagan amach na mbeart a bhí de dhíth chun an cás seo a thabhairt chun críche. Ocht mbeart san iomlán a áiríodh sa cháipéis sin.

Cuireadh in iúl don Oifig ar an 25 Meitheamh 2019 go raibh cáipéis chuimsitheach mar fhreagra ar litir an Choimisinéara Teanga curtha faoi bhráid lucht bainistíochta an Gharda Síochána. Cuireadh nóta chuig an nGarda Síochána ar an 11 Iúil ag fiosrú cathain a bheadh an freagra againn. Eisíodh meabhrúchán ar an 2 Meán Fómhair nuair nach raibh aon fhreagra faighte.

Ar an 3 Meán Fómhair 2019 tháinig admháil ag glacadh leithscéil as an moill agus ag tabhairt le fios go raibh Oifig um Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine an Gharda Síochána ar an eolas faoin bpráinn a bhain leis agus go gcuirfí an freagra ar fáil go luath maidir leis na bearta ar fad a pléadh ag an gcruinniú leis an gCoimisinéir Harris ar an 25 Márta 2019.

Eisíodh ríomhphost chuig an nGarda Síochána ar an 20 Meán Fómhair 2019 ag tabhairt le fios go raibh nach mór sé mhí caite ó bhí an cruinniú ann ar an 25 Márta 2019, agus an Oifig fós ag fanacht ar fhreagra ón nGarda Síochána ar an ábhar. Míníodh gurbh ábhar imní nár chosúil go raibh aon dul chun cinn á dhéanamh ar an ábhar seo agus go raibh machnamh á dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile ba ghá a ghlacadh sa chás in éagmais freagra críochnúil ón nGarda Síochána.

Bhí roinnt mhaith teagmhálacha idir m'Oifig agus Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána ina dhiaidh sin inar meabhraíodh go gcaithfinn tuarascáil a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais ar an ábhar seo mura léireofaí dul chun cinn ar mholtaí an imscrúdaithe.

Tháinig freagra ón nGarda Síochána le tuairisc cothrom le dáta ar an 5 Samhain 2019. Sa litir sin cuireadh in iúl go gcuimseofaí na hoibleagáidí tábhachtacha atá ar an nGarda Síochána chun a sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge ina gclár athraithe leanúnaigh. Dúradh freisin go raibh Plean Straitéiseach don Lucht Saothair á dhréachtú faoi láthair don tréimhse ó 2020 go 2022 agus go gcuirfí seirbhís trí Ghaeilge atá oiriúnach don fheidhm san áireamh sa Phlean Straitéiseach seo.

Tugadh le fios sa litir go gcinnteodh Rannóg Acmhainní Daonna agus Forbartha Daoine an Gharda Síochána go gcuirfí an t-éileamh ar sheirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge san áireamh i ngach comórtas inmheánach ardaithe céime agus cliathánach amach anseo agus go leanfaí le hoiliúnaithe a earcú a bhfuil Gaeilge acu nuair a bheidh comórtais ar siúl amach anseo.

Rinne m'Oifig scrúdú ar an tuairisc a cuireadh ar fáil, agus cuireadh i gcomparáid í leis na bearta a bhí iarrtha i mo litir dar dáta an 15 Aibreán 2019. Cé go raibh freagra tugtha ar na bearta a bhí iarrtha i mo litir, bhí an easpa gnímh soiléir. I bhformhór na gcásanna is easpa spriocama nó doiléireacht nó tuiscintí coinníollacha a bhí le brath.

Ar an 22 Samhain 2019 lorgaíodh soiléiriú ón nGarda Síochána i dtaobh líon seachas céatadán na nGardaí a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu sna stáisiúin Ghaeltachta. Eisíodh meabhrúchán ar an ábhar ar an 12 Nollaig. In ainneoin admháil a bheith faighte ar an dá ríomhphost sin, ní raibh aon fhreagra faighte faoi dheireadh mhí Aibreáin 2020.

Freagra
Lorg an Oifig seo breis eolais agus soiléirithe an athuair ón nGarda Síochána ag tús mhí na Bealtaine 2020. Lorgaíomar eolas maidir le haon dul chun cinn a bhí déanta i dtaobh cúrsaí measúnaithe, arduithe céime chuig stáisiúin Ghaeltachta do chomhaltaí den Gharda Síochána, anailís ar chomhaltaí le Gaeilge agus gan Ghaeilge i stáisiúin Ghaeltachta atá ag dul ar scor, socruithe maidir le Gardaí le Gaeilge a thagann tríd an bpainéal earcaíochta agus prótacail maidir le haonaid speisialta.

Cuireadh freagra ar an tuairisc ar fáil ar an 10 Meitheamh. Ní mór dom ag an tráth seo cíoradh iomlán a dhéanamh ar litir an Gharda Síochána a cuireadh faoi mo bhráid, ach níl an dul chun cinn a mbeifí ag súil leis déanta faoin tráth seo. Ba léir ón eolas a cuireadh ar fáil go bhfuil líon na nGardaí le Gaeilge atá ar dualgas i stáisiúin atá lonnaithe i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta ardaithe ó 47 go 51 sa tréimhse ó rinneadh an timscrúdú. Sin ardú de cheathrar ó rinneadh moltaí an imscrúdaithe in 2011. Tá líon na nGardaí atá ar dualgas sna stáisiúin i gceantair Ghaeltachta íslithe ó 114 go 98 sa tréimhse chéanna.

Príomhfhionnachtain
Is bocht an scéal é nach bhfuil moltaí uile an imscrúdaithe a rinneadh sa bhliain 2011 curtha i bhfeidhm. D'fhéadfadh sé gurb é an toradh a bheidh ar an easpa dul chun cinn seo ná go mbeadh tuarascáil ar an ábhar le leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Tá dualgas orm é sin a dhéanamh sa chás go measaim nach gcuirtear moltaí imscrúdaithe i bhfeidhm go cuí laistigh d'achar réasúnta ama. Ba dheacair d'aon duine a rá nach bhfuil achar réasúnta ama caite faoin tráth seo.

Tús teagmhála: 9 Samhain 2012
Teagmháil is déanaí: 10 Meitheamh 2020

Amlíne Chomhfhreagrais

Dáta	*Mír Chomhfhreagrais*
9 Samhain 2012	Sheol Oifig an Choimisinéara Teanga (OCT) litir faireacháin chuig Coimisinéir an Gharda Síochána.
19 Samhain 2012	Fuair OCT admháil ó Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána.
27 Samhain 2012	Labhair OCT le hOifigeach Gaeilge an Gharda Síochána agus mhínigh go raibh roinnt mhaith i gceist le moltaí an imscrúdaithe. Tugadh síneadh ama go dtí an 21 Nollaig le freagra a sholáthar.
2 Eanáir 2013	Fuair OCT freagra ó Choimisinéir an Gharda Síochána.
8 Eanáir 2013	D'eisigh OCT freagra ar litir an 2 Eanáir.
6 Feabhra 2013	Socraíodh cruinniú le hoifigeach OCT don 20 Feabhra 2013 le Coimisinéir Cúnta an Gharda Síochána.
28 Feabhra 2013	Chuir an tOifigeach OCT tuairisc faoin gcruinniú faoi bhráid an Choimisinéara Teanga.
6 Márta 2013	Fuair OCT litir, a d'eascair as cruinniú an 20 Feabhra 2013, ó Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána. Tugadh le fios go leanfaidís ar aghaidh leis na céimeanna agus na gníomhaíochtaí a bhí idir lámha acu faoi ghéilliúlacht le hAcht an Gharda Síochána, 2005 agus le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Tugadh le fios go raibh leasuithe cuí á gcur i bhfeidhm i nDún na nGall chun seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú, le daoine le Gaeilge a lonnú i gceantair Ghaeltachta agus le ranganna Gaeilge a chur ar fáil. Moladh dóibh gach réigiún Gaeltachta a scrúdú chun líofacht Ghaeilge na nGardaí a mheas agus le go mbeadh ar a gcumas a gcuid gnó a dhéanamh le pobal na Gaeilge trí Ghaeilge.
30 Lúnasa 2013	Sheol OCT litir chuig Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána, agus cuntas á lorg ar an staid reatha.
30 Deireadh Fómhair 2013	Fuair OCT freagra ó Choimisinéir an Gharda Síochána.
27 Meitheamh 2014	D'eisigh OCT litir faireacháin chuig an nGarda Síochána.
3 Iúil 2014	Fuarthas admháil ar litir faireacháin an 27 Meitheamh 2014.
3 Meán Fómhair 2014	Fuair OCT freagra ar litir faireacháin an 27 Meitheamh 2014.
16 Samhain 2015	D'eisigh OCT litir faireacháin chuig Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána.
27 Samhain 2015	Fuair OCT admháil ó Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána.
27 Eanáir 2016	Chuir OCT glaoch fóin ar Cheanncheathrú an Gharda Síochána mar mheabhrúchán.
29 Feabhra 2016	Cuireadh glaoch fóin ar an gCeanncheathrú ag lorg freagra.
8 Aibreán 2016	Fuair OCT freagra, dar dáta an 14 Márta 2016, ón nGarda Síochána ina raibh sonraí maidir leis an líon ball a bhí lonnaithe i Stáisiún an Bhuna Bhig chomh maith le heolas i dtaobh mholtaí an imscrúdaithe.
29 Meitheamh 2016	Sheol OCT litir chuig an nGarda Síochána, ag lorg soiléiriú breise.

23 Lúnasa 2016	Chuir OCT glaoch fóin ar an nGarda Síochána maidir le freagra a fháil ar litir an 29 Meitheamh.
30 Lúnasa 2016	Sheol OCT meabhrúchán i scríbhinn chuig Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána.
7 Meán Fómhair 2016	Chuir OCT glaoch fóin ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Rannóg Acmhainní Daonna an Gharda Síochána, agus dúradh go nglaofaí ar ais gan mhoill.
21 Deireadh Fómhair 2016	Chuir OCT glaoch fóin ar an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Rannóg Acmhainní Daonna an Gharda Síochána, agus dúradh go nglaofaí ar ais gan mhoill.
26 Deireadh Fómhair 2016	Sheol an Coimisinéir Teanga litir chuig Coimisinéir an Gharda Síochána, ag lorg freagra ar litir an 29 Meitheamh.
11 Samhain 2016	Fuarthas tairiscint ar chruinniú ar an 9 Nollaig leis nGarda Síochána. Glacadh leis an tairiscint.
25 Samhain 2016	Fuarthas litir ó Choimisinéir an Gharda Síochána.
20 Eanáir 2017	Tháinig litir ó Stiúrthóir Feidhmiúcháin, an Garda Síochána ag rá go raibh suirbhé ar bun acu an tráth sin maidir le himlonnú cainteoirí líofa Gaeilge i stáisiúin sa Ghaeltacht.
17 Feabhra 2017	Fuarthas litir ó Choimisinéir an Gharda Síochána mar fhreagra ar litir an 26 Deireadh Fómhair 2016 ón gCoimisinéir Teanga.
14 Aibreán 2017	Seoladh ríomhphost ag lorg soiléiriú maidir le stáisiúin de chuid an Gharda Síochána atá laistigh den Ghaeltacht. Tháinig an dara leagan inar áiríodh Co. Mhaigh Eo.
18 Aibreán 2017	Seoladh admháil ar fhiosrúcháin an Gharda Síochána.
19 Aibreán 2017	Eisíodh freagra ar an bhfiosrúchán.
30 Meitheamh 2017	Fuair OCT ríomhphost ón nGarda Síochána maidir le stáisiúin an Gharda Síochána atá san Fhíor/BhreacGhaeltacht.
11 Iúil 2017	Admhaíodh ríomhphost an Gharda Síochána.
29 Iúil 2017	Seoladh ríomhphost chuig an nGarda Síochána. Chomh fada agus a bhaineann sé le OCT ní dhéantar aon idirdhealú idir "FíorGhaeltacht" agus "BreacGhaeltacht" de thoradh nach bhfuil aon seasamh ag na téarmaí sin faoin reachtaíocht. Is é an tslat tomhais atá ag an Oifig seo ná go gcomhlíonfaí an dualgas atá leagtha amach in Acht an Gharda Síochána: *"Cinnteoidh Coimisinéir an Gharda, chomh fada agus atá praiticiúil, go mbeidh comhaltaí an Gharda Síochána atá lonnaithe i gceantar ina bhfuil ceantar Gaeltachta, sách inniúil sa Ghaeilge chun gur féidir leo í a úsáid go saoráideach chun a ndualgais a chomhlíonadh."*
31 Iúil 2017	Seoladh litir chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Gharda Síochána ar an ábhar céanna.
12 Deireadh Fómhair 2017	Eisíodh meabhrúchán. Fuarthas freagra uaidh ag moladh teagmháil a dhéanamh le hOifig an Stiúrthóra Feidhmiúcháin.
13 Deireadh Fómhair 2017	Cuireadh glaoch fóin ar Oifig an Stiúrthóra Feidhmúcháin.

13 Deireadh Fómhair 2017	Cuireadh nóta, ag lorg freagra i scríbhinn.
17 Deireadh Fómhair 2017	Cuireadh glaoch fóin ar Oifig an Stiúrthóra Feidhmiúcháin.
18 Deireadh Fómhair 2017	Cuireadh glaoch fóin ar Oifig an Stiúrthóra Feidhmiúcháin.
18 Deireadh Fómhair 2017	Fuarthas glaoch fóin ó Oifig an Stiúrthóra Feidhmiúcháin – bhí sé le glaoch roimh an Aoine.
19 Deireadh Fómhair 2017	Rinneadh glaoch fóin, teachtaireacht glórphoist agus téacs a sheoladh chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.
23 Deireadh Fómhair 2017	Cruinniú leis an gCoimisinéir Gníomhach.
25 Deireadh Fómhair 2017	Seoladh cuntas ar an gcruinniú den 23 Deireadh Fómhair chuig an gCoimisinéir Gníomhach.
2 Samhain 2017	Fuarthas litir ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin.
8 Samhain 2017	Seoladh teachtaireacht chuig an Stiúrthóir Feidhmiúchain ag lorg cóip den iatán a bhí luaite sa litir ach nach raibh iniata. Fuarthas freagra le cóip den iatán.
17 Samhain 2017	Sheol OCT nóta chuig Oifigeach Gaeilge an Gharda Síochána.
17 Samhain 2017	Fuarthas freagra ón Oifigeach Gaeilge ag glacadh buíochais as an ríomhphost agus as an gcruinniú tairbheach agus ag cur in iúl go raibh tuarascáil á hullmhú don Stiúrthóir Feidhmiúcháin i dtaca leis an méid a pléadh agus na bealaí arbh fhéidir cúrsaí a thabhairt chun críche a luaithe agus ab fhéidir.
15 Nollaig 2017	Reáchtáladh cruinniú idir an Coimisinéir Teanga agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna an Gharda Síochána agus Ard-Cheannfoirt.
8 Eanáir 2018	Fuarthas leagan leictreonach de litir ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin ag glacadh buíochais leis an gCoimisinéir Teanga as freastal ar chruinniú leis an nGarda Síochana in Óran Mór ar an 15 Nollaig 2017. Bhí cóip de mhiontuairiscí an chruinnithe in éineacht leis, mar aon le scarbhileog inar tugadh cuntas ar líon agus céatadán na gcomhaltaí a bhí inniúil ar ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge i gceantar Gaeltachta, i Nollaig 2012, Aibreán 2016 agus Samhain 2017, agus na hathruithe dá réir.
19 Feabhra 2018	Fuair an Coimisinéir Teanga ríomhphost ón Oifigeach Gaeilge ina raibh eolas cothrom le dáta maidir leis an gcóras nua tástála a bhí le bheith ag an nGarda Síochána – Creat Inniúlachta an Gharda Síochána don Ghaeilge Labhartha.
19 Feabhra 2018	Sheol an Coimisinéir Teanga freagra ag glacadh buíochais as an gcur síos ar na céimeanna a bhí á dtógáil ag an nGarda Síochána chun a ndualgas reachtúil maidir le Gardaí atá inniúil sa Ghaeilge i gceantair Ghaeltachta a chomhlíonadh. Cuireadh in iúl dá luaithe ab fhéidir leis an nGarda Síochána a thaispeáint go raibh ardú córasach agus suntasach ag teacht ar líon na nGardaí a bhí ar stáisiún sa Ghaeltacht gurbh amhlaidh ab fhearr é.

19 Meán Fómhair 2018	Fuair OCT ríomhphost ó Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána ag rá go raibh Treoir Cheanncheathrún eisithe ag lorg léiriú spéise ó chomhaltaí ar mhian leo go ndéanfaí iad a mheas lena n-imlonnú i stáisiún Gaeltachta.
19 Meán Fómhair 2018	Sheol OCT ríomhphost ar ais ag lorg cóip den Treoir Cheanncheathrún.
20 Meán Fómhair 2018	Sheol Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána ríomhphost agus cóip den Treoir Cheanncheathrún iniata chuig OCT.
25 Márta 2019	Bhí cruinniú ag an gCoimisinéir Teanga le Coimisinéir an Gharda Síochána, Drew Harris, i nGaillimh.
15 Aibreán 2019	Sheol OCT litir chuig Coimisinéir an Gharda Síochána, bunaithe ar chruinniú an 25 Márta 2019.
25 Meitheamh 2019	Fuarthas ríomhphost ó Oifigeach Gaeilge an Gharda Síochána, ag tabhairt le fios go raibh cáipéis chuimsitheach seolta ar aghaidh chuig HR&PD, le seoladh ar aghaidh chuig an gCoimisinéir, maidir leis na hocht ngníomh a luadh i litir an 15 Aibreán 2019.
11 Iúil 2019	Sheol OCT nóta chuig teagmhálaí an Gharda Síochána ag lorg an fhreagra.
2 Meán Fómhair 2019	Eisíodh meabhrúchán chuig teagmhálaí an Gharda Síochána, ag lorg an fhreagra a ndearnadh tagairt dó cheana.
3 Meán Fómhair 2019	Fuair OCT freagra ó theagmhálaí an Gharda Síochána ag glacadh leithscéil as an moill ag freagairt de bharr laethanta saoire etc. Tugadh le fios go raibh an Rannóg Acmhainní Daonna leis an gcáipéis a chíoradh go mion i gcaitheamh na seachtaine. Cuireadh in iúl mar iarscríbhinn go raibh scrúdú béil le bheith ar siúl i gColáiste an Gharda Síochána ar an 11 Meán Fómhair do chomhaltaí a léirigh spéis a bheith ar an bPainéal Inniúlachta Gaeilge (Irish Language Proficiency Panel) agus gur deichniúr ar fad atá i gceist an babhta seo.
20 Meán Fómhair 2019	Sheol OCT meabhrúchán eile chuig Oifigeach Gaeilge an Gharda Síochána, ag tabhairt le fios go raibh nach mór sé mhí caite ó bhí cruinniú an 25 Márta ann, agus an Oifig fós ag feitheamh ar fhreagra ón nGarda Síochána ar an ábhar.
16 Deireadh Fómhair 2019	D'iarr OCT coinne le haghaidh comhrá fóin idir an bheirt Choimisinéirí i nglaoch fóin ar bhall foirne de chuid Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána.
22 Deireadh Fómhair 2019	Fuair OCT glaoch fóin ó Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána, ag fiosrú céard go díreach a theastaigh ón gCoimisinéir Teanga. Míníodh go raibh litir seolta ag an gCoimisinéir Teanga chuig Coimisinéir an Gharda Síochána i mí Aibreáin, bunaithe ar an méid a pléadh sa chruinniú, agus go raibh tuarascáil iarrtha ar an dul chun cinn sa litir sin. Dúradh gur tuigeadh go raibh an tuarascáil sin ullmhaithe ag an Oifigeach Gaeilge i mí Iúil, ach go rabhamar fós ag feitheamh ar an bhfreagra. Dúirt Oifig Choimisinéir an Gharda go bhfiosrófaí an scéal agus go bhfillfí ar OCT an tráthnóna sin.

22 Deireadh Fómhair 2019	Chuir Oifig Choimisinéir an Gharda glaoch ar ais agus dúradh go raibh siad ag leanúint suas ar fhreagra ar litir an 15 Aibreán.
5 Samhain 2019	Fuair OCT freagra dátheangach ina raibh tuairisc ar an dul chun cinn. Is i ndubh agus bán amháin a bhí na graif a ghabh leis an leagan Gaeilge.
22 Samhain 2019	Sheol OCT ríomhphost chuig Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána, le cóip curtha chuig an Oifigeach Gaeilge, ag lorg líon na nGardaí in Aguisín E, seachas céatadán, agus leagan daite de na graif i nGaeilge, mar go raibh roinnt doiléireachta leis na cinn a bhí dubh agus bán.
25 Samhain 2019	Fuair OCT admháil ó Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána.
13 Nollaig 2019	Eisíodh meabhrúchán chuig an nGarda Síochána.
17 Nollaig 2019	Fuarthas an dara hadmháil.
16 Aibreán 2020	Léadh sliocht as réamhrá na dréacht-Thuarascála Faireacháin ar an bhfón don Oifigeach Gaeilge, ag tabhairt le fios nach bhfeictear don Choimisinéir Teanga go bhfuil an dara rogha aige ach tuarascáil a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.
17 Aibreán 2020	Fuarthas ríomhphost ón Oifigeach Gaeilge agus soiléiriú á lorg aige.
1 Bealtaine 2020	Ríomhphost soiléirithe eisithe agus tuairisc curtha ar fáil ar fhreagra an 5 Samhain 2019 ón nGarda Síochána.
6 Bealtaine 2020	Admháil faighte ón nGarda Síochána ar ríomhphost agus tuairisc an 1 Bealtaine 2020.
12 Bealtaine 2020	Freagra eatramhach faighte ag tabhairt le fios go raibh oifigigh shinsearacha de chuid an Gharda Síochána ag díriú ar fhreagra substainteach a eisiúint.
2 Meitheamh 2020	Ríomhphost faighte ón Oifigeach Gaeilge i dtaca le hathrú foirne.
4 Meitheamh 2020	Ríomhphost/comhrá fóin leis an Oifigeach Gaeilge i dtaca le freagra ar ríomhphost an 1 Bealtaine.
4 Meitheamh 2020	Ríomhphost faighte ón Oifigeach Gaeilge leis na figiúirí a iarradh i ríomhphost an 22 Samhain 2019.
5 Meitheamh 2020	Admháil eisithe ag OCT ar an ríomhphost ón Oifigeach Gaeilge.
8 Meitheamh 2020	Ríomhphost faighte ón Oifigeach Gaeilge ag tabhairt le fios go mbeadh freagra againn ar ríomhphost an 1 Bealtaine tráthnóna an 9 Meitheamh nó ar an 10 Meitheamh.
10 Meitheamh 2020	Freagra faighte ar ríomhphost an 1 Bealtaine agus leithscéal gafa as an moill.
26 Meitheamh 2020	Ríomhphost faighte ag cur OCT ar an eolas maidir le togra nua i nGaeltacht Chiarraí ó 2018, seicphointí á reáchtáil go hiomlán trí mheán na Gaeilge.
26 Meitheamh 2020	Admháil eisithe ag OCT.
29 Meitheamh 2020	Litir eisithe ag an gCoimisinéir Teanga chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ag tabhairt le fios nárbh léir dó óna litir den 10 Meitheamh go bhfuil dátaí feidhme sonracha inti i dtaca le cur i bhfeidhm gnímh a chuideodh le cur i bhfeidhm mholtaí

	an imscrúduithe. San áireamh anseo tá ceist an mheasúnaithe, socruithe maidir le comhaltaí a earcaítear tríd an bpainéal Gaeilge (lena n-áirítear liosta dóibh siúd atá curtha ar fónamh i stáisiúin Ghaeltachta nó stáisiúin i ndúichí ina bhfuil limistéar Gaeltachta), na haonaid speisialta agus anailís ar chomhaltaí atá ag dul ar scor.
29 Meitheamh 2020	Admháil faighte ón Oifigeach Gaeilge.
7 Iúil 2020	Nóta buíochais faighte ag OCT ón Oifigeach Gaeilge as an litir dár dáta an 29 Meitheamh 2020. Tugtha le fios go raibh súil tuairisc chun dáta a bheith réidh faoi cheann coicíse. Admháil eisithe ag OCT.
15 Iúil 2020	Iarrratas faighte ón Oifigeach Gaeilge ar mhiontuairiscí don chruinniú idir na Coimisinéirí i Márta 2019. Cuireadh in iúl nár coinníodh aon miontuairiscí ar leith agus go raibh an litir den 15 Aibreán mar mhiontuairisc oifigiúil ar an gcruinniú. Buíochas glactha le OCT as an soiléiriú sin.
17 Iúil 2020	Litir faighte ó Stiúrthóir Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna, An Garda Síochána, le tuairisc faoi 8 gceannteideal: Measúnóirí a chur faoi Oiliúint; Measúnuithe Gaeilge; Gardaí le Gaeilge a aistriú chuig Stáisiúin Ghaeltachta; Socruithe maidir le Gardaí le dóthain Gaeilge i stáisiúin atá lonnaithe i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta; An Sruth Gaeilge; Sainaonaid a fhreastalaíonn ar Phobail Ghaeltachta; Clár Oiliúna; agus Achoimre ar chomhaltaí atá ag dul ar scor. Tugadh le fios sa ríomhphost lena dtáinig an litir go rabhthas ag súil go mbeadh tuilleadh eolais acu don Oifig faoi na comhaltaí a tháinig isteach trí Shruth na Gaeilge taobh istigh de sheachtain nó dhó. Ghlac OCT buíochas as an litir agus an t-eolas sin.
21 Iúil 2020	Soiléiriú faighte ón Oifigeach Gaeilge gur Garda amháin atá lonnaithe i Stáisiún na Carraige i nDún na nGall, agus ní beirt mar a bhí luaite sa litir dár dáta 17 Iúil.
24 Iúil 2020	Eolas breise curtha ar fáil ag an Oifigeach Gaeilge maidir le cá háit a bhfuil Gardaí ó Sruth na Gaeilge lonnaithe.
24 Iúil 2020	Eolas breise faighte ón Oifigeach Gaeilge maidir le líon na nGardaí lonnaithe i stáisiún Ghardaí an Bhuna Bhig: Tá 9 gcomhalta lonnaithe sa stáisiún agus ní 11 mar a bhí sa litir dar dáta an 17 Iúil.
27 Iúil 2020	Sheol OCT ríomhphost ag iarraidh dearbhú gur chiallaigh sin go raibh 99 Garda san iomlán ar dualgas i gceantair Ghaeltachta, go raibh 35 acu siúd atá líofa i nGaeilge (leibhéal 4/5) agus 64 nach raibh. Cóip leasaithe den anailís iarrtha chomh maith.
27 Iúil 2020	D'eisigh OCT admháil ar an ríomhphost i dtaca le líon na Gardaí le Gaeilge a earcaíodh atá ar fónamh i stáisiúin Ghaeltachta.
27 Iúil 2020	Ríomhphost eile ón Oifigeach Gaeilge maidir leis an Sruth Gaeilge, ag tabhairt le fios gur tháinig cuid de na comhaltaí isteach trí an dá shruth, agus go raibh rogha ag na comhaltaí

	a tháinig isteach tríd an dá shruth beartú cén sruth le fanacht ann, rud a chiallaigh go raibh líon na gcomhaltaí a tháinig isteach tríd an sruth Gaeilge níos lú ná mar a bhí luaite sa ríomhphost roimhe.
27 Iúil 2020	Buíochas glactha as an soiléiriú. Freagra faighte ón Oifigeach Gaeilge gur cosúil go bhfuil beirt luaite sna figiúirí roimhe seo atá ar scor ón bhfórsa.
07 Lúnasa 2020	Ríomhphost ón Oifigeach Gaeilge ag tabhairt le fios go bhfuil 20 comhalta anois ar an bPainéal Inniúlachta Gaeltachta. Admháil eisithe ag OCT.
14 Lúnasa 2020	Ríomhphost faighte ón Oifigeach Gaeilge ag tabhairt le fios go bhfuiltear i mbun oibre ar na rudaí seo a leanas: 1. Athbhreithniú ar líon na nGardaí atá ag fónamh i stáisiúin Ghaeltachta. 2. Athbhreithniú ar líon na nGardaí i stáisiúin Ghaeltachta le Gaeilge bunaithe ar an gcóras measúnaithe nua. 3. Athbhreithniú a dhéanamh ar na comhaltaí a tháinig isteach tríd an Sruth Gaeilge. Iarratas déanta ar shonraí maidir le líon na ngearán a fuair an Oifig thar na blianta maidir le heaspa seirbhísí trí Ghaeilge ag an nGarda Síochána i stáisiúin Ghaeltachta nó ceantair Ghaeltachta.
17 Lúnasa2020	Comhrá ag OCT le hoifigeach de chuid an Gharda Síochána. Dearbhaithe go bhfuil figiúirí anois síos go 31 as 99. Ráite go dteastaíonn gníomh - cathain a bheidh an 22 atá ar an liosta ar fónamh i stáisiúin Gaeltachta? Tugadh le fios nach bhfuil an Plean Straitéiseach um Lucht Saothair don fhórsa críochnaithe ná foilsithe go fóill.
28 Lúnasa 2020	Freagra chuig an nGarda Síochana le líon na dteagmhálacha a rinneadh leis an Oifig i dtaca le heaspa seirbhíse i nGaeilge i gceantair Ghaeltachta in imeacht na mblianta. Soiléiriú iarrtha ar fhigiúirí an Bhuna Bhig agus Maigh Cuilinn.
1 Deireadh Fómhair 2020	Eolas breise iarrtha ag an nGarda Síochána ar OCT i dtaca le líon na ngearán – briseadh síos tíreolaíoch srl.
5 Deireadh Fómhair 2020	Comhrá fóin leis an Oifigeach Gaeilge agus briseadh síos eisithe ar ríomhphost.
22 Deireadh Fómhair 2020	Litir ón Oifigeach Gaeilge ag lorg cóip de litir an Gharda Síochána, Samhain 2019. Cóip den leagan Gaeilge agus Béarla eisithe ar ríomhphost agus nóta buíochais faighte.
29 Deireadh Fómhair 2020	Ríomhphost ón Oifigeach Gaeilge ag glacadh leithscéil as an moill ag eisiúint tuairisc atá á réiteach ag Coimisinéir an Gharda Síochána chugainn agus ag tabhairt le fios go raibh súil go mbeifí faoi réir an tseachtain ina dhiaidh sin.
20 Samhain 2020	Tuairisc faighte ó Choimisinéir an Gharda Síochána ar Thuarascáil Faireacháin na hOifige agus an dul chun cinn atá déanta ina leith.
23 Samhain 2020	Admháil eisithe ag OCT. Ríomhphost faighte ón Oifigeach Gaeilge ag tabhairt soiléiriú maidir leis an staid reatha i stáisiún Mhaigh Cuilinn. Nóta buíochais eisithe.
4 Nollaig 2020	Glaoch fóin curtha ag OCT ar an Oifigeach Gaeilge ag lorg an dáta faoina mbeadh an Plean Straitéiseach um Lucht Saothair an Gharda Síochána ar fáil, agus téarmaí tagartha an Ghrúpa

	Oibre Straitéiseach Gaeilge, mar aon le cóip den chóras measúnaithe Gaeilge. Cóip den chóras measúnaithe faighte ar ríomhphost.
8 Nollaig 2020	Glaoch faighte ón Oifigeach Gaeilge ag tabhairt le fios nach ann do théarmaí tagartha don Choiste Straitéiseach Gaeilge ach go bhfuil obair tosaithe ina leith. Tugadh le fios nach bhfuil aon sprioc-amanna cinnte sa Phlean Straitéiseach um Lucht Saothair ach go bhfuil go leor obair ullmhúcháin á déanamh air. Deir an tOifigeach Gaeilge go ndearbhófar an sprioc-am maidir leis an bPlean Straitéiseach um Lucht Saothair le hOifig Choimisinéir an Gharda Síochána.
4 Eanáir 2021	Ríomhphost faighte ón Oifigeach Gaeilge ag tabhairt le fios nach bhfuil aon sprioc-am cinnte ag Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána maidir le sprioc-am don Phlean Straitéiseach um Lucht Saothair.
5 Feabhra 2021	Litir eisithe ag an gCoimisinéir Teanga chuig Coimisinéir an Gharda Síochána ag tabhairt le fios go bhfuil sé ag beartú Tuarascáil a chur chuig gach Teach den Oireachtas de bharr nach bhfuil moltaí an Imscrúdaithe in 2011 curtha i bhfeidhm faoin tráth seo.
8 Feabhra 2021	Admháil ar an litir dár dáta an 8 Feabhra faighte ó Oifig Choimisinéir an Gharda Síochána.
25 Feabhra 2021	Glaoch teileafóin faighte ón Oifigeach Gaeilge ag iarraidh cruinniú a shocrú mar go raibh eolas maidir le bearta breise a bhí á gcur i bhfeidhm ag an nGarda Síochána le cur faoi bhráid an Choimisinéara Teanga.
26 Feabhra 2021	Bhí comhrá teileafóin ag Stiúrthóir na hOifige le Oifigeach Gaeilge an Gharda Síochána ar mhaithe le tuilleadh eolais a fháil ar bhearta reatha atá idir lámha ag an nGarda Síochána.
5 Márta 2021	Litir faighte ó Choimisinéir an Gharda Síochána ag déanamh cur síos ar na bearta reatha atá idir lámha ag an nGarda Síochána maidir le moltaí an Imscrúdaithe in 2011.
31 Márta 2021	Litir eisithe ag an gCoimisinéir Teanga chuig Coimisinéir an Gharda Síochána ag deimhniú go raibh beartaithe aige Tuarascáil a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais de bharr nach bhfuil moltaí an Imscrúdaithe in 2011 curtha i bhfeidhm faoin tráth seo.

AGUISÍN C

An Garda Síochána

Oifig an Choimisinéara
An Garda Síochána
Páirc an Fhionnuisce
Baile Átha Cliath 8
Éire
D08 HN3X

Office of the Commissioner
Garda Headquarters
Phoenix Park
Dublin 8
Ireland
D08 HN3X

Láithreán Gréasáin / Website:
www.garda.ie

Ríomhphost / E-mail:
commissioner@garda.ie

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

Please quote the following ref. number:
Luaigh an uimhir tharaghta seo a leanas le do thoil:

CMR_34-162304/19

RÚNDA

An Coimisinéir Teanga
An Spidéal
Gaillimh
H91 VK23

Maidir le: Tuarascáil Faireacháin 2019

A Choimisinéir, a chara,

Tá an Garda Síochána tar éis tabhairt faoi go leor tionscnaimh dearfacha thar na blianta chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus cé go n-aithnítear buarthaí An Choimisinéara Teanga, tá an Garda Síochána fós go hiomlán tiomanta gach dualgais i leith na Gaeilge a chomhlíonadh. Aithníonn muid an tábhachtach a bhaineann le seirbhísí trí mheán na Gaeilge a sholáthar dár bpobail Ghaeltachta. Tá bearta breise tógtha le cúpla mí anuas ag an eagraíocht chun iarracht a dhéanamh an teanga a chur chun cinn agus seirbhísí Gaeilge a thairiscint don phobal. Tá eolas le fáil orthu siúd in Aguisín A.

Tá sé ráite ag an gCoimisinéir Teanga nach bhfuil aon "Phlean Feidhmiúcháin a léiríonn cur chuige córasach tras-eagraíochta, laistigh den Gharda Síochána, ar mhaithe le comhlíonadh na bhforálacha atá leagtha amach i bhfo-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána 2005". Maidir leis seo, tá sé beartaithe gur bhforbrófar Oifig na Gaeilge, áit go mbeidh foireann bhreise fostaithe ann agus bainisteoir sinsearach mar cheann na hOifige, chun Straitéis chuimsitheach Ghaeilge a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don eagraíocht. Faoi láthair feidhmíonn Oifig na Gaeilge go príomha mar oifig idirchaidrimh, agus cé go raibh ionchur suntasach ag an oifig i bpleananna agus i mbeartais gníomhaíochta Gaeilge, moltar anois go mbeidh úinéireacht ag an Oifig sin maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbeartas sin.

Ní hamháin go ndéanfaidh an Straitéis nua seo atá beartaithe againn, i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirítear An Coimisinéir Teanga, cinnte go bhfuil maoirseacht á dhéanamh ar chomhlíonadh ár ndualgais reachtúla teanga ach spreagfaidh an Straitéis úsáid na Gaeilge ar fud na heagraíochta. Cuimseoidh

straitéis den tsórt seo an cur chuige córasach tras-eagraíochta atá ag teastáil chun a chinntiú:

- Go gcuirtear moltaí An Choimisinéara Teanga i bhfeidhm go hiomlán, déanfar é seo trí líon na gcomhaltaí le Gaeilge i stáisiúin Ghaeltachta agus i stáisiúin seirbhíse Gaeltachta a mhéadú agus trí chultúr dearfach a chruthú sna stáisiúin Ghaeltachta sin ionas go mbeidh an Ghaeilge mar theanga oibre iontu.
- Go ndéantar an Ghaeilge a phríomhshruthú i bpríomhchórais ar nós fórsa saothair a phleanáil, cláir oiliúna agus pleanáil agus seachadadh seirbhíse.
- Go socraítear struchtúr rialachais cuí timpeall ar an teanga chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéise nua.
- Go gcloítear le caighdeáin ghairmiúla agus go ndéantar cearta teanga a mheas i mbeartais uile an Gharda Síochána sa todhchaí. Caithfidh an eagraíocht a bheith thar a bheith feasach ar an tábhacht a bhaineann le dul i mbun teagmháil go héifeachtach le pobail labhartha na Gaeilge.

Beidh tionchar fadtéarmach agus dearfach ag forbairt shuntasach den tsórt seo agus cinnteoidh sé go gcuirfear an Ghaeilge san áireamh agus beartais uile an Gharda Síochána á bhforbairt. Tríd an Straitéis nua Gaeilge seo a bhunú, taispeánfaidh muid d'Oifig an Choimisinéara Teanga chomh maith le pobal na Gaeilge, go bhfuil muid go hiomlán tiomanta ár ndualgais reachtúla maidir le céad teanga oifigiúil an Stáit a chomhlíonadh. Cinnteoidh gníomh den tsórt seo freisin go bhfuil córais i bhfeidhm chun comhlíonadh na ndualgas reachtúil teanga a chosaint, beag beann ar aon athruithe pearsanra a d'fhéadfadh tarlú sa todhchaí.

Rinne Oifig an Choimisinéara Teanga achoimre ar ocht ngníomh in 2019 a bhí riachtanach chun na moltaí a rinneadh in imscrúdú IM241-B a chur i bhfeidhm. Soláthraíonn Aguisín B achoimre ar na gníomhartha sin a bhí molta, a stádas reatha, na saincheisteanna a bhaineann leo, na príomhghníomhartha atá ag teastáil anois, agus an tréimhse ama atá beartaithe chun iad a chur i bhfeidhm. Soláthraíonn Aguisín C cóip de Théarmaí Tagartha an Ghrúpa Oibre Straitéiseach Gaeilge. Tháinig an Grúpa seo le chéile trí huaire, uair amháin in 2017, uair eile in 2018 agus arís, le déanaí, i bhfómhar na bliana 2020.

Le meas,

JA HARRIS
COIMISINÉIR
AN GARDA SÍOCHÁNA

05 **Márta 2021**

Aguisín A Tionscnaimh atá Curtha i bhFeidhm le Déanaí

Cuireadh na bearta seo a leanas i bhfeidhm le cúpla mí anuas chun an Ghaeilge a chur chun cinn laistigh den Gharda Síochána:

- **Seirbhís Ateangaireachta Gaeilge**

Tá seirbhís ateangaireachta Gaeilge ar fáil anois do bhaill den Gharda Síochána a bhfuil cúnamh ag teastáil uatha seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil do bhaill den phobail. Is seirbhís luachmhar í seo a chabhróidh leis an eagraíocht seirbhís póilíneachta níos fearr a sholáthar dár bpobal i nGaeilge.

- **Treoirlínte nua maidir le teagmháil a dhéanamh le Cainteoirí Gaeilge**

Dréachtaíodh treoirlínte nua don eagraíocht a thugann chuntas ar an bprótacal atá i bhfeidhm do bhaill agus iad ag déanamh teagmháil le cainteoirí Gaeilge ar an bhfón, sa stáisiún nó ag seicphointe.

- **Cigire le Freagracht as Póilíneacht Gaeltachta**

Ceapadh Cigire le Gaeilge chuig Stáisiún Ghardaí na Ceathrún Rua. Tá freagracht tugtha dó as póilíneacht Gaeltachta, rud a chiallaíonn go mbeidh sé ag oibriú le bainistíocht shinsearach na heagraíochta chun a chinntiú go bhfuil seirbhís iomlán póilíneachta ar fáil i nGaeilge dár bpobail Ghaeltachta.

- **Fáinne Gaeilge an Gharda Síochána**

Tá sé mar aidhm againn na seirbhísí Gaeilge a chuireann muid ar fáil a mhéadú ar fud na tíre. Chomh maith leis sin tá muid ag obair i dtreo seirbhís iomlán póilíneachta dhátheangach a chur ar fáil inár bpobail Ghaeltachta. Mar chuid den aidhm seo agus chun iarracht a dhéanamh seirbhísí Gaeilge a thairiscint go réamhghníomhach do chainteoirí Gaeilge, tá an Garda Síochána tar éis Fáinne Gaeilge a choimisiúnú i gcomhar le Conradh na Gaeilge agus seolfar é go luath. Is siombail aitheanta é an Fáinne a chaitear chun líofacht sa teanga a thaispeáint chomh maith le toilteanas í a úsáid a chur in iúl. Eiseofar an Fáinne uathúil seo gan luath do bhaill den Gharda Síochána atá toilteanach a chur in iúl don phobal go bhfuil siad sásta agus ábalta a gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

- **Leithdháiltí ón bPainéal Inniúlachta Gaeilge**

Tá na leithdháiltí, de chainteoirí líofa Gaeilge, seo a leanas déanta le cúpla mí anuas. Beidh tionchar dearfach aige seo ar stáisiúin / Rannáin Ghaeltachta:

1. Tá Cigire leithdháilte ar Stáisiún Ghardaí na Ceathrún Rua.
2. Tá Garda leithdháilte ar Stáisiún Ghardaí Leitir Móir
3. Tá ball den Gharda Síochána ón Sruth Gaeilge leithdháilte chuig stáisiún Ghardaí an Chlocháin agus beidh sé ar fáil chun seirbhísí a sholáthar do Stáisiún Ghardaí an

Mháma. Níl dóthain taithí póilíneachta ag an gcomhalta seo fós chun an stáisiún tuaithe seo a chlúdach ar bhonn lánaimseartha.

4. Tá Garda leithdháilte ar Stáisiún Ghardaí Dhaingean Uí Chúis.

5. Tá dhá Gharda ar promhadh ón Sruth Gaeilge leithdháilte ar stáisiún Ghardaí Bhéal an Átha. Leanfaidh siad ar aghaidh lena gcuid oiliúna sa stáisiún sin agus beidh siad ar fáil chun cabhrú leis an easnamh atá i stáisiún Ghardaí Bhéal an Mhuirthead.

- **Dul chun cinn ar Phlean Lucht Saothair Straitéiseach an Gharda Síochána**

Leantar ag déileáil le leithdháileadh acmhainní ar fud an Gharda Síochána i gcomhthéacs leabú na pleanála don Fhórsa Saothair. Gné shuntasach de seo i rith 2021 agus 2022 is ea leithdháileadh bhaill an Gharda ar ról oifige tosaigh i Stáisiúin Gardaí. Cé go bhfuil an rolladh amach dírithe faoi láthair ar stáisiúin atá oscailte 24/7, de réir mar a gcuirfear i bhfeidhm é, beidh riachtanas líofachta Gaeilge san áireamh nuair a leithdháilfear baill an Gharda Síochána ar stáisiúin i Rannáin a fhreastalaíonn ar Ghaeltacht.

- **Oiliúint Gaeilge**

Tá obair tosaithe chun clár oiliúna Gaeilge ar líne a fhorbairt agus beidh sé ar fáil don eagraíocht ar fad sna míonna amach romhainn.

- **Straitéis Cumarsáide Gaeilge**

Forbraíodh Straitéis Cumarsáide Gaeilge do Réigiún an Iarthuaiscirt agus é mar aidhm úsáid na Gaeilge a mhéadú ar ár n-ardáin mheán shóisialta.

Aguisín B Stádas na nGnímh a mhol Oifig an Choimisinéara Teanga

Gníomh 1: Oiliúint a chur ar mheasúnóirí maidir leis an gcóras nua measúnaithe			
Stádas	**Saincheisteanna**	**Na príomhghníomhartha atá ag teastáil**	**Tréimhse Ama**
Curtha i gcrích	N/B	N/B	N/B

Gníomh 2: Clár ama soiléir ina dtabharfar faoi na measúnuithe ar chomhaltaí atá ag obair i stáisiúin Ghaeltachta			
Stádas	**Saincheisteanna**	**Na príomhghníomhartha atá ag teastáil**	**Tréimhse Ama**
Curtha i gcrích	N/B	N/B	N/B

Gníomh 3: Cinntiú go bhfuil socruithe i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil dóthain Gaeilge ag Gardaí a cheapfar chuig stáisiúin Ghaeltachta chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh tríd an meán sin.			
Stádas	**Saincheisteanna**	**Na príomhghníomhartha atá ag teastáil**	**Tréimhse Ama**
Fós ar bun	Úsáidfear an Sruth Gaeilge agus Painéal Inniúlachta na Gaeilge chun an gníomh seo a chur i bhfeidhm. Caithfear socraithe rialachais fónta a chur i bhfeidhm, áfach,	Tá gá anois Oifig na Gaeilge a fhorbairt chun Straitéis Gaeilge a bhunú, i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirítear An Coimisinéir Teanga. Mar chuid den straitéis seo, beidh an oifig freagrach as a chinntiú go bhfeidhmeoidh Grúpa Oibre Straitéiseach na Gaeilge	Fómhar 2021

	ag an am seo.	chomh héifeachtach agus is féidir agus go gcomhlíonfaidh sí a cuid dualgais mar atá leagtha amach ina théarmaí tagartha. Ina theannta sin, feidhmeoidh an tOifigeach Gaeilge mar cheannaire oibríochta chun éifeachtúlachtaí a uasmhéadú. Laistigh den chreat nua seo, beidh an tOifigeach Gaeilge freagrach freisin as a chinntiú go n-úsáidtear an Painéal Inniúlachta Gaeilge i gceart, de réir mar atá leagtha amach. Áireofar leis seo baill a earcú go gníomhach chun an Painéal a leathnú trí: • A chinntiú gur comhaltaí a bhfuil an measúnú déanta acu agus an caighdeán riachtanach bainte amach acu amháin a chuirtear san áireamh • A chinntiú go gcuirtear na baill a earcaítear tríd an Sruth Gaeilge san áireamh • Cúrsaí Gaeilge a chur chun cinn agus deiseanna a thabhairt do bhaill ar mian leo a bheith ar an bpainéal uasghrádú a dhéanamh ar a gcuid scileanna. Déanfaidh Oifig na Gaeilge monatóireacht leanúnach ar chumais inniúlachta Gaeilge na mball atá ag obair i stáisiúin Ghaeltachta, déanfar anailís ar na sonraí maidir le baill ag dul ar scor agus aistrithe, agus cinnteofar go n-úsáidtear an fhaisnéis seo go héifeachtach chun líon na mball a bhfuil líofacht sa Ghaeilge acu i stáisiúin Ghaeltachta a mhéadú.	

Gníomh 4:

Cinntiú go bhfuil socruithe cuí i bhfeidhm maidir le comhaltaí atá ag fónamh i stáisiúin atá lonnaithe i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta, Stáisiúin Seirbhíse Gaeltachta.

Stádas	**Saincheisteanna**	**Na príomhghníomhartha atá ag teastáil**	**Tréimhse Ama**
Fós ar bun	Baineann alt 33 (2) d'Acht Garda Síochána 2005, le gach stáisiún Garda i gceantar ina bhfuil limistéar Gaeltachta ann. Cuimsíonn sé seo líon mór stáisiún i seacht Rannán éagsúla ar fud na tíre, mar shampla, Stáisiún Ghardaí Bhóthar na Trá. Caithfear beartas foirmiúil a chur le chéile chun a chinntiú go gcuirtear an gníomh seo i bhfeidhm go hiomlán.	Tá gá anois le hOifig na Gaeilge a fhorbairt chun a chinntiú go bhfuil Straitéis nua Gaeilge i bhfeidhm. Aimseoidh an straitéis seo an céatadán de chainteoirí Gaeilge a theastaíonn i stáisiúin a bhfreastalaíonn ar cheantair Ghaeltachta, rud a chinnteoidh go bhfuil seirbhísí sásúla ar fáil trí mheán na Gaeilge sna pobail sin. Úsáidfear Painéal Inniúlachta na Gaeilge chun é seo a dhéanamh.	Fómhar 2021

Gníomh 5:

Cinntiú go bhfuil socruithe cuí i bhfeidhm maidir le comhaltaí a earcaíodh tríd an Sruth Gaeilge sa bpróiseas earcaíochta.

Stádas	**Saincheisteanna**	**Na príomhghníomhartha atá ag teastáil**	**Tréimhse Ama**
Fós ar bun	Earcaíodh 55 comhalta tríd an Sruth Gaeilge ach níl ach triúr acu lonnaithe i Stáisiún Gaeltachta. Tá gá le socraithe rialachais fónta a chur	Tá gealltanas tugtha ag an eagraíocht go gcuirfear gach oiliúnaí nua a thagann isteach tríd an Sruth Gaeilge ar an bPainéal Inniúlachta Gaeilge agus go n-aistreofar iad chuig stáisiún Gaeltachta nó stáisiún seirbhíse Gaeltachta nuair a bheidh a	Fómhar 2021

	i bhfeidhm ag an am seo chun a chinntiú go méadaíonn an figiúr sin.	gcuid oiliúint críochnaithe acu. Cinnteoidh an Straitéis nua Gaeilge go bhfuil socruithe rialachais i bhfeidhm chun an beartas bunúsach seo a chosaint.	

Gníomh 6:

Prótacal a bhunú i gcás aonaid, ar nós an chóir tráchta, a bhíonn ar dualgas i gceantair Ghaeltacht chun a chinntiú go bhfuil ar a gcumas freastal ar an bpobal ina rogha teanga oifigiúil.

Stádas	**Saincheisteanna**	**Na príomhghníomhartha atá ag teastáil**	**Tréimhse Ama**
Fós ar bun	Rinneadh iarracht Ard-Cheannfoirt le ceantar Gaeltachta ina Roinn a spreagadh chun prótacail a chur i bhfeidhm chun cinntiú go mbeadh seicphointí rialta á dhéanamh trí Ghaeilge i gceantair Ghaeltachta. Caithfear breis bearta a chur i bhfeidhm, áfach, chun forfheidhmiú comhsheasmhach a chinntiú.	Grúpa Oibre Straitéiseach na Gaeilge a thabhairt le chéile arís sna míonna amach romhainn chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le prótacail den tsórt seo a fhorbairt dá Rannáin. Beidh sé mar aidhm na beartais seo a leabú sa Straitéis nua Gaeilge atá beartaithe.	Fómhar 2021

Gníomh 7: Clár oiliúna a chur ar fáil do chomhaltaí atá lonnaithe i stáisiúin Ghaeltachta faoi láthair chun cuidiú leo cur lena gcumas teanga.			
Stádas	**Saincheisteanna**	**Na príomhghníomhartha atá ag teastáil**	**Tréimhse Ama**
Fós ar bun	Tá cúrsaí Gaeilge ar líne á fhorbairt faoi láthair don eagraíocht agus táthar ag súil go mbeidh siad ar fáil do pearsanra iomlán na heagraíochta sa dara leath de 2021.	Tá gá anois le hOifig na Gaeilge a fhorbairt chun a chinntiú go bhfuil na struchtúir riaracháin cearta i bhfeidhm, lena n-áirítear cúrsaí a chur chun cinn, taifead a choinneáil de na rannpháirtithe agus na leibhéil atá bainte amach acu a thaifead san áireamh.	Fómhar 2021

Gníomh 8: Anailís ar chomhaltaí atá ag dul ar scor ó stáisiúin Ghaeltachta sa chúig bliana amach romhainn.			
Stádas	**Saincheisteanna**	**Na príomhghníomhartha atá ag teastáil**	**Tréimhse Ama**
Curtha i gcrích	N/B	Caithfear Oifig na Gaeilge a fhorbairt anois lena chinntiú go bhfuil na sonraí a tiomsaíodh san anailís seo á n-úsáid i gceart chun a chinntiú go gcomhlíontar ár n-dualgais reachtúla.	Fómhar 2021

Aguisín C

Grúpa Oibre Straitéiseach Gaeilge

Téarmaí Tagartha

Cúlra:

Aithníonn An Garda Síochána na cearta atá ag saoránaigh a gcuid gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge agus táthar go hiomlán tiomanta seirbhísí Gaeilge a sholáthar don phobal, go háirithe pobal na Gaeltachta. Chomh maith le sin tá dualgais reachtúla ar an eagraíocht faoi Fho-alt 33(2) d'Acht an Gharda Síochána 2005 chun a chinntiú, sa mhéid is atá indéanta, go mbeidh comhaltaí den Gharda Síochána a bheidh lonnaithe i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta inniúil go leor sa Ghaeilge chun a chumasú dóibh í a úsáid go saoráideach le linn dóibh a ndualgais a chomhall. Bunaíodh an Grúpa Oibre Straitéiseach Gaeilge chun cur chuige comhordaithe agus comhsheasmhach a chinntiú d'fhonn líon na mball a bhfuil líofacht sa Ghaeilge acu i stáisiúin Gardaí Gaeltachta a mhéadú.

Ballraíocht an Ghrúpa Oibre:

Beidh na baill bhuana seo a leanas mar chuid den Ghrúpa Oibre Straitéiseach Gaeilge:

- Stiúrthóir Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine (Cathaoirleach)
- Ard-Cheannfort Acmhainní Daonna
- Oifigeach Gaeilge an Gharda Síochána
- Gach Ard-Cheannfort le ceantar Gaeltachta ina Roinn.
- Ard-Cheannfort ainmnithe ó Réigiúin RCBÁC

Aidhmeanna:

1. Straitéis fhadtéarmach a chur i bhfeidhm chun líon na mball atá líofa a dhóthain sa Ghaeilge a mhéadú le cur ar a gcumas a gcuid dualgas a chomhlíonadh trí Ghaeilge i stáisiúin Ghaeltachta.

2. A chinntiú le himeacht ama gur stáisiún iomlán dátheangach é gach stáisiún Gardaí atá suite i gceantar Gaeltachta.

3. A chinntiú le himeacht ama go mbeidh gach stáisiún Gardaí atá suite lasmuigh de theorainneacha Gaeltachta ach a fhreastalaíonn ar na ceantair sin ina stáisiún leath-dhátheangach.

4. A chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtach as an bPainéal Inniúlachta Gaeilge.

5. A chinntiú go bhfuil measúnuithe cuí Gaeilge á ndéanamh ar bhaill lena bhfuil sé i gceist iad a aistriú chuig stáisiún Gaeltachta.

6. A chinntiú go roinntear dea-chleachtais le baill eile.

Minicíocht na gCruinnithe:

Buailfidh an Grúpa Oibre Straitéiseach Gaeilge lena chéile ar a laghad dhá uair in aghaidh na bliana, agus níos minice má theastaíonn sé.

Athbhreithniú ar na Téarmaí Tagartha:

Déanfar athbhreithniú ar na Téarmaí Tagartha de réir mar is gá.

An Garda Síochána

Oifig an Choimisinéara
An Garda Síochána
Páirc an Fhionnuisce
Baile Átha Cliath 8
Éire
D08 HN3X

Office of the Commissioner
Garda Headquarters
Phoenix Park
Dublin 8
Ireland
D08 HN3X

Láithreán Gréasáin / Website:
www.garda.ie

Ríomhphost / E-mail:
commissioner@garda.ie

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

Please quote the following ref. number:
Luaigh an uimhir tharaghta seo a leanas le do thoil:

CMR 34-162304/19

An Coimisinéir Teanga,
An Spidéal,
Gaillimh.
H91 VK23

Maidir le: Tuarascáil Faireacháin 2019

A Choimisinéir, a chara,

Go raibh maith agat as do litir dár dáta 11 Lúnasa 2020 agus an Tuarascáil Faireacháin a bhí iniata. Tá breithniú déanta agus suntas tugtha don ábhar a bhí ann.

Tá an Garda Síochána fós go hiomlán tiomanta seirbhísí póilíneachta trí Ghaeilge a chur ar fáil. Aithníonn muid gur riachtanas reachtúil é seo agus go bhfuil dlúthcheangal aige le seirbhísí póilíneachta maithe a sholáthar don phobal.

Cé gur eascair an cás seo ó ghearán a bhí ag ball den phobal maidir le seirbhísí i stáisiún Gardaí an Bhuna Bhig, i nGaeltacht Dhún na nGall, tá an bhéim anois curtha againn, mar ba cheart, ar gach ceantair Ghaeltachta agus muid ag iarraidh réitigh a aimsiú.

Sula rachfar i ngleic leis an gceithre mholadh thíos, a lua tú sa Tuarascáil Faireacháin (a bhaineann leis an ngearán ó 2011), is mian liom comhthéacs tábhachtach a leagann amach trí aird a tharraingt ar an dúshlán is mó atá againn; níl dóthain Gardaí againn, le líofacht sa Ghaeilge, ag iarraidh a bheith ag fónamh i stáisiúin Ghaeltachta, le roinnt eisceachtaí i gcuid de na stáisiúin i nGaillimh agus Corcaigh.

Dúshlán soláthair acmhainní don lucht saothair é seo, go bunúsach, gurb ionann na scileanna, líofacht sa Ghaeilge sa chás seo, agus an méid ball a leithdháiltear ar cheantair Ghaeltachta.

Rinneadh an gearán seo i 2011 ag am ina raibh an tír i lár drochchúlú eacnamaíochta. Bhí tionchar diúltach aige seo ar líon na nGardaí san eagraíocht, líon na nGardaí i gceantair Ghaeltachta ina measc. De bharr an mhoratóra, bhí laghdú glan de 1,768[1] ar líon na gcomhaltaí san fhórsa ó 2009 go 2014.

Dé bharr athbhreithniú iomlán ar liúntais na nGardaí i 2012 cuireadh stop leis an 'Liúntas Gaeltachta' do fhaighteoirí nua. Bhí an liúntas breise seo a bhí ina liúntas inphinsin, ina dhreasacht luachmhar chun comhaltaí le Gaeilge a mhealladh chuig stáisiúin Ghaeltachta, go háirithe na stáisiúin a bhí i gceantair iargúlta. Níl mórán féidearthachta ann go dtabharfar an liúntas seo ar ais.

Gné eile ar fiú a lua ná ár mbeartas náisiúnta leithdháiltí a chuireann srian ar chomhaltaí a bheith i bhfoisceacht 35km dá n-áit chónaithe nó d'aitreabh ceadaithe d'aon ghaol leo nó d'aon ghaol lena bpáirtí céile. Tá na srianta seo i bhfeidhm chun tionchar teaghlaigh a laghdú agus chun neamhchlaontacht sa phóilíneacht a choinneáil.

Leithdháiltear comhaltaí a earcaítear tríd an sruth Gaeilge, ar dtús, chuig stáisiúin mhóra oiliúna chun a chinntiú go bhfuil dóthain foghlaim ó thaithí faighte acu chun céim a bhaint amach go rathúil mar Gharda. Ina dhiaidh sin, aistrítear iad chuig stáisiúin Ghaeltachta nó stáisiúin a bhfreastalaíonn ar Ghaeltacht.

Tá díomá orm nach bhfuil 18 comhalta as an 55 a earcaíodh tríd an sruth Gaeilge ag fónamh i Roinn le Gaeltacht. Ba ghné é seo, den chuid is mó, do na blianta tosaigh den sruth Gaeilge agus tá roinnt fáthanna difriúla gur tharla sé seo, aistrithe ar chúiseanna leasa ina measc.

Ina theannta sin, nuair a atosaíodh earcaíocht arís tar éis an mhoratóra, tugadh tosaíocht, nuair a bhítear ag leithdháileadh Gardaí, do na ceantair ina raibh an méid is mó gá leo, ar aon lenár sprioc daoine a choinneáil sábháilte. Ar an drochuair, bhí na leithdháiltí a bhain le cuid de na comhaltaí a earcaíodh trí an sruth Gaeilge, chuig stáisiúin oiliúna i gceantair Ghaeltachta, thíos le seo. Tá mé tar éis ordú a thabhairt go gcaithfear cloí leis an mbeartas seo agus na comhaltaí ón sruth Gaeilge a aistriú chuig stáisiúin Ghaeltachta nuair a bhíonn a gcuid oiliúna críochnaithe acu.

---

[1] Roinn Dlí agus Cirt "Líon na nGardaí 2009 go 2016"
http://www.justice.ie/en/JELR/Pages/Workforce_plan

Mar sin, is é an réiteach fadtéarmach atá an ná earcaigh le Gaeilge a fhostú agus a leithdháileadh mar is cuí agus comhaltaí seanbhunaithe le Gaeilge a mhealladh chun iarratas aistrithe a dhéanamh chuig ceantair Ghaeltachta. Tabharfaidh mé cuntas thíos ar an iliomad tionscnaimh atá curtha i bhfeidhm ó 2011, ar an dá ghné sin, agus mé ag díriú ar na moltaí sainiúla a lua tú.

Tá ordú tugtha agam anois na céimeanna breise seo a leanas a chur i bhfeidhm chun seirbhísí trí Ghaeilge san eagraíocht a mhéadú:

- D'ordaigh mé go ndéantar conradh a sholáthar láithreach bonn do sheirbhís ateangaireachta Gaeilge ar an nguthán, chun gur féidir ateangaireacht ar thaobh an bhóthair nó i stáisiún a chur ar fáil d'aon bhall go náisiúnta chun déileáil le daoine a dteastaíonn seirbhísí trí Ghaeilge uathu. Seo'd é an chéad uair go mbeidh córas foirmeálta curtha i bhfeidhm chun seirbhís ateangaireachta a chur ar fáil faoi chonradh tríú páirtí.

- Ina theannta sin, tá sé iarrtha agam go leathnófar, ar an bpointe boise, an Painéal Inniúlachta Gaeilge (féach thíos i gcomhair níos mó eolais) chun Foireann Gharda na heagraíochta ina bhfuil líofacht acu sa Ghaeilge agus atá ag iarraidh aistriú chuig ceantair Ghaeltachta a chur san áireamh sa phainéal chomh maith.

Maidir leis na moltaí sainiúla a d'eascair ón imscrúdú i 2011, tá cuntas do na céimeanna atá tógtha thar na blianta agus an staid ina bhfuil rudaí faoi láthair maidir le gach moladh le fáil, le liosta do na tionscnaimh gearrthéarmach agus fadthéarmach atá curtha i gcrích le fáil in Aguisín A agus Aguisín B, faoi seach.

Moladh 1: Cinntiú gur Gardaí atá inniúil sa Ghaeilge a chuirtear ar dualgas i stáisiúin Ghaeltachta

Tá an Garda Síochána ag cinntiú go gcuirtear 10% de líon na spásanna d'iontrálaí nua ar leataobh d'iarrthóirí le Gaeilge líofa ó 2013. Cé gur ábhar díomá é go bhfuil líon na gcomhaltaí a earcaíodh tríd an sruth Gaeilge chomh beag sin, tá an sruth seo, a thosaigh an Gharda Síochána leis an Seirbhís um Cheapacháin Phoiblí, fós mar ghníomh dearfach agus réamhghníomhach inár mbeartas earcaíochta.

Tugann an tábla thíos briseadh síos do líon na gcomhaltaí a earcaíodh tríd an sruth Gaeilge agus an áit ina bhfuil siad lonnaithe faoi láthair:

Bliain Iontógála	**Líon na gcomhaltaí a earcaíodh tríd an Sruth Gaeilge**	**Líon na gcomhaltaí atá ag fónamh i stáisiúin Ghaeltachta**	**Líon na gcomhaltaí atá lonnaithe i Stáisiúin Seirbhíse Gaeltachta**	**Líon na gcomhaltaí atá lonnaithe i Roinn ina bhfuil ceantar Gaeltachta**	**Líon na gcomhaltaí atá lonnaithe i Roinn nach bhfuil ceantar Gaeltachta**
2019	3				
2018	5	0	3		2
2017	3	0	3	0	0
2016	9	0	2	2	5
2016 – MF	8	0	4	2	2
2013	27	3	11	4	9
	55	**3**	**23**	**8**	**18**

Tá gach iarracht déanta ag ADFD le blianta beaga anuas cinntiú go leithdháiltear comhaltaí a earcaíodh tríd an sruth Gaeilge chuig stáisiúin oiliúna i Ranna ina bhfuil ceantar Gaeltachta. Bíonn an stáisiún ina gcuirtear Gardaí ar Promhadh bunaithe ar iliomad gnéithe, mar shampla, sonraí coireachta, daonra, stáisiúin, riachtanais póilíneachta breise agus comhaltaí imithe ar scor. Tugtar suntas do chúinsí leasa chomh maith nuair atáthar ag déanamh cinneadh faoin stáisiún oiliúna inar cheart go gcuirtí an comhalta. Ina theannta sin, bhí laghdú 12% i líon iomlán na gcomhaltaí san eagraíocht i ndiaidh an moratóir ar earcaíochta agus bhí tionchar aige seo ar an gcaoi gur leithdháileadh comhaltaí timpeall na tíre ar feadh cúpla bliain ina dhiaidh sin. Ar an drochuair, bhí tionchar ag na gnéithe seo ar fad ar leithdháileadh comhaltaí ón sruth Gaeilge agus is é seo an chúis go bhfuil ocht gcomhalta dhéag ón sruth ag fónamh i Roinn nach bhfuil ceantar Gaeltachta ann.

Leanfaidh an sruth Gaeilge ar aghaidh mar ghné fíorthábhachtach dár gcomórtais earcaíochta sa todhchaí agus cuirfear comhaltaí a earcófar tríd an sruth seo ar an bPaineál Inniúlachta Gaeilge a bunaíodh le déanaí, gan teip. Is féidir liom dearbhú go leithdháilfear aon chomhalta a thagann isteach tríd an sruth seo chuig stáisiún oiliúna i Roinn le ceantar Gaeltachta ann, chomh fada agus nach mbíonn cúinsí eisceachtúla ann a chuireann bac leis seo.

Mar chuid den phróiseas oiliúna caithfidh Gardaí Faoi Oiliúint cuspóirí criticiúla a bhaint amach. Cuirtear Gardaí Faoi Oiliúint chuig stáisiúin oiliúna ar dtús chun a

chinntiú go bhfaigheann siad an méid is mó taithí póilíneachta agus gur féidir leo sula gcuirtear amach chuig ceantair níos tuaithe iad. Chomh luath agus atá an oiliúint riachtanach sin críochnaithe ag comhaltaí ón sruth Gaeilge, leithdháilfear iad mar is cuí.

Mar is léir ón eolas staitistiúil atá curtha ar fáil in Aguisín C maidir le líon na gcomhaltaí atá inniúil sa Ghaeilge i stáisiúin Ghaeltachta, tá seirbhís mhaith, ó thaobh na Gaeilge de, le fáil i roinnt mhaith de na stáisiúin agus tá cinn eile nach bhfuil an seirbhís chomh maith céanna. Déanfaidh mé cinnte go leithdháilfear Gardaí ar Promhadh ón sruth Gaeilge chuig stáisiúin Ghaeltachta ina bhfuil easnamh, nuair a bheidh a gcuid oiliúint críochnaithe acu. Úsáidfear an Painéal Inniúlachta Gaeilge, nuair is féidir, chun folúntais iarmharacha eile i stáisiúin Ghaeltachta a líonadh amach anseo.

Nuair a leithdháilfear comhaltaí ón sruth Gaeilge déanfar sainaithint ar na comhaltaí sin do lucht bainistíochta áitiúla agus ar an bhFeasacháin Pearsanta. Beidh treoracha leis na bhfógraí seo nach acmhainní Roinne iad na comhaltaí seo ach go bhfuil siad leithdáilte chuig Stáisiún Gaeltachta go sonrach agus nach féidir iad a aistriú taobh istigh den Roinn gan cead a fháil ó ADFD ar dtús.

D'eascair an beartas atá againn ar an bPainéal Inniúlachta Gaeilge ó Threoir Ceanncheathrú i 2018. Cinntíonn an beartas seo go bhfuil muid ag comhlíonadh ár ndualgais reachtúla mar gur comhaltaí atá sách inniúil sa Ghaeilge amháin atá aistrithe chuig stáisiúin Ghaeltachta ar fud na tíre. Tugann Aguisín F níos mó eolais ar an bPainéal Inniúlachta Gaeilge.

Leis an bPainéal Inniúlachta Gaeilge anois i bhfeidhm, imlonnóidh lucht bainistíochta áitiúla an Gharda Síochána, i gcomhair le ADFD, comhaltaí ón bPainéal chuig stáisiúin i gceantair Ghaeltachta ina bhfuil folúntas ann, aon uair gur féidir.

Tabharfaidh tú faoi deara go bhfuil roinnt éagothroime maidir leis an áit gur mian le comhaltaí dul agus na háiteanna ina bhfuil folúntais ann. Os rud é go bhfuil an Painéal do chomhaltaí seanbhunaithe bheadh sé indéanta faoi théarmaí na scéime agus dea-chleachtas AD iarratasóir a aistriú, in aghaidh a dtola, ó abair, Gaillimh go b'fhéidir Dún na nGall nó Ciarraí, mar shampla.

Trí mhonatóireacht cúramach a dhéanamh, leanfar ar aghaidh ag baint úsáid as an bPainéal Inniúlachta Gaeilge chun líon na nGardaí atá inniúil sa Ghaeilge i stáisiúin Ghaeltachta nó stáisiúin a bhfreastalaíonn ar cheantar Gaeltachta, a mhéadú go córasach, agus leanfar ar aghaidh leis na bearta eile seo a leanas;

- Meabhrófar, trí fheachtais eolais agus feasachta, do lucht bainistíochta áitiúla, i Ranna ina bhfuil stáisiúin Gaeltachta, go bhfuil freagracht acu cloí leis na bhforáil agus na dualgais sainiúla atá luaite i dTreoir Ceanncheathrú 49/2018, dár teideal 'Painéal Inniúlachta Gaeilge'.

- Leanfaidh Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine ag comhoibriú le lucht bainistíochta áitiúla maidir le haon aistrithe chuig/amach as aon stáisiún atá lonnaithe i gceantar Gaeltachta, chun a chinntiú, chomh fada agus atá praiticiúil, gurb iad Gardaí le líofacht sa Ghaeilge amháin atá aistrithe chuig na stáisiúin sin.

- Eiseofar meabhrúcháin dhá uair sa bhliain maidir leis an bPainéal Inniúlachta Gaeilge tríd ár gcomhardán cumarsáide inmheánach ionas go gcoinneofar feasacht timpeall air agus ionas go méadóidh líon na gcomhaltaí ar an bpainéal. Eisíodh an fógra is deireanaí cúpla mí ó shin.

Déanfar gach iarracht líon na gcomhaltaí ar Phainéal Inniúlachta na Gaeilge a mhéadú. Tá na measúnuithe i gcomhair an phainéil á dhéanamh anois trí fhíschomhdháil agus déantar iad go gairid tar éis do chomhalta iarratas a dhéanamh. Cinntíonn sé seo gur féidir linn comhaltaí a bhfuil an caighdeán cuí acu sa Ghaeilge a chur ar an bpainéal gan moill i gcaitheamh na bliana.

Cuireadh na beartais atá leagtha amach thuas i bhfeidhm, chun gach iarracht a dhéanamh cinntiú go leanfaidh an Garda Síochána ag comhlíonadh na bhforáil atá leagtha amach in Alt 33(2), d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Mar atá le sonrú in Aguisín C, tá 12 stáisiún againn ina bhfuil 100% de na comhaltaí líofa sa Ghaeilge, stáisiúin amháin go bhfuil os cionn 50% de na comhaltaí líofa agus 8 stáisiún le níos lú na 50% de na comhaltaí líofa sa Ghaeilge. Tá anailís forleathan déanta ag an nGarda Síochána ó mhí an Mheithimh 2020 maidir le hinniúlacht Gaeilge na gcomhaltaí atá ag obair i stáisiúin Ghaeltachta agus na féidearthachtaí atá ann líon na gcomhaltaí le Gaeilge a mhéadú trí fholúntais a thagann aníos de bharr comhaltaí ag dul ar scor. Tá sonraí le fáil in Aguisín E maidir leis na féidearthachtaí sin.

Tá sonraí le fáil in Aguisín D maidir le líon na gcomhalta le hinniúlacht Gaeilge ag leibhéal 3 nó níos lú ar Chreat Inniúlachta an Gharda Síochána sa Ghaeilge Labhartha. Tá maoiniú díreach ceadaithe ag Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine d'oiliúint Gaeilge agus beifear ag comhoibriú le Gaelchultúr chun cúrsaí Gaeilge ar líne a chur ar fáil do phearsanra iomlán an Gharda Síochána. Forbrófar dhá chúrsa Gaeilge a bheidh dírithe ar fhoghlaimeoirí ag leibhéal 2 agus 3 agus tá socruithe á dhéanamh faoi láthair maidir leis na dátaí ina mbeidh na cúrsaí seo críochnaithe.

Tá cúrsaí foirne i stáisiúin Ghaeltachta faoi athbhreithniú leanúnach. Tá comhaltaí ag céim an Gharda agus an tSáirsint, le líofacht sa Ghaeilge acu, ainmnithe ar an bPainéal Inniúlachta Gaeilge agus cabhróidh sé seo, mar aon leis na próisis agus nósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm anois taobh istigh d'Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine, i gcomhréir le lucht bainistíochta áitiúla, chun líon na gcomhaltaí le Gaeilge líofa a mhéadú sna stáisiúin Ghaeltachta seo.

Go fadtéarmach, beidh comhoibriú straitéiseach, bainistiúil agus oibríochtúil ag teastáil ó gach taobh den eagraíocht chun ár ndualgais reachtúla a chomhlíonadh agus a bhainistiú.

Mar atá le sonrú ón tábla thuas a bhaineann leis an sruth Gaeilge, tá comhaltaí le Gaeilge le fáil scaipthe trasna ar Ranna a bhfreastalaíonn ar cheantair Ghaeltachta agus is é an t-aiseolas ó lucht bainistíochta áitiúla ná go bhfuil leibhéal seirbhíse trí Ghaeilge á sholáthar.

Tá muid ag oibriú, ar ndóigh, i dtreo is go mbeidh gach stáisiún Gaeltachta in ann seirbhís Gaeilge a chur ar fáil nuair atá sé ag teastáil. Is féidir le haon chomhalta atá ag iarraidh a bheith ainmnithe ar an bPainéal Inniúlachta Gaeilge na Ranna cuí a ainmniú agus oibreoidh ADFD le lucht bainistíochta sna háiteanna sin chun cinntiú go bhfuil breis comhlíontachta againn lenár dualgais reachtúla.

Moladh 2: Cinntiú nach mbainfí leas as cinneadh ná as moltaí an imscrúdaithe mar leithscéal le laghdú nó maolú a dhéanamh ar sholáthar seirbhíse cuí póilíneachta don limistéar atá i gceist.

Rinneadh breithniú ar an moladh seo, agus i gcomhairle le foireann bainistíochta sinsearacha, is féidir liom deimhniú nár baineadh leas as an gcinneadh ná as na moltaí a tháinig ón imscrúdú i 2011 mar leithscéal le laghdú nó maolú a dhéanamh ar sholáthar seirbhíse cuí póilíneachta i gceantair Ghaeltachta.

Moladh 3: Córas tástála teanga cuí a chur i bhfeidhm chun líofacht Gaeilge comhaltaí a mheas tráth a mbeifí ag beartú iad a chur chuig stáisiún i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta

Tá córas tástála nua, creat inniúlachta sa Ghaeilge labhartha nua sa áireamh, forbartha don Gharda Síochána agus táthar á chur i bhfeidhm trasna na heagraíochta chun Gardaí atá líofa sa Ghaeilge a shainaithint agus a héascú.

Moladh 4: Scrúdaigh an raibh impleachtaí ag cinneadh an imscrúdaithe seo ó thaobh na ndúichí ar fad de chuid an Gharda Síochána ina bhfuil limistéir Ghaeltachta agus, má bhí, go rachfaí i ngleic leo sin le géilliúlacht do na dualgais reachtúla teanga a chinntiú

Is féidir liom deimhniú gur cuireadh an moladh seo i bhfeidhm go hiomlán. Tá na bearta sonracha a thóg an Garda Síochána le fáil in Aguisíní A agus B.

Tá an Garda Síochána fós go hiomlán tiomanta moltaí, mar a bhí aimsithe ag d'Oifig, a d'eascair ón imscrúdú, ó iniúchtaí agus ó Cheachtanna Foghlamtha a chur i bhfeidhm go hiomlán.

Creidim go léiríonn an méid atá sa tuairisc seo, go soiléir agus gan dabht, cé chomh toilteanach is atá an eagraíocht, an fhoireann bainistíochta agus na comhaltaí, ár ndualgais reachtúla a chomhlíonadh, chomh fada agus is féidir, i spiorad agus tríd ár gníomhartha.

Tuigeann m'fhoireann bainistíochta sinsearacha agus mé fhéin go huile agus go hiomlán an tábhacht a bhaineann lenár ndualgais a chomhlíonadh agus an freagracht atá orainn cinntiú go n-úsáidfí an teanga agus muid ag plé go laethúil leis an bpobal go háirithe iad siúd i gceantair Ghaeltachta.

Creidim go bhfuil breac-chuntas tugtha thuas do thiomantas an Gharda Síochána agus do na hiarrachtaí leanúnacha atá an eagraíocht ag déanamh chun cinntiú go bhfuil ár ndualgais á gcomhlíonadh againn. Tá mé ag tnúth le comhoibriú le chéile agus fáiltím an cumarsáid leanúnach idir ár n-eagraíochtaí chun gníomhartha dearfacha a chur i bhfeidhm i dtaca le seo.

Más mian leat, tá mé sásta casadh leat chun na ceisteanna seo a phlé níos faide.

Le meas,

J A Harris
Coimisinéir
An Garda Síochána

20 **Samhain 2020**

Aguisín A Beartais atá an Garda Síochána tar éis tabhairt faoi chun moltaí an Choimisinéara Teanga a chur i bhfeidhm

An Bun Beag:

- Aistríodh níos mó comhaltaí le Gaeilge isteach i stáisiún Gardaí an Bhuna Bhig agus chuaigh na comhaltaí eile nach raibh sách inniúil sa teanga i mbun ranganna Gaeilge.
- Ceapadh Sáirsint le Gaeilge líofa mar Sháirsint i bhfeighil ar stáisiún Gardaí an Bhuna Bhig. Tá an Sáirsint seo fós sa stáisiún agus tá an-bhaint aige i gcur chun cinn na Gaeilge sa stáisiún agus i measc an phobail agus ag déanamh cinnte go bhfuil seirbhís iomlán trí Ghaeilge ar fáil do phobal an Bhuna Bhig.
- Thug Ard-Bhainistíocht an Gharda Síochána cuairt ar an stáisiún chun feasacht maidir le dualgais an eagraíochta ó thaobh na Gaeilge de a mhéadú.

Bearta Breise:

- Rinneadh athbhreithniú ar stáisiúin Ghaeltachta eile agus rinneadh aistrithe i gcásanna go rabhthas in ann.
- Cuireadh 10% de líon na spásanna d'iontrálaí nua ar leataobh d'iarrthóirí le Gaeilge líofa sa bpróiseas earcaíochta.
- Bunaíodh Oifig na Gaeilge don Gharda Síochána.
- Rinneadh comhtháthú iomlán d'Oifig na Gaeilge agus an Oifig um Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine ag cinntiú go bhfuil riachtanais Gaeilge fite fuaite i ngach beartais agus próisis ADFD.
- Cuireadh córas nua measúnaithe i bhfeidhm, Creat Inniúlachta sa Ghaeilge Labhartha san áireamh.
- Forbraíodh Painéal Inniúlachta Gaeilge.
- Cuireadh maoiniú ar fáil do Thumchlár na Gaeltachta. Tionscnaimh é seo a thugann deis do chomhaltaí ó stáisiúin ar fud na tíre trí lá a chaitheamh ag déanamh cúrsaí lántumadh Gaeilge i nGaeltachtaí éagsúla ar fud na tíre.
- Cuireadh Feachtais Feasacha Teanga ar bun.

- Rinneadh anailís ar shonraí maidir leo siúd atá i dteideal dul ar scor i stáisiúin Ghaeltachta.
- Rinneadh sainaithint athnuaite maidir le riachtanais oiliúna Gaeilge leanúnach
- Cuireadh clár inseirbhíse Gaeilge don Gharda Síochána ar bun i 2011, clár a chur oiliúint Gaeilge ar fáil do chomhaltaí i Roinn Dhún na nGall, Gaillimh agus Ciarraí.
- Forbraíodh cártaí Gaeilge le nathanna úsáideacha orthu do chomhaltaí na heagraíochta.
- Glacadh páirt in Oireachtas na Gaeilge le blianta beaga anuas chun plé le pobal na Gaeilge ar bhealach fóinteach.
- Tá comhaltaí ó stáisiún Gardaí an Bhuna Bhig i mbun chláir ar Raidió na Gaeltachta i nDún na nGall le blianta beaga anuas. Tá sé i gceist mír nua maidir le Cosc ar Choireacht a chur ar siúil ar Raidió na Gaeltachta, áit go mbeidh Gardaí áitiúla ag lorg cabhair ón lucht éisteachta maidir le teagmhais éagsúla a tharlaíonn sa cheantar.
- Thug an bhainistíocht i Roinn Chiarraí faoi oibríocht thábhachtach, sé sin tá comhaltaí ón Aonad um Póilíniú Bóithre ag tabhairt faoi sheicphointí trí Ghaeilge i gceantair Ghaeltachta go rialta. Spreagadh na hOifigigh Roinne eile, i ranna ina bhfuil ceantair Ghaeltachta, tionscnaimh cosúil leis a chur i bhfeidhm.
- Cuireadh maoiniú ar fáil chun ranganna Gaeilge ar líne a fhorbairt don eagraíocht.

Tionscnaimh Nua: Le Cur i bhFeidhm ar Fud na Tíre tar éis Scéimeanna Píolótacha Rathúla

- Thosaigh Coimisinéir Cúnta Réigiúin an Iarthuaiscirt, an réigiún ina bhfuil an méid is mó ceantair Ghaeltachta ann, tionscnaimh nua, Laochra na Gaeilge, le deireanaí. Tá súil go gcuirfidh an tionscnaimh seo an Ghaeilge chun cinn san eagraíocht agus go spreagfaidh sé daoine chun an teanga a úsáid níos minice. Tá liosta do Laochra na Gaeilge curtha le chéile ag an Réigiúin agus beidh ról tábhachtach ag na comhaltaí seo próifíl na Gaeilge a ardú taobh istigh dá gceantair/Ranna fhéin agus beidh siad in ann teachtaireachtaí

tábhachtacha maidir leis an nGaeilge a scaipeadh. Táthar ag súil go mbeidh na Laochra seo in ann na tionscnaimh dearfacha ar fad atá ag tarlú ina gceantar fhéin a chur in iúl don eagraíocht agus don phobal agus go spreagfaidh siad a gcomhghleacaithe Gaeilge a úsáid ar bhonn rialta. Má éiríonn go maith leis an tionscnaimh táthar ag súil go ndéanfar aithris air i Ranna eile.

- Tosaíodh tionscnaimh nua meán sóisialta i Réigiúin an Iarthuaiscirt chun an Ghaeilge chun an Ghaeilge a chur chun cinn san eagraíocht agus chun úsáid na teanga a mhéadú ar ár n-ardáin mheán sóisialta. Cuirfidh an Preasoifig oiliúint ar Phainéal nua do chainteoirí líofa a bheidh ar fáil ina dhiaidh sin chun agallaimh a dhéanamh trí mheán na Gaeilge go háitiúil agus go náisiúnta.
- Iarradh ar Oifigigh Roinne i Réigiúin an Iarthuaiscirt dul i mbun tionscnaimh chun an Ghaeilge a chur chun cinn laistigh dá gcuid Ranna fhéin agus le sin aird a dhíriú ar chlár Scoileanna an Gharda Síochána, pearsanra a spreagadh chun agallaimh a dhéanamh trí Ghaeilge maidir le ceisteanna coireachta agus aon tionscnaimh áitiúla eile i nGaeilge. Iarradh orthu chomh maith gné éigin dó seo a chur san áireamh ina gcuid Pleananna Póilíneachta do 2021 agus na hiarrachtaí atá déanta chun úsáid na Gaeilge a fheabhsú agus chun an teanga a chur chun cinn a thaispeáint.

Aguisín B Freagra Chun Dáta ar do Chomhfhreagras dár Dáta 15 Aibreán 2020

Uimhir	Gníomh	Freagra	Toradh dár le hOifig an Choimisinéara Teanga – Aibreán 2020	Freagra An Gharda Síochána Meitheamh – Iúil 2020	Freagra Nuashonraithe ón nGarda Síochána- Mí na Samhna 2020
1.	**Oiliúint a chur ar mheasúnóirí maidir leis an gcóras nua measúnaithe** Clár ama a shocrú chun measúnóirí a chur faoi oiliúint.	Cuireadh in iúl go bhfuil oiliúint tugtha do naoi measúnóirí.	Tá sé tugtha le fios ag an nGarda Síochána dúinn go bhfuil córas bunaithe aici chun inniúlacht Gaeilge a thástáil. Tuigtear dúinn áfach go bhfuil An Garda Síochána go fóill ag brath ar an toradh a baineadh amach ag tráth ar cháiligh na comhaltaí mar Ghardaí chun inniúlacht sa Ghaeilge a mheas. Is deacair, mar sin a bheith iomlán muiníneach maidir leis an leibhéal inniúlachta a thuairiscítear, seachas i gcás an naonúir a cuireadh faoi scrúdú ar an 11 Meán Fómhair 2019. Tuigim go bhfuil an córas nua a d'fhorbair an Garda Síochána curtha faoi bhráid comhlacht oiliúna teanga agus go bhfuil aiseolas maith faighte ina leith. Tuigim ón bhfreagra a cuireadh ar fáil go bhfuil an t-oiliúint cuí le	**Meitheamh 2020:** Cuireadh oiliúint ar 9 scrúdaitheoir in Aibreán 2019 agus bunaíodh an Painéal Inniúlachta Gaeilge i mí Meán Fhómhair 2019. Chuir na scrúdaitheoirí cáilithe seo measúnú Gaeilge, faoin gcóras nua, ar chomhaltaí a bhí ag iarraidh a bheith curtha san áireamh don Phainéal Inniúlachta Gaeilge i Meán Fómhair 2019. Faoi mar a luaitear sa Phlean Gníomhaíochta, tá comhaltaí sa phainéal seo a léirigh gur spéis leo oibriú i stáisiúin Ghaeltachta agus a léirigh inniúlacht ar Leibhéal 4 nó os a chionn sa Mheasúnú nua Ghaeilge.	**Tá an gníomh seo curtha i gcrích go hiomlán.**

			measúnacht a dhéanamh sna stáisiúin Ghaeltachta anois faighte ag naonúir. Ní heol dom go bhfuil aon amchlár cinnte socruithe go fóill, áfach, chun tabhairt faoin inniúlacht Gaeilge a mheas.		

Aguisín B Freagra Chun Dáta ar do Chomhfhreagras dár Dáta 15 Aibreán 2020

Uimhir	Gníomh	Freagra	Toradh dár le hOifig an Choimisinéara Teanga – Aibreán 2020	Freagra An Gharda Síochána Meitheamh – Iúil 2020	Freagra Nuashonraithe ón nGarda Síochána- Mí na Samhna 2020
2.	**Clár ama do na measúnuithe** **2.1.** Clár ama soiléir ina dtabharfar faoi na measúnuithe don Phainéal Inniúlachta Gaeilge **2.2** Clár ama soiléir ina dtabharfar faoi na measúnuithe ar chomhaltaí atá ag obair i stáisiúin Ghaeltachta	Níor cuireadh an t-eolas seo ar fáil. Cuireadh in iúl go bhfuil: • buiséad le haontú (le hathbhreithniú i 2020); • meabhrúcháin ar threoir Ceanncheathrú le heisiúint i Samhain 2019; • am agus dáta le heagrú ar a gcuirfear na measúnaithe ar siúl (le bheith athbhreithnithe 2020); • go bhfuil na Gardaí a bhfuil	Cé go bhfuil an fhoireann mheasúnaithe chuí curtha faoi oiliúint, níl aon sprioc-am ná córas cuí leagtha síos leis an measúnacht a dhéanamh. Tugadh le fios go gcuirfear tús leis sa bhliain 2020. Níor cuireadh aon eolas ar fáil ó shin go bhfuil tús curtha leis an bpróiseas. Mar aguisín don phlean gníomhaíochta, cuireadh in iúl go raibh measúnú déanta ar 11 comhalta chun áit a dhaingniú ar an bpainéal de Ghardaí atá Inniúil sa Ghaeilge i gColáiste an Gharda Síochána ar an 11 Meán Fómhair anuraidh (2018).	**Iúil 2020:** **2.1**. “Cuireadh measúnuithe Gaeilge ar súil do Phainéal Inniúlacht Gaeilge an Gharda Síochána i Mí Mheán Fómhair 2019. Eisíodh an Treoir Cheanncheathrú 49/2018 arís i Mí an Mheithimh 2020 chun iarracht a dhéanamh níos mó comhaltaí a bheith ainmnithe ar an bpainéal. Chuir beirt a n-ainmneach chun cinn le bheith ar an bpainéal. Ón mbeirt sin, tá duine amháin curtha ar an bpainéal agus táthar ag socrú am feiliúnach leis an gcomhalta eile tabhairt faoin measúnú. Tá sé i gceist go mbeidh an measúnú sin déanta roimh deireadh na míosa. Tá 10 gcomhalta ag grád Gharda anois ar an bPainéal. Eiseofar an Treoir arís i mí na Nollag 2020 agus é mar	**Tá na gníomhartha seo go hiomlán curtha i gcrích** **2.1 Measúnuithe don Phainéal Inniúlachta Gaeilge.** Bhí measúnuithe don phainéal le bheith ar bun dhá uair in aghaidh na bliana ach de bharr treoirlínte sláinte poiblí faoi láthair táthar ag tabhairt faoi na measúnuithe seo trí fhíschomhdháil. Nuair a dhéanann comhalta iarratas dul faoin measúnú don phainéal déantar é sin a éascú gan moill. Cuireadh measúnú ar thrí chomhalta ó mhí an Mheithimh 2020

		freagra tugtha acu le cur ar an eolas faoi am na measúnaithe (le bheith athbhreithnithe 2020); • go bhfuil an buiséad do 2020 le faomhadh (cinneadh le bheith déanta ina leith faoi dheireadh 2019) agus • loighistic le heagrú faoi conas measúnú a dhéanamh ar Gardaí atá lonnaithe i stáisiúin Ghaeltachta cheana féin (cinneadh le bheith déanta ina		aidhm againn an Painéal a mhéadú. Cuirfear measúnuithe ar fáil do chomhaltaí atá ag iarraidh a bheith ainmnithe ar an bPainéal dhá uair in aghaidh na bliana." **2.2**. Iarradh ar gach Roinn eolas a bhailiú maidir le gach comhalta a sainaithníonn go bhfuil a leibhéal labhartha Gaeilge, bunaithe ar uirlisí agus critéir féinmheasúnaithe ón gCreat nua Inniúlacht sa Ghaeilge Labhartha, ag Leibhéal 4 nó 5. Taispeánann Aguisín A líon na nGardaí atá ag fónamh i stáisiún Gaeltachta atá tar éis iad fhéin a shainaithint mar cainteoirí Gaeilge. Mar is eol duit, bhí deacrachtaí leis na figiúirí le blianta beaga anuas agus is é seo an fáth gur moladh go ndéanfaí measúnú ar na comhaltaí. Creidim muid go bhfuil na figiúirí nua seo cruinn.	**2.2 Measúnú a dhéanamh ar inniúlacht Ghaeilge comhaltaí atá ag oibriú faoi láthair i stáisiúin Ghaeltachta.** Baineadh úsáid as uirlisí féin-measúnaithe ón gCreat nua Inniúlacht sa Ghaeilge Labhartha. Bhí na figiúirí a tugadh d'Oifig an Choimisinéara Teanga i Mí Iúil 2020 bunaithe ar eolas a bhí ag Acmhainní Daonna tar éis dóibh iniúchadh ar bhonn náisiúnta a dhéanamh i 2018/2019 ar líon na gcainteoirí Gaeilge san eagraíocht. Níor thug na torthaí san áireamh ach iad siúd a chur in iúl go raibh líofacht ag leibhéal 4 nó 5 acu. Aimseodh chomh maith go raibh comhaltaí ann nach raibh an féin-mheasúnú déanta acu i 2018/2019 de bharr iad a bheith amuigh ag an am.

		leith faoi dheireadh 2019.)		Is é an t-aon ábhar buartha a bheadh ann, dar linn, ná go bhféadfadh go ndearna comhaltaí áirithe a thug le fios go raibh siad inniúil ar Leibhéal 3 beag is fiú dá gcumas. Is ar an gcúis seo gur iarramar go ndéanann gach Oifigeach Roinne a bhfuil stáisiún Gaeltachta ina ndlínse teagmháil le comhaltaí agus go n-iarrann siad orthu gach leibhéal inniúlachta a aithint. Beidh comhaltaí idir Leibhéal 1 agus 5 i gceist leis seo.	Rinneadh iniúchadh nua, dá bhrí sin, i stáisiúin Ghaeltachta, i mí Lúnasa 2020 áit go raibh ar gach comhalta a leibhéal inniúlachta a chur in iúl. Tháinig toradh ar ais ó gach comhalta, ach comhalta amháin, atá i mbun oibre i stáisiún Gaeltachta. Tá an comhalta siúd amuigh ar saoire bhreoiteachta fadtéarmach agus ní féidir toradh a fháil ag an am seo. Tar éis an iniúchadh sin i 2020 bhí orainn tabhairt faoi breis measúnaithe neamhfhoirmiúil ar chuid de na comhaltaí sna stáisiúin sin chun cinntiú go raibh an t-eolas cruinn.

Aguisín B Freagra Chun Dáta ar do Chomhfhreagras dár Dáta 15 Aibreán 2020

Uimhir	Gníomh	Freagra	Toradh dár le hOifig an Choimisinéara Teanga – Aibreán 2020	Freagra An Gharda Síochána Meitheamh – Iúil 2020	Freagra Nuashonraithe ón nGarda Síochána- Mí na Samhna 2020
3.	**Socruithe maidir le aistriú Gardaí le Gaeilge go stáisiúin Ghaeltachta, ardú céime ina measc.** Go ndearbhófaí na socruithe a fheidhmeofar chun a chinntiú gur Gardaí le dóthain inniúlacht sa Ghaeilge a cheapfar chuig stáisiúin atá lonnaithe i limistéar Gaeltachta nuair a dhéantar aon cheapachán de bhun: • ardú céime; • ceapachán ó phainéal aistriúcháin inmheánach an Gharda	Meabhraíodh do gach uile Príomh Cheannfort a bhfuil ceantar Gaeltachta ina rannán: • nár chóir Gardaí a aistriú ach amháin má tá an measúnú bainte amach (le bheith curtha san áireamh i bPlean Straitéiseach den Fhórsa Oibre 2020-2022); • gur chóir an painéal de Ghardaí atá	Bhí sé ar cheann de mholtaí an imscrúdaithe go ndéanfaí inniúlacht Gaeilge a mheas ag tráth go mbeadh Garda á aistriú chuig dúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta. Mar chéad chéim, bheadh an Oifig seo ag súil go gcinnteofaí gur Gardaí le Gaeilge a chuirfí ar dualgas i stáisiúin atá lonnaithe sa Ghaeltacht. Is eol dúinn gur eisíodh treoir ceanncheathrú sa bhliain 2018 a d'fhág gur ó phainéal faoi leith de Ghardaí, leis an inniúlacht chuí sa Ghaeilge, a dhéanfaí aon cheapacháin chuig stáisiúin Ghaeltachta. Ní léir dúinn, áfach, go bhfuil socruithe cinnte i bhfeidhm i gcás aistriúcháin nó ceapacháin a dhéanfaí de bhun arduithe céime nó na	**Meitheamh 2020:** Mar is eol duit, eisíodh Treoir 49/2018 ón gCeanncheathrú in 2018 lena chinntiú go raibh líofacht i nGaeilge ag aon Gharda a bhí á aistriú go dtí stáisiún Gaeltachta. Luaitear sa Treoir gur gá d'Ard-Cheannfort ar mian leis nó léi comhalta den Gharda Síochána a aistriú go stáisiún Gaeltachta a chinntiú, i dtosach, gur thug an comhalta sin faoin measúnú nua agus gur bhain sé nó sí an grád cuí amach. Eisíodh miontuairisc do gach Ard-Cheannfort a bhfuil réigiún Gaeltachta ina Roinn i mBealtaine 2019 a mheabhraigh dóibh an oibleagáid seo chomh maith. Le comhlíonadh iomlán a chinntiú, eisíodh an Treoir	Cinnteoidh na socruithe seo a leanas gur comhaltaí atá inniúil sa Ghaeilge amháin a aistreofar chuig stáisiúin Ghaeltachta: ▪ Leanfar ar aghaidh leis an sruth Gaeilge inár mbeartas earcaíochta le cur chun cinn spriocdhírithe nuair a bhíonn na comórtais ar siúil. ▪ Cinnteofar go gcuirtear comhaltaí a earcaítear tríd an sruth Gaeilge chuig stáisiún oiliúna i Roinn ina bhfuil ceantar Gaeltachta agus cinnteofar go n-aistreofar iad chuig stáisiúin Ghaeltachta nuair a bheidh a gcuid oiliúint

	Síochána; • aon socruithe eile.	inniúil sa Ghaeilge a chur i mbun a luaithe agus is féidir (le bheith athbhreithnithe 2020); • agus a chinntiú go ndéantar na céimeanna sin a luaithe agus is féidir (le bheith athbhreithnithe 2020).	socruithe a dhéanfar i gcás nach mbíonn aon chomhalta oiriúnach ar fáil ón bpainéal atá bunaithe. Tuigeann muid go bhfuil Ard-Cheannfoirt feasach agus airdeallach ar an riachtanas teanga is gá a áireamh nuair a líontar follúntas i stáisiún Gaeltachta ach creidim gur gá go mbeadh treoir soiléir in áit gur Gardaí le Gaeilge a lonnófar sna stáisiúin sin i ngach cás. Bheadh sé le tuiscint ón bhfreagra go bhfuil na gníomhartha seo go léir curtha siar go dtí 2020. Níl aon chinnteacht go gcuirfear aon cheann acu i bhfeidhm ná spriocdháta cinnte curtha le haon cheann acu.	49/2018 ón gCeanncheathrú agus an mhiontuairisc arís le deireanaí. Eiseofar na miontuairiscí seo ar bhonn rialta sna míonna amach anseo lena chinntiú go bhfuil gach Ard-Cheannfort ar an eolas gur gá dó nó di socrú a dhéanamh go dtugann Gardaí faoin measúnú nua sula n-aistrítear iad. Eisíodh an Treoir ón gCeanncheathrú freisin d'fhoireann uile an Gharda Síochána agus táthar ag súil go gcabhróidh sé seo le líon na comhaltaí atá ainmnithe ar an bPainéal, a bunaíodh i Mí Meán Fomháir 2019, a mhéadú. Mar atá luaite thuas, níor chur ach 11 comhalta isteach ar an bPainéal, agus ón 11 sin níor bhain ach 9 gcomhalta an grád a theastaigh amach. De réir mar a dhéanann an Painéal dul chun cinn, déanfar breithniú ar leithdháiltí a dhéanamh do gach gluaiseacht a dhéanann comhaltaí den	críochnaithe. ▪ Táthar chun na Gardaí ar promhaidh atá againn faoi láthair agus a tháinig isteach tríd an sruth Gaeilge a chur chuig stáisiúin Ghaeltachta nuair atá a gcuid oiliúint críochnaithe. ▪ Ní bheidh cead ag comhaltaí ón sruth Gaeilge aistriú muna bhfuil cead faighte ó ADFD ar dtús. ▪ Déanfar teagmháil rialta le hoifigigh Ranna chun cinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na bhforáil atá leagtha amach i dTreoir Ceanncheathrú 49/2018. ▪ Déanfar uasdátú ar an bPainéal Inniúlachta Gaeilge

				Gharda Síochána (aistrithe, arduithe céime, srl.) agus aird ar na comhaltaí siúd atá sa phainéal. Anuas air sin, tá breithniú agus dréachtú á dhéanamh ag an nGarda Síochána ar Phlean Lucht Saothair Straitéiseach nua i gcomhthéacs ár Samhla Oibriúcháin a dearadh le déanaí agus rachfar i ngleic leis na riachtanas a bhaineann le comhaltaí den Gharda Síochána atá líofa sa Ghaeilge a leithdháileadh go dtí Stáisiúin Ghaeltachta sa Phlean nua. **Iúil 2020:** Mar is eol duit, eisíodh Treoir Ceanncheathrú 49/2018 i 2018 chun cinntiú go Gardaí le Gaeilge a bheadh aistrigh go stáisiúin Ghaeltachta. Mar a pléadh le d'oifig cheana, eiseofar an Treoir seo dhá uair in aghaidh na bliana agus cuirfear nóta amach chuig	go rialta agus tógfar breis céimeanna chun iarracht a dhéanamh líon na gcomhaltaí atá ainmnithe ar an bpainéal a mhéadú. Déanfar é seo trí meabhrúcháin rialta a eisiúint agus comhaltaí ar mian leo dul faoi measúnú a héascú gan moill. Tá comhaltaí ag céim an Gharda agus an tsáirsint ar an bPainéal faoi láthair.

				na hArd-Cheannfoirt go rialta le meabhrú dó go bhfuil na dualgais seo orainn. Mar a luadh thuas, tá cruinniú le bheith ag an nGrúpa Oibre Straitéiseach Gaeilge i Mí Mheán Fhómhair 2020. Is deis iontach eile é seo chun na dualgais maidir le aistrithe isteach i stáisiún Gaeltachta a meabhrú do na hArd-Cheannfoirt. Mar gheall go raibh an méid sin athrú ar phearsanra le bliain go leith anuas níor chas an ghrúpa seo ar a chéile le bliain go leith anuas. Casfaidh an grúpa seo le chéile faoi dhó in aghaidh na bliana as seo amach chun cinntiú go comhaltaí ón Painéal Inniúlachta Gaeilge amháin a chuirfear ag fónamh i stáisiún Gaeltachta mar atá leagtha amach i dTreoir Cheanncheathrú 49/2018.	

Aguisín B Freagra Chun Dáta ar do Chomhfhreagras dár Dáta 15 Aibreán 2020

Uimhir	Gníomh	Freagra	Toradh dár le hOifig an Choimisinéara Teanga – Aibreán 2020	Freagra An Gharda Síochána Meitheamh – Iúil 2020	Freagra Nuashonraithe ón nGarda Síochána- Mí na Samhna 2020
4.	**Socruithe maidir le comhaltaí atá ag fónamh i stáisiúin atá lonnaithe i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta.** Go sonrófaí agus go bhfeidhmeofaí socruithe cinnte a d'fhágfadh go mbeadh dóthain Gardaí le Gaeilge ar dualgas i stáisiúin atá lonnaithe i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta.	Cuireadh eolas ar fáil dúinn i dtaca leis na nithe seo a leanas: • Plean Straitéise don Fhórsa Oibre a ullmhú (Eanáir 2020); • Liosta de stáisiúin ceantair Gaeltachta le bheith ullmhaithe (fós ar siúl, 2019); • Polasaí nó Treoir Ceanncheathrún le dréachtú (le bheith curtha san áireamh i bPlean Straitéiseach don Fhórsa Oibre 2020-2022); • Athbhreithniú a dhéanamh ar	Cé go bhfuil gníomhaíochtaí cuí aitheanta, agus tús curtha le dá cheann as ceithre cinn acu, níl aon sprioc leagtha síos i gcás aon cheann acu nó níl aon cheann acu tugtha go ceann scríbe go dtí seo, nach mór naoi mbliana tar éis de na moltaí imscrúduithe a bheith déanta. Luadh sa litir a bhí i dteannta an phlean gníomhaíochta go ngabhfadh An Garda Síochána i gcomhairle leis an gCoimisinéir Teanga i dtaca leis an athbhreithniú atá le déanamh ar chomórtas ardaithe céime go dtí Sáirsint agus Cigirí. Níl aon teagmháil déanta le m'Oifig ar an ábhar ó fuaireamar an litir dar dáta 4 Samhain 2020.	**Meitheamh 2020:** Bainfear úsáid as an bPainéal Gaeilge nuair a bheifear ag cur líon na nGardaí le dóthain Gaeilge i stáisiúin atá lonnaithe i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta san áireamh. Mar a chéile le pointe 3 thuas, a luaithe a bhíonn líonta dóthanacha ar fáil d'Acmhainní Daonna an Gharda Síochána tríd an bPainéal Inniúlachta sa Ghaeilge, déanfar comhaontú ar shocruithe uainchláir leis na hArd-Cheannfoirt ábhartha. Tá sé tábhachtach a lua chomh maith go bhfuil an Garda Síochána ag tabhairt faoin atheagrú is mó faoi láthair a rinneadh ar an bhfórsa ó bunaíodh é. Bainfidh athstruchtúrú iomlán na Ranna reatha agus aistriú ó shamhail na gceantar leis an	▪ Tá liosta do na stáisiúin atá lonnaithe i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta curtha i dtoll a chéile. ▪ Úsáidfear an Painéal Inniúlachta Gaeilge i dtaca le seo.

		chomórtas arduithe céime le céim Sáirsint agus Cigire (tús curtha leis).		tsamhail nua atá á cur i bhfeidhm. **Iúil 2020:** Mar a luaigh mé i mo litir dár dáta 10 Meitheamh 2020, bainfear úsáid as an bPainéal Gaeilge nuair a bheifear ag cur líon na nGardaí le dóthain Gaeilge i stáisiúin atá lonnaithe i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta san áireamh. Mar a chéile le pointe 3 thuas, a luaithe a bhíonn líonta dóthanacha ar fáil d'Acmhainní Daonna an Gharda Síochána tríd an bPainéal Inniúlachta sa Ghaeilge, déanfar comhaontú ar shocruithe uainchláir leis na hArd-Cheannfoirt ábhartha. Tá an Garda Síochána ag tabhairt faoin atheagrú is mó faoi láthair a rinneadh ar an bhfórsa ó bunaíodh é. Bainfidh athstruchtúrú iomlán na Ranna reatha agus aistriú ó shamhail na gceantar leis an tsamhail nua atá á cur i bhfeidhm.	

Aguisín B Freagra Chun Dáta ar do Chomhfhreagras dár Dáta 15 Aibreán 2020

Uimhir	Gníomh	Freagra	Toradh dár le hOifig an Choimisinéara Teanga – Aibreán 2020	Freagra An Gharda Síochána Meitheamh – Iúil 2020	Freagra Nuashonraithe ón nGarda Síochána- Mí na Samhna 2020
5.	**Socruithe maidir leis an Sruth Gaeilge** Go dtabharfaí le fios céard iad na socruithe a dhéanfar i gcás Gardaí a thagann tríd an bpainéal earcaíochta Gaeilge agus go háirithe an bhfuil i gceist go mbeidh siad ar dualgas i stáisiúin atá lonnaithe sa Ghaeltacht nó i ndúichí ina bhfuil limistéir Ghaeltachta. Ní heol dúinn go bhfuil aon socruithe ná amchlár cinnte déanta ina leith seo go fóill.	Gheall an Garda Síochána: • Go meabhrófaí do na comhaltaí sin nach bhfuil a dtréimhse promhaidh críochnaithe go gcaithfidh siad tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht (Nollaig 2019); • Go n-aistreofaí na comhaltaí sin go stáisiúin Ghaeltachta (ag am oiriúnach); • Go meabhrófaí do na comhaltaí atá cáilithe go	Cé gur earcaíodh breis agus 30 comhalta ó 2014 tríd an gcomórtas earcaíochta ar leith a cuireadh ar bun le comhaltaí le líofacht in Gaeilge a earcú le bheith lonnaithe i gceantair Ghaeltachta, níl eolas tugtha dúinn faoi líon na gcomhalta acu siúd atá ag feidhmiú i gceantar Ghaeltachta, más ann dóibh. Níl aon pholasaí in áit le socruithe a dhéanamh leis na comhaltaí sin a athlonnú ó stáisiúin oiliúna go dtí stáisiún Gaeltachta, in ainneoin a dtréimhsí promhaidh a bheith curtha dóibh. Níl aon spriocdháta tugtha faoina mbeidh a leithéid de pholasaí i bhfeidhm.	**Meitheamh 2020:** Mar gheall go bhfuil an Painéal Inniúlachta sa Ghaeilge bunaithe anois, cuirfear aon bhall nua a iontrálann an eagraíocht tríd an sruth Gaeilge san áireamh ar an bPainéal. Maidir le Gardaí a earcaíodh tríd an sruth Gaeilge ón mbliain 2014, agus atá a dtréimhse phromhaidh críochnaithe acu, aistríodh roinnt acu siúd chuig stáisiúin atá lonnaithe sa Ghaeltacht nó i ndúichí ina bhfuil limistéir Ghaeltachta. Meabhrófar do na comhaltaí eile nár aistríodh an gealladh a rinne siad nuair a thosaigh siad ag oibriú leis an nGarda Síochána agus iarrfar orthu a dheimhniú go bhfuil siad toilteanach aistriú go dtí stáisiún Gaeltachta nó	▪ Tá eolas tugtha maidir le líon na gcomhaltaí sa sruth Gaeilge agus an áit ina bhfuil siad ar fónamh faoi láthair. ▪ Cuirfear aon gharda faoi oiliúint nua a thagann isteach trí an sruth Gaeilge ar an bpainéal Inniúlachta Gaeilge agus aistreofar iad chuig stáisiún Gaeltachta nó stáisiún a fhreastalaíonn ar Ghaeltacht. ▪ Cuirfear na Gardaí ar promhaidh atá againn faoi láthair chuig stáisiún Ghaeltachta nuair a

		ndearna siad gealltanas nuair a tháinig siad isteach san fhórsa. (Tá an Oifig seo den tuiscint gur gealltanas tuairim is chúig bhliana a chaitheamh i stáisiún i gceantar Ghaeltachta atá i gceist.) (Nollaig 2019); • Go gcuirfí na Gardaí sin a earcaíodh tríd an tsrutha Ghaeilge leis an bPainéal do Ghardaí atá Inniúil sa Ghaeilge; • Go dtógfaí taifead dá rogha stáisiúin Ghaeltacht ó na Gardaí a		stáisiún i ndúichí ina bhfuil limistéir Ghaeltachta. Tá miontuairisc chun na críche sin, dréachtaithe agus tá athbhreithniú á dhéanamh air ó thaobh meicníocht caidreamh tionsclaíocha di faoi láthair. Déanfar teagmháil leis na comhaltaí seo chomh luath agus a bheidh an t-athbhriethniú déanta ar an miontuairisc. Coimeádfar d'Oifig ar an eolas faoi aon fhorbairtí nua agus is féidir liosta dóibh siúd atá ag fónamh i stáisiúin Ghaeltachta nó i ndúichí ina bhfuil limistéir Ghaeltachta a sheoladh chuig d'Oifgsa más mian leat . **Iúil 2020** Sampla é an Sruth Gaeilge sa phróiseas earcaíochta den bhealach a rinne an Garda Síochána iarracht chun moltaí an Choimisinéara Teanga a chur i bhfeidhm le himeacht na mblianta. Go dtí seo, earcaíodh 43 comhalta tríd an sruth seo. Tá Oifig na	bheidh a oiliúint críochnaithe. ▪ Nuair a leithdháilfear comhaltaí ón sruth Gaeilge déanfar sainaithint orthu agus ní bheidh cead ag Oifigigh Ranna iad a aistriú gan cead ó ADFD. Cinnteoidh sé seo go n-aistreofar na Gardaí seo chuig stáisiúin Ghaeltachta nó stáisiúin a fhreastalaíonn ar cheantar Gaeltachta. ▪ Rinneadh teagmháil le gach comhalta ón sruth Gaeilge agus meabhraíodh dó faoi na gealltanais a thug siad nuair a tháinig siad isteach ar an sruth. ▪ Iarradh ar chomhaltaí ón sruth Gaeilge, go bhfuil a dtréimhse

		tháinig thríd an tsruth Ghaeilge (Nollaig 2019); • Go n-ullmhófaí Polasaí lena gcuimsítear na pointí thuas (Eanáir 2020).		Gaeilge ag oibriú as lámh m'oifige chun eolas a chur le chéile maidir leis na comhaltaí siúd a earcaíodh tríd an sruth sin, a stáisiúin reatha etc. Seolfar an t-eolas sin chuig d'oifig go luath. Tá roinnt comhaltaí a earcaíodh tríd an Sruth Gaeilge agus a chríochnaigh a dtréimhse promhaidh ag oibriú faoi láthair i stáisiúin Ghaeltachta agus tá roinnt díobh ag oibriú i stáisiúin a fhreastalaíonn ar réigiún Gaeltachta. Déanfar teagmháil le gach comhalta a earcaíodh tríd an sruth agus a chríochnaigh a dtréimhse phromhaidh an tseachtain seo chugainn agus meabhrófar dóibh na gealltanais a rinne siad nuair a thosaigh siad ag oibriú. Iarrfar orthu a dheimhniú go bhfuil siad toiliúil chun aistriú go dtí stáisiún Gaeltachta nó stáisiún a fhreastalaíonn ar cheantar Gaeltachta. Cuirfimid d'oifig ar an eolas	promhaidh críochnaithe acu, a dheimhniú go bhfuil siad toiliúil aistriú chuig stáisiún Gaeltachta nó stáisiún a fhreastalaíonn ar cheantar Gaeltachta. Cuireadh na comhaltaí a bhí toilteanach ar an bpainéal Inniúlachta Gaeilge. Léirigh cuid de na comhaltaí nach raibh siad toilteanach de bharr cúinsí leasa.

				nuair a bheidh eolas breise againn. Aistreofar na comhaltaí eile chuig stáisiún Gaeltachta nó stáisiún a fhreastalaíonn ar réigiún Gaeltachta a luaithe a chríochnófar a dtréimhse phromhaidh agus go measann a nArd-Cheannfort gurb oiriúnach é sin a dhéanamh. Chinntigh Acmhainní Daonna an Gharda Síochána go ndeachaigh na comhaltaí a earcaíodh tríd an sruth Gaeilge le dhá nó trí bliana anuas chuig stáisiún oiliúna i Roinn ina bhfuil réigiún Gaeltachta.	

Aguisín B Freagra Chun Dáta ar do Chomhfhreagras dár Dáta 15 Aibreán 2020

Uimhir	Gníomh	Freagra	Toradh dár le hOifig an Choimisinéara Teanga – Aibreán 2020	Freagra An Gharda Síochána Meitheamh – Iúil 2020	Freagra Nuashonraithe ón nGarda Síochána- Mí na Samhna 2020
6.	**Prótacal maidir le sain-aonaid** Prótacal a bhunú i gcás aonaid, ar nós an chóir tráchta, a bhíonn ar dualgas i gceantair Ghaeltacht chun a chinntiú go bhfuil ar a gcumas freastal ar an bpobal ina rogha teanga oifigiúil.	Tugadh le fios go: • Go ndéantar nuashonrú ar Treoir na Ceanncheathrún 049/2018 nó go gcruthófaí treoir eile chun aonaid ar nós an cór tráchta a áireamh (Eanáir 2020); • Go gcinnteofaí go bhfuil a fhios ag Oifigigh Roinne a bhfuil ceantar Gaeltachta ina ndlínse acu go bhfuil gearán déanta (fós ar siúl); • Go mbainfí úsáid as comhaltaí ar	Cé go bhfuil roinnt gníomhaíochtaí molta anseo, ní raibh tús le cur le haon ceann acu go dtí Eanáir 2020, ná ní raibh aon spriocdháta curtha le haon cheann acu faoina mbainfí toradh críochnúil amach. I gcás na gcomhaltaí a earcaíodh tríd an sruth Gaeilge, is orthu siúd 'ar mian leo athlonnú' amháin a bhí an moladh le díriú, gníomh nach bhféadfaí a bheith cinnte go mbeadh aon toradh air.	**Meitheamh 2020** Tá Plean Lucht Saothair Straitéiseach an Gharda Síochána á athdhréachtú faoi láthair agus aird ar an athstruchtúrú atá á dhéanamh faoi Shamhail Oibriúcháin na hEagraíochta a fógraíodh i Lúnasa 2019. Áireofar leis seo Samhail Phóilíneachta Áitiúla nua atá bunaithe ar limistéir feidhme seachas ar Cheantair. Féachfaidh an Plean Lucht Saothair laistigh den tSamhail Phóilíneachta sin lena chinntiú go bhfuil na daoine cearta san áit cheart agus go mbíonn na scileanna cearta acu. Mar chuid den Phlean seo, déanfar riachtanais Ghaeilge a phríomhshruthú isteach sna próisis phleanála agus earcaíochta. Áireofar leis seo, i ndeireadh na dála, Pearsanra uile an Gharda	Mar aon le eolas a tugadh i mí Meitheamh agus Mí Iúil 2020, rinne ADFD teagmháil leis na hoifigigh Ranna chun iarracht a dhéanamh iad a spreagadh chun seicphointí rialta a dhéanamh trí Ghaeilge i gceantair Ghaeltachta.

		earcaíodh iad tríd an sruth Gaeilge más mian leo athlonnú (Eanáir 2020); Go ndéanfaí comórtas le haghaidh na haonaid seo a dhearadh do chomhaltaí a bhfuil Gaeilge líofa acu (Eanáir 2020).		Síochána a earcú, a leithdháileadh agus a aistriú agus ardú céime a thabhairt dóibh (comhaltaí agus foireann an Gharda Síochána). Rachfar i ngleic ann freisin le bearnaí amach anseo i dtaobh imeachtaí trí scor etc. **Iúil 2020** Faoi mar a luadh i mo chomhfhreagras dar dáta an 10 Meitheamh 2020, tá Plean Lucht Saothair Straitéiseach an Gharda Síochána á athdhréachtú faoi láthair agus aird ar an athstruchtúrú atá á dhéanamh faoi Shamhail Oibriúcháin na hEagraíochta a fógraíodh i Lúnasa 2019. Áireofar leis seo Samhail Phóilíneachta Áitiúla nua atá bunaithe ar limistéir feidhme seachas ar Cheantair. Féachfaidh an Plean Lucht Saothair laistigh den tSamhail Phóilíneachta sin lena chinntiú go bhfuil na daoine cearta san áit cheart agus go mbíonn na scileanna	

				cearta acu. Mar chuid den Phlean seo, tá riachtanais Ghaeilge á bpríomhshruthú isteach sna próisis phleanála agus earcaíochta.	

Aguisín B Freagra Chun Dáta ar do Chomhfhreagras dár Dáta 15 Aibreán 2020

Uimhir	Gníomh	Freagra	Toradh dár le hOifig an Choimisinéara Teanga – Aibreán 2020	Freagra An Gharda Síochána Meitheamh – Iúil 2020	Freagra Nuashonraithe ón nGarda Síochána- Mí na Samhna 2020
7.	**Clár Oiliúna** Clár oiliúna a chur ar fáil do chomhaltaí atá lonnaithe i stáisiúin Ghaeltachta faoi láthair chun cuidiú leo cur lena gcumas teanga. Thuig muid go raibh a leithéid ar siúl roimhe seo ach ní heol dúinn an bhfuiltear ag leanúint leis sa todhchaí.	Cuireadh in iúl: • Go ndéanfaí iarratas ar mhaoiniú substaintiúil le bheith faofa chun ceithre chúrsa ar líne a fhorbairt a réitíonn leis an gCreat Inniúlachta (Samhain 2019) agus • Go ndéanfaí teagmháil le Gaelchultúr chun cúrsaí Gaeilge na heagraíochta a fhorbairt nuair a bheidh an maoiniú ceadaithe (Nollaig 2019).	Níl aon chinnteacht go gceadófar aon mhaoiniú chuige seo, ná aon spriocdháta tugtha faoina mbeidh na cúrsaí forbartha agus curtha ar fáil. Níl aon eolas sa bhreis curtha ar fáil ó shin ag an Garda Síochána ag dearbhú gur ceadaíodh maoiniú, go bhfuil an cúrsa á fhorbairt ná go bhfuil tús dáta socruithe lena aghaidh.	**Meitheamh 2020** Mar gheall ar an bPaindéim COVID-19 dúnadh Coláiste an Gharda Síochána i mí Mhárta 2020 agus níor lean ar aghaidh ach oiliúint in úsáid arm tine agus oiliúint tiomána. Cé go ndeachaigh roinnt Gardaí faoi Oiliúna ar ais chuig an gColáiste ar an 25 Bealtaine 2020 is foghlaim chumaisc atá anseo agus iad ag baint úsáid as modhanna ar líne mar is gá. Táthar ag súil go mbeidh an Coláiste ag feidhmiú ar acmhainn teoranta sna míonna amach romhainn ionas go gcloífear le srianta sláinte poiblí . Mar gheall ar seo tá Coláiste an Gharda Síochána ag tabhairt faoi athbhreithniú iomlán ar an bPlean Oiliúna iomlán agus ar an mbuiséad gaolmhar don bhliain 2020 agus isteach in 2021. Cinnteoidh	Chuir Gaelchultúr tairiscint faoi bhráid an Gharda Síochána i mí Dheireadh Fómhair 2020 maidir le ranganna ar líne a chur ar fáil don eagraíocht. Tá maoiniú ceadaithe anois chun dhá chúrsa a fhorbairt a bheidh dírithe ar fhoghlaimeoirí ag leibhéal 2 agus 3.

				m'Oifig go gcuirtear Cláir Oiliúna Gaeilge san áireamh sa chlár agus go dtabharfar tús áite dó nuair a thugtar faoin bplé siúd ar an bplean leasaithe. **Iúil 2020** Bhí cruinniú ag Oifig na Gaeilge le Gaelchultúr ar an 16 Iúil 2020 agus tá tairiscint curtha le chéile maidir le cúrsa Gaeilge ar líne a chur ar fáil do gach baill foirne den Gharda Síochána agus tabharfar tús áite do seo ar an gclár agus athbhreithniú á dhéanamh ag Coláiste an Gharda Síochána ar Clár Oiliúna agus buiséad do 2020/202. Beidh muid i dteagmháil le d'oifig chomh luath agus a bheidh níos mó eolais againn ar an gceist seo.	

Aguisín B Freagra Chun Dáta ar do Chomhfhreagras dár Dáta 15 Aibreán 2020

Uimhir	Gníomh	Freagra	Toradh dár le hOifig an Choimisinéara Teanga – Aibreán 2020	Freagra An Gharda Síochána Meitheamh – Iúil 2020	Freagra Nuashonraithe ón nGarda Síochána- Mí na Samhna 2020
8.	**Anailís ar chomhaltaí atá ag dul ar scor.** Cuireadh eolas achomair ar fáil ina leith le linn na bliana 2018. Rinneadh an anailís seo in iarracht tuiscint níos fearr a fháil ar na folúntais a thiocfaidh chun chinn as seo go ceann roinnt blianta. Ní léir dúinn, áfach, go ndéantar idirdhealú san anailís idir comhaltaí le dóthain inniúlacht sa Ghaeilge le hais comhaltaí gan dóthain inniúlacht sa Ghaeilge.	• Déanfar sonraí cruinne a chur ar fáil don Choimisinéir Teanga maidir le líon na gcomhaltaí i stáisiúin Ghaeltachta a bhfuil Gaeilge acu nuair a bheidh na measúnaithe déanta (á athbhreithniú faoi láthair) • Cinnteofar gurb é duine atá ar an bPainéal de Ghardaí atá Inniúil sa Ghaeilge a ghlacann ionad comhalta eile a théann ar	Cé gur lorgaíodh figiúirí cruinne ar an ábhar seo ón nGarda Síochána sa litir den 15 Aibreán, níor cuireadh na figiúirí sin ar fáil sa fhreagra a soláthraíodh seacht mí ina dhiaidh sin. Tugadh le fios nach mbeidh ar chumas iad a chur ar fáil go dtí go bhfuil an próiseas measúnaithe, nach bhfuil sprioc-am curtha leis, in áit, agus measúnú déanta ar na comhaltaí reatha uile. In Aguisín E den litir den 4 Samhain, soláthraíodh graif ag léiriú céatadán na nGardaí i Stáisiúin Ghaeltachta atá líofa sa Ghaeilge, ach cuireadh fainic leis go raibh na figiúirí bunaithe ar an seanchóras measúnaithe. (Is ar an 20 Eanáir 2017 a cuireadh in iúl dúinn don chéad uair go raibh na figiúirí seo á n-ullmhú).	**Meitheamh 2020** Tuigimid an tábhacht a bhaineann le sonraí a bhailiú maidir le comhaltaí dul ar scor mar bhealach chun deiseanna a shainaithint chun an méid Gardaí a bhfuil líofacht acu sa Ghaeilge a mhéadú i stáisiúin Ghaeltachta. Soláthraíodh an t-eolas seo do d'oifig roimhe seo agus leanfar ar aghaidh á chur ar fáil daoibh ar bhonn rialta as seo amach. Maidir leis an idirdhealú san anailís idir comhaltaí le dóthain inniúlacht sa Ghaeilge le hais comhaltaí gan dóthain inniúlacht sa Ghaeilge, tá anailís á dhéanamh ar seo faoi láthair agus seolfar na figiúirí sin chugaibh gan moill. **Iúil 2020** Mar a bhí geallta, tá eolas le fáil in Aguisín B maidir le	Rinneadh anailís ar na rudaí seo a leanas ó mhí an Mheithimh 2020: ▪ Líon na gcomhaltaí atá inniúil sa Ghaeilge, bunaithe ar an gcóras nua measúnaithe, atá ag fónamh i stáisiúin Ghaeltachta ▪ Leibhéal inniúlachta Gaeilge do gach comhalta atá ag fónamh i stáisiún Gaeltachta. ▪ An cumas nó féidearthacht atá ann líon na gcainteoirí Gaeilge i stáisiún Ghaeltachta a mhéadú thar cúig bliana de bharr comhaltaí nach bhfuil Gaeilge acu ag dul ar

		scor ó stáisiúin Gaeltachta (fós ar siúil). Nóta – cuireadh cóip den anailís ar chomhaltaí atá ag dul ar scor ó stáisiúin Ghaeltachta ar fáil mar aguisín. Ní raibh aon briseadh síos maidir le hinniúlacht sa Ghaeilge.		comhaltaí a bheidh ag dul ar scor sa chéad 10 mbliana eile. Is eolas tábhachtach é seo agus déanfar cinnte go gcuirtear comhalta le Gaeilge in áit aon chomhalta a théann ar scor as seo amach.	scor.

An Garda Síochána

Stiúrthóir Feidhmiúcháin,
Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine,
Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Páirc an Fhionnuisce,
Baile Átha Cliath 8
D08 HN3X.

Teileafón/Tel: (01) 666 2347
Facs/Fax:

Bí linn/Join us

Executive Director,
Human Resources and People Development,
Garda Headquarters,
Phoenix Park,
Dublin 8
D08 HN3X.

Láithreán Gréasáin/Web Site: **www.garda.ie**
Ríomhphost:/Email:
HRPD.ExecutiveDirector@garda.ie

HR&PD_COMR-222677/20 (COMR/83)

An Coimisinéir Teanga
An Spidéal,
Gaillimh
H91 VK23

A Choimisinéir, a chara,

Ar an gcéad dul síos, ba mhaith liom leithscéal ó chroí a ghabháil leat mar gheall ar an moill a bhí ar fhreagairt ar an gcomhfhreagras a sheol tú an 22 Samhain 2019 agus an 12 Nollaig 2019. Tá roinnt cúiseanna gur tharla an earráid seo - athrú ar phearsanra i roinnt ranna agus briseadh amach Covid-19 ina dhiaidh sin. Glacaim leis go bhfuil an t-eolas a d'iarr tú maidir le líon na nGardaí i Stáisiúin Ghaeltachta atá líofa sa Ghaeilge faighte agat ó shin.

Tuigim, sular ghlac mé le mo phost mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine (ADFD) gur bunaíodh Grúpa Oibre Straitéiseach Gaeilge ina bhfuil ionadaithe ó d'oifigsa, chomh maith le hArd-Cheannfoirt a bhfuil ceantar Gaeltachta suite ina Ranna. Creidim gur fiontar fiúntach é seo agus táim an-díograiseach an fóram seo a bhunú arís le d'oifig. Is féidir linn cruinniú a shocrú ar do luath chaoithiúlacht.

Cé gur cuireadh moill ar dhul chun cinn, in amanna, táim cinnte go n-aontófá gur chuir an Garda Síochána roinnt bearta an-dearfacha i bhfeidhm ó foilsíodh Imscrúdú IM241-B in 2011. Tar éis na moltaí siúd, tá na gníomhartha seo a leanas tar éis titim amach:

- Tá méadú réidh tagtha le blianta beaga anuas ar líon na nGardaí i Stáisiúin Ghaeltachta atá líofa sa Ghaeilge.
- Bunaíodh Oifig Gaeilge don eagraíocht chun tacú le bainistíocht shinsearach an Gharda Síochána beartais Ghaeilge a chur chun cinn agus chun próifíl agus stádas na teanga a ardú san eagraíocht.
- Rinne an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí Sruth Gaeilge a chur san áireamh do gach comórtas earcaíochta nua don Gharda Síochána ó 2014 ar aghaidh.
- Ceapadh córas nua measúnaithe don eagraíocht, creat nua Inniúlachta sa Ghaeilge san áireamh. Tá sé seo bunaithe ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha.
- Eisíodh Treoir 049/2018 ón gCeanncheathrú i Meán Fómhair 2018 chun Painéal do Ghardaí atá Inniúil sa Ghaeilge a fhorbairt lena n-áirítear baill ar spéis leo oibriú i stáisiúin Ghaeltachta agus a léirigh inniúlacht ar Leibhéal 4 nó os a chionn sa Mheasúnú nua.

- Cruthaíodh an Grúpa Oibre Straitéiseach Gaeilge le d'Oifigsa agus creidim go bhfuil sé ríthábhachtach go gcasaimid ar a chéile arís a luaithe agus is féidir.
- Cuireadh cistiú ar fáil do chúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht agus d'fhreastail na céadta comhalta ar na cúrsaí sin le 8 mbliana anuas.
- Tá roinnt Feachtais Feasachta ar an nGaeilge tar éis tarlú san eagraíocht ó 2012 ar aghaidh.

Chomh maith leis na gníomhartha thuas, tá athstruchtúrú córasach á dhéanamh i láthair na huaire ar Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine sa Gharda Síochána. Is éard a bheidh mar thoradh air seo, i measc rudaí eile, ná cur chuige comhtháiteach agus caighdeánaithe i ngach ceann dár bpróisis Phleanála agus Earcaíochta Lucht Saothair. De réir mar a leanann an t-athstruchtúrú seo ar aghaidh tá mé chun cinntiú go bhfuil riachtanais Ghaeilge á bpríomhshruthú isteach inár ngníomhaíochtaí Acmhainní Daonna go léir. Geallaimid inár Straitéis Daoine 2019-2021, a foilsíodh i mBealtaine 2019, chun lucht saothair éagsúil a mhealladh, a choimeád agus a fhorbairt chun sárphóilíneacht a sholáthar do na pobail ar a bhfreastalaímid. Cuirfear ár riachtanais Ghaeilge san áireamh, i ndeireadh na dála, mar nós imeachta caighdeánach sna beartais siúd mheallta, choimeádta agus forbartha.
Maidir leis an bPlean Gníomhaíochta a sheol an Garda Síochána chuig d'oifig i Samhain 2019, agus an t-eolas breise a bhí ag teastáil ina dhiaidh sin, is mian liom an t-eolas is deireanaí a chur in iúl duit:

1. Clár ama a shocrú chun measúnóirí a chur faoi oiliúint
Cuireadh oiliúint ar 9 scrúdaitheoir in Aibreán 2019 agus bunaíodh an Painéal Inniúlachta Gaeilge i mí Meán Fómhair 2019. Chuir na scrúdaitheoirí cáilithe seo measúnú Gaeilge, faoin gcóras nua, ar chomhaltaí a bhí ag iarraidh a bheith curtha san áireamh don Phainéal Inniúlachta Gaeilge i Meán Fómhair 2019. Faoi mar a luaitear sa Phlean Gníomhaíochta, tá comhaltaí sa phainéal seo a léirigh gur spéis leo oibriú i stáisiúin Ghaeltachta agus a léirigh inniúlacht ar Leibhéal 4 nó os a chionn sa Mheasúnú nua Ghaeilge.

2. Clár ama maidir le measúnuithe
Faoi mar a luaitear thuas, tá tús curtha leis an bPainéal Gaeilge agus thug gach comhalta a d'fhreagair do Threoir 49/2018 ón gCeanncheathrú faoi mheasúnuithe. Níor chur ach 11 comhalta isteach ar an bPainéal, áfach, agus ón 11 sin níor bhain ach 9 gcomhalta an grád a theastaigh amach, agus ní cuireadh ar an bPainéal ach an naonúr sin dá bharr. Comhaontaíodh go dtabharfaí an deis do chomhaltaí tabhairt faoin measúnú ar a laghad dhá uair sa bhliain, ach mar gheall ar briseadh amach Covid-19, níor tharla na measúnuithe go fóill i mbliana. Tá socrú déanta, áfach, go gcuirfear na measúnaithe ar siúl roimh Mí Meán Fómhair 2020. De bharr go bhfuil Coláiste na nGardaí dúnta faoi láthair agus chun déanamh cinnte go bhfuiltear ag cloí le treoirlínte sláinte poiblí, tá sé i gceist againn go ndéanfar na measúnaithe seo trí fhíschomhdháil.

Maidir le measúnú a dhéanamh ar inniúlacht Ghaeilge comhaltaí atá ag oibriú faoi láthair i stáisiúin Ghaeltachta, tugadh saincheisteanna chun solais a bhaineann leis an bhféidearthacht go mbeadh drogall ar chomhaltaí áirithe tabhairt faoi mheasúnú labhartha sa Ghaeilge. Cuireadh tús le hidirchaidreamh le comhlachais an Gharda Síochána maidir leis an tsaincheist seo chun go ndéantar comhaontú ar rogha oiriúnach a luaithe agus is féidir.

Idir an dá linn, áfach, chun iarracht a dhéanamh inniúlacht Ghaeilge comhaltaí an Gharda Síochána a mheas go cruinn, iarradh ar gach Roinn a chinntiú go sainaithníonn gach comhalta atá ag oibriú a leibhéal labhartha Gaeilge trí úsáid a bhaint as uirlisí agus critéir féinmheasúnaithe ón gCreat nua Inniúlacht Labhartha sa Ghaeilge. Iarradh ar gach ball athbhreithniú a dhéanamh ar na hUirlisí Féinmheasúnaithe Inniúlacht Labhartha sa Ghaeilge agus an leibhéal Gaeilge labhartha a chur in iúl a cheapann siad a bhaineann siad amach. Tá anailís á dhéanamh ar na figiúirí sin i láthair na huaire agus cuirfear iad ar fáil do d'oifigsa gan moill .

3. Socruithe maidir le Gardaí a lonnú i stáisiúin Ghaeltachta, ardaithe céime ina measc
Mar is eol duit, eisíodh Treoir 49/2018 ón gCeanncheathrú in 2018 lena chinntiú go raibh líofacht i nGaeilge ag aon Gharda a bhí á aistriú go dtí stáisiún Gaeltachta. Luaitear sa Treoir gur gá d'Ard-Cheannfort ar mian leis nó léi comhalta den Gharda Síochána a aistriú go stáisiún Gaeltachta a chinntiú, i dtosach, gur thug an comhalta sin faoin measúnú nua agus gur bhain sé nó sí an grád cuí amach. Eisíodh miontuairisc do gach Ard-Cheannfort a bhfuil réigiún Gaeltachta ina Roinn i mBealtaine 2019 a mheabhraigh dóibh an oibleagáid seo chomh maith.

Le comhlíonadh iomlán a chinntiú, eisíodh an Treoir 49/2018 ón gCeanncheathrú agus an mhiontuairisc arís le deireanaí. Eiseofar na miontuairiscí seo ar bhonn rialta sna míonna amach anseo lena chinntiú go bhfuil gach Ard-Cheannfort ar an eolas gur gá dó nó di socrú a dhéanamh go dtugann Gardaí faoin measúnú nua sula n-aistrítear iad. Eisíodh an Treoir ón gCeanncheathrú freisin d'fhoireann uile an Gharda Síochána agus táthar ag súil go gcabhróidh sé seo le líon na comhaltaí atá ainmnithe ar an bPainéal, a bunaíodh i Mí Meán Fomháir 2019, a mhéadú. Mar atá luaite thuas, níor chur ach 11 comhalta isteach ar an bPainéal, agus ón 11 sin níor bhain ach 9 gcomhalta an grád a theastaigh amach. De réir mar a dhéanann an Painéal dul chun cinn, déanfar breithniú ar leithdháiltí a dhéanamh do gach gluaiseacht a dhéanann comhaltaí den Gharda Síochána (aistrithe, arduithe céime, srl.) agus aird ar na comhaltaí siúd atá sa phainéal.

Anuas air sin, tá breithniú agus dréachtú á dhéanamh ag an nGarda Síochána ar Phlean Lucht Saothair Straitéiseach nua i gcomhthéacs ár Samhla Oibriúcháin a dearadh le déanaí agus rachfar i ngleic leis na riachtanas a bhaineann le comhaltaí den Gharda Síochána atá líofa sa Ghaeilge a leithdháileadh go dtí Stáisiúin Ghaeltachta sa Phlean nua.

4. Socruithe maidir le Gardaí le dóthain Gaeilge i stáisiúin atá lonnaithe i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta
Bainfear úsáid as an bPainéal Gaeilge nuair a bheifear ag cur líon na nGardaí le dóthain Gaeilge i stáisiúin atá lonnaithe i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta san áireamh. Mar a chéile le pointe 3 thuas, a luaithe a bhíonn líonta dóthanacha ar fáil d'Acmhainní Daonna an Gharda Síochána tríd an bPainéal Inniúlachta sa Ghaeilge, déanfar comhaontú ar shocruithe uainchláir leis na hArd-Cheannfoirt ábhartha.

Tá sé tábhachtach a lua chomh maith go bhfuil an Garda Síochána ag tabhairt faoin atheagrú is mó faoi láthair a rinneadh ar an bhfórsa ó bunaíodh é. Bainfidh athstruchtúrú iomlán na Ranna reatha agus aistriú ó shamhail na gceantar leis an tsamhail nua atá á cur i bhfeidhm.

5. Socruithe maidir le Gardaí a thagann tríd an bpainéal earcaíochta Gaeilge
Mar gheall go bhfuil an Painéal Inniúlachta sa Ghaeilge bunaithe anois, cuirfear aon bhall nua a iontrálann an eagraíocht tríd an sruth Gaeilge san áireamh ar an bPainéal.

Maidir le Gardaí a earcaíodh tríd an sruth Gaeilge ón mbliain 2014, agus atá a dtréimhse phromhaidh críochnaithe acu, aistríodh roinnt acu siúd chuig stáisiúin atá lonnaithe sa Ghaeltacht nó i ndúichí ina bhfuil limistéir Ghaeltachta. Meabhrófar do na comhaltaí eile nár aistríodh an gealladh a rinne siad nuair a thosaigh siad ag oibriú leis an nGarda Síochána agus iarrfar orthu a dheimhniú go bhfuil siad toilteanach aistriú go dtí stáisiún Gaeltachta nó stáisiún i ndúichí ina bhfuil limistéir Ghaeltachta. Tá miontuairisc chun na críche sin, dréachtaithe agus tá athbhreithniú á dhéanamh air ó thaobh meicníocht caidreamh tionsclaíocha di faoi láthair. Déanfar teagmháil leis na comhaltaí seo chomh luath agus a bheidh an t-athbhriethniú déanta ar an miontuairisc. Coimeádfar d'Oifig ar an eolas faoi aon fhorbairtí nua agus is féidir liosta dóibh siúd atá ag fónamh i stáisiúin Ghaeltachta nó i ndúichí ina bhfuil limistéir Ghaeltachta a sheoladh chuig d'Oifgsa más mian leat .

6. Prótacal maidir le haonaid Speisialta
Tá Plean Lucht Saothair Straitéiseach an Gharda Síochána á athdhréachtú faoi láthair agus aird ar an athstruchtúrú atá á dhéanamh faoi Shamhail Oibriúcháin na hEagraíochta a fógraíodh i Lúnasa 2019. Áireofar leis seo Samhail Phóilíneachta Áitiúla nua atá bunaithe ar limistéir feidhme seachas ar Cheantair. Féachfaidh an Plean Lucht Saothair laistigh den tSamhail Phóilíneachta sin lena chinntiú go bhfuil na daoine cearta san áit cheart agus go mbíonn na scileanna cearta acu. Mar chuid den Phlean seo, déanfar riachtanais Ghaeilge a phríomhshruthú isteach sna próisis phleanála agus earcaíochta. Áireofar leis seo, i ndeireadh na dála, Pearsanra uile an Gharda Síochána a earcú, a leithdháileadh agus a aistriú agus ardú céime a thabhairt dóibh (comhaltaí agus foireann an Gharda Síochána). Rachfar i ngleic ann freisin le bearnaí amach anseo i dtaobh imeachtaí trí scor etc.

7. Clár Oiliúna
Mar gheall ar an bPaindéim COVID-19 dúnadh Coláiste an Gharda Síochána i mí Mhárta 2020 agus níor lean ar aghaidh ach oiliúint in úsáid arm tine agus oiliúint tiomána. Cé go ndeachaigh roinnt Gardaí faoi Oiliúna ar ais chuig an gColáiste ar an 25 Bealtaine 2020 is foghlaim chumaisc atá anseo agus iad ag baint úsáid as modhanna ar líne mar is gá. Táthar ag súil go mbeidh an Coláiste ag feidhmiú ar acmhainn teoranta sna míonna amach romhainn ionas go gcloífear le srianta sláinte poiblí.. Mar gheall ar seo tá Coláiste an Gharda Síochána ag tabhairt faoi athbhreithniú iomlán ar an bPlean Oiliúna iomlán agus ar an mbuiséad gaolmhar don bhliain 2020 agus isteach in 2021. Cinnteoidh m'Oifig go gcuirtear Cláir Oiliúna Gaeilge san áireamh sa chlár agus go dtabharfar tús áite dó nuair a thugtar faoin bplé siúd ar an bplean leasaithe.

8. Anailís ar chomhaltaí atá ag dul ar scor.
Tuigimid an tábhacht a bhaineann le sonraí a bhailiú maidir le comhaltaí dul ar scor mar bhealach chun deiseanna a shainaithint chun an méid Gardaí a bhfuil líofacht acu sa Ghaeilge a mhéadú i stáisiúin Ghaeltachta. Soláthraíodh an t-eolas seo do d'oifig roimhe seo agus leanfar ar aghaidh á chur ar fáil daoibh ar bhonn rialta as seo amach. Maidir leis an idirdhealú san anailís idir comhaltaí le dóthain inniúlacht sa Ghaeilge le hais comhaltaí gan dóthain inniúlacht sa Ghaeilge, tá anailís á dhéanamh ar seo faoi láthair agus seolfar na figiúirí sin chugaibh gan moill.

Mar fhocal scoir, is mian liom a athdhearbhú go bhfuil an Garda Síochána meáite ar na moltaí go léir a rinneadh in Imscrúdú IM241-B a chur i bhfeidhm. Is é ár sprioc ná a chinntiú gur féidir leis na comhaltaí go léir den Gharda Síochána atá ag obair i stáisiúin Ghaeltachta, le himeacht ama, tabhairt faoina ndualgais trí mheán na Gaeilge lena chinntiú go gcuirtear seirbhís iomlán ar fáil sa dá theanga oifigiúil sa phobal ar a bhfreastalaíonn sé. Táimid bródúil as an dul chun cinn suntasach atá déanta againn le blianta beaga anuas, cé go n-aithnímid go bhfuil níos mó le déanamh. Tá muid buíoch as an méid cabhair agus comhairle atá faighte againn ó d'Oifig agus tá muid dóchasach go mbeidh seirbhís phóilíneachta níos fearr i measc ball de phobal na Gaeltachta mar thoradh ar dhul chun cinn leanúnach sna míonna amach anseo. Mar atá luaite cheana, cuireann muid fáilte roimh cruinniú a shocrú leat chun aon cheist a fhreagairt ar do luath chaoithiúlacht.

Le meas

Alan Mulligan
Stiúrthóir Feidhmiúcháin,
Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine

10 **Meitheamh 2020**

An Garda Síochána

Stiúrthóir Feidhmiúcháin,
Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine,
Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Páirc an Fhionnuisce,
Baile Átha Cliath 8
D08 HN3X.

Executive Director,
Human Resources and People Development,
Garda Headquarters,
Phoenix Park,
Dublin 8
D08 HN3X.

Teileafón/Tel: (01) 666 2347
Facs/Fax:

Láithreán Gréasáin/Web Site: **www.garda.ie**
Ríomhphost:/Email:
HRPD.ExecutiveDirector@garda.ie

Bí linn/Join us

An Coimisinéir Teanga,
An Spidéal,
Gaillimh.
H91 VK23

A Choimisinéir, a chara,

Go raibh maith agat as ucht do litir dár dáta 29 Meitheamh 2020. Tuigim do dhíomá nach bhfuil moltaí an imscrúdaithe curtha i bhfeidhm go hiomlán fós ach is féidir liom dearbhú go bhfuil muid ag obair go dian chun an sprioc sin a bhaint amach chomh luath agus is féidir. Mar a luaigh mé i mo litir dár dáta 10 Meitheamh 2020 bhí roinnt athraithe maidir le pearsanra de le bliain go leith anuas agus ar an drochuair bhí tionchar mór aige seo ar cuid de na gnímh a bhí pléite a chur i bhfeidhm. Tá córas níos doichte curtha i bhfeidhm againn anois chun na moltaí a chur i bhfeidhm agus tá súil againn go mbeidh torthaí dearfacha againn dá bharr sna míonna amach romhainn.

Beidh cruinniú de chuid an Ghrúpa Oibre Straitéiseach Gaeilge ar súil i Mí Mheán Fhómhair 2020, mar chuid den ghrúpa oibre seo tá ionadaithe ó Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine, Oifig na Gaeilge agus Ard-Cheannfoirt a bhfuil ceantar Gaeltachta suite ina Ranna. Is mian liom cuireadh a thabhairt duit féin agus/nó aon ionadaí ó d'oifig a bheith i láthair ag an gcruinniú seo.

1. Measúnóirí a chur faoi Oiliúint
Is féidir liom tuairisciú, mar atá déanta roimhe seo, go bhfuil an moladh seo curtha i bhfeidhm go hiomlán.

2. Measúnuithe Gaeilge

cuireadh measúnaithe Gaeilge ar súil do Phainéal Inniúlacht Gaeilge an Gharda Síochána i Mí Meán Fhómhair 2019. Eisíodh an Treoir Cheanncheathrú 49/2018 arís i Mí an Mheithimh 2020 chun iarracht a dhéanamh níos mó comhaltaí a bheith ainmnithe ar an bpainéal. Chuir beirt a n-ainmneach chun cinn le bheith ar an bpainéal. Ón mbeirt sin, tá duine amháin curtha ar an bpainéal agus táthar ag socrú am feiliúnach leis an gcomhalta eile tabhairt faoin measúnú. Tá sé i gceist go mbeidh an measúnú sin déanta roimh deireadh na míosa. Tá 10 gcomhalta ag grád Gharda anois ar an bPainéal. Eiseofar an Treoir arís i mí na Nollag 2020 agus é mar aidhm againn an Painéal a mhéadú. Cuirfear measúnuithe ar fáil do chomhaltaí atá ag iarraidh a bheith ainmnithe ar an bPainéal dhá uair in aghaidh na bliana.

Maidir le measúnú a dhéanamh ar inniúlacht Ghaeilge comhaltaí atá ag oibriú faoi láthair i stáisiúin Ghaeltachta, mar a luadh roimhe seo, tugadh saincheisteanna chun solais a bhaineann leis an bhféidearthacht go mbeadh drogall ar chomhaltaí áirithe tabhairt faoi mheasúnú labhartha sa Ghaeilge. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gceist tá sé tugtha le fios gur bpróiseas fíorchasta a bheadh ann. Moltar, dá bhrí sin, go ndéantar inniúlacht na gcomhaltaí atá lonnaithe sa Ghaeltacht a mheas bunaithe ar na torthaí a bhfuarthas ón bhféinmheasúnú. Rinne Gaelchultúr athbhreithniú ar an bhféinmheasúnú céanna seo agus tá sé bunaithe ar scála inniúlachta aitheanta, an FTEC (CEFR). Tugadh deis do chomhaltaí measúnú a dhéanamh ar a n-inniúlacht sa Ghaeilge bunaithe ar tuairiscíní a bhí sainmhínithe go soiléir agus ar 'ráiteas is féidir liom'. Ní bealach neamhghnách é seo chun inniúlacht fostaithe i dteanga a mheas. D'úsáid fórsa póilíneachta na Breataine Bige an modh seo chun inniúlacht fostaithe sa Bhreatnaise a mheas i ranna áirithe.

Iarradh ar gach Roinn eolas a bhailiú maidir le gach comhalta a sainaithníonn go bhfuil a leibhéal labhartha Gaeilge, bunaithe ar uirlisí agus critéir féinmheasúnaithe ón gCreat nua Inniúlacht Labhartha sa Ghaeilge, ag Leibhéal 4 nó 5. Taispeánann Aguisín A líon na nGardaí atá ag fónamh i stáisiún Gaeltachta atá tar éis iad fhéin a shainaithint mar cainteoirí Gaeilge. Mar is eol duit, bhí deacrachtaí leis na figiúirí le blianta beaga anuas agus is é seo an fáth gur moladh go ndéanfaí measúnú ar na comhaltaí. Creidim muid go bhfuil na figiúirí nua seo cruinn. Is é an t-aon ábhar buartha a bheadh ann, dar linn, ná go bhféadfadh go ndearna comhaltaí áirithe a thug le fios go raibh siad inniúil ar Leibhéal 3 beag is fiú dá gcumas. Is ar an gcúis seo gur iarramar go ndéanann gach Oifigeach Roinne a bhfuil stáisiún Gaeltachta ina ndlínse teagmháil le comhaltaí agus go n-iarrann siad orthu gach leibhéal inniúlachta a aithint. Beidh comhaltaí idir Leibhéal 1 agus 5 i gceist leis seo.

Tá sé tábhachtach freisin go mbeidh muid ar an eolas ar gach comhalta a thugann le fios gur cainteoirí Leibhéal 3 iad mar gheall gur féidir roinnt de na comhaltaí seo a thabhairt aníos go dtí an caighdeán inghlactha laistigh de thréimhse ghearr ama. Cuirfimid d'oifig ar an eolas ar cé mhéid comhalta a thug le fios go bhfuil siad inniúil ar Leibhéal 3 a luaithe agus a bhíonn na figiúirí deireanacha faighte againn.

3. Gardaí le Gaeilge a aistriú chuig Stáisiúin Ghaeltachta

Mar is eol duit, eisíodh Treoir Ceanncheathrú 49/2018 i 2018 chun cinntiú go Gardaí le Gaeilge a bheadh aistrigh go stáisiúin Ghaeltachta. Mar a pléadh le d'oifig cheana, eiseofar an Treoir seo dhá uair in aghaidh na bliana agus cuirfear nóta amach chuig na hArd-Cheannfoirt go rialta le meabhrú dó go bhfuil na dualgais seo orainn.

Mar a luadh thuas, tá cruinniú le bheith ag an nGrúpa Oibre Straitéiseach Gaeilge i Mí Mheán Fhómhair 2020. Is deis iontach eile é seo chun na dualgais maidir le aistrithe isteach i stáisiún Gaeltachta a meabhrú do na hArd-Cheannfoirt. Mar gheall go raibh an méid sin athrú ar phearsanra le bliain go leith anuas níor chas an ghrúpa seo ar a chéile le bliain go leith anuas. Casfaidh an grúpa seo le chéile faoi dhó in aghaidh na bliana as seo amach chun cinntiú go comhaltaí ón Painéal Inniúlachta Gaeilge amháin a chuirfear ag fónamh i stáisiún Gaeltachta mar atá leagtha amach i dTreoir Cheanncheathrú 49/2018.

4. Socruithe maidir le Gardaí le dóthain Gaeilge i stáisiúin atá lonnaithe i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta

Mar a luaigh mé i mo litir dár dáta 10 Meitheamh 2020, bainfear úsáid as an bPainéal Gaeilge nuair a bheifear ag cur líon na nGardaí le dóthain Gaeilge i stáisiúin atá lonnaithe i ndúiche ina bhfuil limistéar Gaeltachta san áireamh. Mar a chéile le pointe 3 thuas, a luaithe a bhíonn líonta dóthanacha ar fáil d'Acmhainní Daonna an Gharda Síochána tríd an bPainéal Inniúlachta sa Ghaeilge, déanfar comhaontú ar shocruithe uainchláir leis na hArd-Cheannfoirt ábhartha.

Tá an Garda Síochána ag tabhairt faoin atheagrú is mó faoi láthair a rinneadh ar an bhfórsa ó bunaíodh é. Bainfidh athstruchtúrú iomlán na Ranna reatha agus aistriú ó shamhail na gceantar leis an tsamhail nua atá á cur i bhfeidhm.

5. An Sruth Gaeilge

Sampla é an Sruth Gaeilge sa phróiseas earcaíochta den bhealach a rinne an Garda Síochána iarracht chun moltaí an Choimisinéara Teanga a chur i bhfeidhm le himeacht na mblianta. Go dtí seo, earcaíodh 43 comhalta tríd an sruth seo. Tá Oifig na Gaeilge ag oibriú as lámh m'oifige chun eolas a chur le chéile maidir leis na comhaltaí siúd a earcaíodh tríd an sruth sin, a stáisiúin reatha etc. Seolfar an t-eolas sin chuig d'oifig go luath.

Tá roinnt comhaltaí a earcaíodh tríd an Sruth Gaeilge agus a chríochnaigh a dtréimhse promhaidh ag oibriú faoi láthair i stáisiúin Ghaeltachta agus tá roinnt díobh ag oibriú i stáisiúin a fhreastalaíonn ar réigiún Gaeltachta. Déanfar teagmháil le gach comhalta a earcaíodh tríd an sruth agus a chríochnaigh a dtréimhse phromhaidh an tseachtain seo chugainn agus meabhrófar dóibh na gealltanais a rinne siad nuair a thosaigh siad ag oibriú. Iarrfar orthu a dheimhniú go bhfuil siad toilíúil chun aistriú go dtí stáisiún Gaeltachta nó stáisiún a fhreastalaíonn ar cheantar Gaeltachta. Cuirfimid d'oifig ar an eolas nuair a bheidh eolas breise againn.

Aistreofar na comhaltaí eile chuig stáisiún Gaeltachta nó stáisiún a fhreastalaíonn ar réigiún Gaeltachta a luaithe a chríochnófar a dtréimhse phromhaidh agus go measann a nArd-Cheannfort gurb oiriúnach é sin a dhéanamh. Chinntigh Acmhainní Daonna an Gharda Síochána go ndeachaigh na comhaltaí a earcaíodh tríd an sruth Gaeilge le dhá nó trí bliana anuas chuig stáisiún oiliúna i Roinn ina bhfuil réigiún Gaeltachta.

6. Sainaonaid a Fhreastalaíonn ar Phobail Ghaeltachta

Faoi mar a luadh i mo chomhfhreagras dar dáta an 10 Meitheamh 2020, tá Plean Lucht Saothair Straitéiseach an Gharda Síochána á athdhréachtú faoi láthair agus aird ar an athstruchtúrú atá á dhéanamh faoi Shamhail Oibriúcháin na hEagraíochta a fógraíodh i Lúnasa 2019. Áireofar leis seo Samhail Phóilíneachta Áitiúla nua atá bunaithe ar limistéir feidhme seachas ar Cheantair. Féachfaidh an Plean Lucht Saothair laistigh den tSamhail Phóilíneachta sin lena chinntiú go bhfuil na daoine cearta san áit cheart agus go mbíonn na scileanna cearta acu. Mar chuid den Phlean seo, tá riachtanais Ghaeilge á bpríomhshruthú isteach sna próisis phleanála agus earcaíochta.

Idir an dá linn, faoi mar a thugamar le fios duit roimhe seo, thug an bhainistíocht shinsearach faoi oibríocht thábhachtach i Roinn Chiarraí. Tá comhaltaí ón Aonad um Póilíniú Bóithre (an APB) ag tabhairt faoi sheicphointí trí Ghaeilge i nGaeltacht Chiarraí uair sa mhí, ó 2018 ar aghaidh. Ní Gardaí áitiúla iad na comhaltaí a thugann faoi na seicphointí agus tá glacadh an-mhaith leis an tionscnamh i measc ball den phobal. Cuirtear na seicphointí seo go léir i dtaifead ar Pulse. Tá barr feabhais á chur ag Roinn Chiarraí ar an tionscnamh tábhachtach seo anois trí thabhairt faoi na gníomhartha seo a leanas:

- Tugadh eolas d'ilghníomhaireachtaí éagsúla a ghlacann páirt i seicphointí idirghníomhaireachta leis an APB ar an tionscnamh agus tugadh cuireadh dóibh chun páirt a ghlacadh. Léirigh na gníomhaireachtaí go léir atá páirteach toilteanas do pháirt a ghlacadh.
- Ainmníodh sáirsint chun gníomhú mar phointe tagartha do na gníomhaireachtaí éagsúla agus cinnteoidh sé go gcothaítear éiteas na seicphointí.
- Tá Gardaí a earcaíodh tríd an Sruth Gaeilge nó Gardaí a bhfuil Gaeilge líofa acu le húsáid agus tabharfaidh siad cúnamh ag na seicphointí seo.
- Leanfar le láithreacha na seicphointí a roghnú ag féachaint le seirbhís ionchuimsitheach a sholáthar ar fud Ghaeltacht Chiarraí.

Tá súil gur féidir é seo a mhacasamhlú i Ranna eile ina bhfuil ceantar Gaeltachta agus deanfar teagmháil le hOifigigh Roinne lena dheimhniú cibé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh Ranna eile a mhacasamhail de sheirbhís a chur i bhfeidhm. Tá an togra seo á sheoladh ar aghaidh le haghaidh athbhreithniú chuig an Leas-Choimisinéir, Póilíneacht agus Slándáil.

7. Clár Oiliúna

Bhí cruinniú ag Oifig na Gaeilge le Gaelchultúr ar an 16 Iúil 2020 agus tá tairiscint curtha le chéile maidir le cúrsa Gaeilge ar líne a chur ar fáil do gach baill foirne den Gharda Síochána

agus tabharfar tús áite do seo ar an gclár agus athbhreithniú á dhéanamh ag Coláiste an Gharda Síochána ar Clár Oiliúna agus buiséad do 2020/202. Beidh muid i dteagmháil le d'oifig chomh luath agus a bheidh níos mó eolais againn ar an gceist seo.

8. Anailís ar chomhaltaí atá ag dul ar scor.
Mar a bhí geallta, tá eolas le fáil in Aguisín B maidir le comhaltaí a bheidh ag dul ar scor sa chéad 10 mbliana eile. Is eolas tábhachtach é seo agus déanfar cinnte go gcuirtear comhalta le Gaeilge in áit aon chomhalta a théann ar scor as seo amach.

Arís, ba mhaith liom a athdhearbhú duit go bhfuil an Garda Síochána meáite na moltaí go léir a rinneadh in Imscrúdú IM241-B a chur i bhfeidhm.

Alan Mulligan
Stiúrthóir Feidhmiúcháin gníomhach
HRPD

16 **Iúil 2020**